2024/1865

30.6.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/1865 ÓN GCOMHAIRLE

an 29 Meitheamh 2024

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/1864 an 29 Meitheamh 2024 ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Bealtaine 2006, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ([2]).

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, tugtar éifeacht do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle ([3]).

(3) An 29 Meitheamh 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1864.

(4) Le Cinneadh (CBES) 2024/1864, leathnaítear an toirmeasc ar onnmhairiú earraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide agus ardfhorbartha agus tugtar isteach srianta breise ar onnmhairiú earraí a d'fhéadfadh rannchuidiú go háirithe le hacmhainneachtaí tionsclaíocha na Bealarúise a fheabhsú.

(5) Thairis sin, chun an riosca go rachfar timpeall ar bhearta sriantacha a íoslaghdú, le Cinneadh (CBES) 2024/1864, cuirtear toirmeasc ar na hearraí seo a leanas a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise: earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide, earraí agus teicneolaíocht lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála, earraí lena bhféadfaí rannchuidiú go háirithe le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha, earraí agus teicneolaíocht na Bealarúise atá oiriúnach lena n-úsáid san eitlíocht nó i dtionscal an spáis, agus airm arna n-onnmhairiú ón Aontas.

(6) Le Cinneadh (CBES) 2024/1864, forchuirtear srianta breise ar onnmhairí chuig an mBealarúis, go háirithe maidir le hearraí agus teicneolaíocht loingseoireachta muirí agus só-earraí.

(7) Le Cinneadh (CBES) 2024/1864, forchuirtear freisin toirmeasc ar dhiamaint a allmhairiú, a cheannach nó a aistriú go díreach nó go hindíreach ón mBealarúis, agus tá feidhm ag an toirmeasc sin maidir le diamaint de thionscnamh na Bealarúise, diamaint a onnmhairítear ón mBealarúis agus diamaint a dhéanann idirthuras tríd an mBealarúis. Tá feidhm ag an toirmeasc sin maidir le diamaint nádúrtha agus shintéiseacha neamhthionsclaíocha, chomh maith le seodra diamaint.

(8) Thairis sin, le Cinneadh (CBES) 2024/1864, leathnaítear an toirmeasc ar allmhairiú táirgí mianracha chun amhola a chur san áireamh agus tugtar isteach toirmeasc nua ar onnmhairiú earraí agus teicneolaíocht atá oiriúnach lena n-úsáid i scagadh ola agus i leachtú gáis nádúrtha.

(9) Ba cheart a shoiléiriú leis an Rialachán seo go bhfuil na toirmisc a bhaineann le hola gan dochar, faoi láthair, d'amhola a sheachadtar trí phíblíne ón Rúis isteach sna Ballstáit a chur d'idirthuras tríd an mBealarúis.

([1]) IO L, 2024/1864, 30.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1864/oj.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L 134, 20.5.2006, lch. 1).
([3]) Cinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L 285, 17.10.2012, lch. 1).

(10) Thairis sin, le Cinneadh (CBES) 2024/1864, cuirtear toirmeasc ar sholáthar seirbhísí áirithe do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí nó d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina stiúir trí thoirmeasc a chur ar sholáthar seirbhísí cuntasaíochta, seirbhísí iniúchóireachta, lena n-áirítear iniúchóireacht reachtúil, seirbhísí leabharchoimeádta, seirbhísí comhairliúcháin cánach, comhairliúchán gnó agus bainistíochta, agus seirbhísí caidrimh phoiblí.

(11) De bhun Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), cumhdaítear le seirbhísí cuntasaíochta, iniúchóireachta, leabharchoimeádta agus comhairliúcháin cánach idirbhearta tráchtála a thaifeadadh le haghaidh gnólachtaí agus páirtithe eile, seirbhísí scrúdúcháin maidir le taifid chuntasaíochta agus ráitis airgeadais, pleanáil agus comhairliúchán cánach gnó, agus doiciméid chánacha a ullmhú. Le seirbhísí comhairliúcháin gnó agus bainistíochta agus seirbhísí caidrimh phoiblí, cumhdaítear seirbhísí comhairleacha, treorach agus cúnaimh oibríochtúil a sholáthraítear do ghnólachtaí le haghaidh beartas gnó agus straitéis ghnó agus chun eagraíocht a phleanáil, a struchtúrú agus a rialú i gcoitinne. Áirítear freisin táillí bainistíochta, iniúchadh bainistíochta, bainistiú margaidh, acmhainní daonna, comhairliúchán maidir le bainistiú táirgthe agus bainistiú tionscadal, agus seirbhísí comhairleacha, treorach agus oibríochtúla a bhaineann le feabhas a chur ar an íomhá do na cliaint agus ar a gcaidreamh leis an bpobal i gcoitinne agus le hinstitiúidí eile.

(12) Thairis sin, le Cinneadh (CBES) 2024/1864, cuirtear toirmeasc ar sholáthar seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta chomh maith le seirbhísí comhairliúcháin TF agus seirbhísí comhairleacha dlí don Bhealarúis. I gcomhréir leis an Aicmiú Lárnach Táirgí arna socrú ag Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe sna Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, CPC sealadach, 1991, cumhdaítear le 'seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta' seirbhísí ailtireachta agus seirbhísí innealtóireachta chomh maith le seirbhísí innealtóireachta comhtháite, pleanáil uirbeach agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha agus seirbhísí comhairliúcháin eolaíochta agus teicniúla a bhaineann le hinnealtóireacht. Ceadaítear fós cúnamh teicniúil a sholáthar a bhaineann le hearraí a onnmhairítear chuig an mBealarúis, ar choinníoll nach bhfuil toirmeasc faoin Rialachán seo ar na hearraí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú tráth a sholáthraítear an cúnamh teicniúil sin. I gcomhréir freisin leis an Aicmiú Lárnach Táirgí sin, cumhdaítear le 'seirbhísí comhairliúcháin TF' seirbhísí comhairliúcháin a bhaineann le crua-earraí ríomhaireachta a shuiteáil, lena n-áirítear seirbhísí cúnaimh do chliaint chun crua-earraí ríomhaireachta, arb é atá iontu trealamh fisiciúil, agus líonraí ríomhaireachta a shuiteáil, agus seirbhísí cur chun feidhme bogearraí, lena n-áirítear gach seirbhís lena mbaineann seirbhísí comhairliúcháin maidir le bogearraí a fhorbairt agus a chur chun feidhme. I gcomhréir leis an aicmiú céanna sin, cumhdaítear le 'seirbhísí comhairleacha dlí' comhairle dlí a sholáthar do chustaiméirí in ábhair neamhchonspóideacha, lena n-áirítear idirbhearta tráchtála, a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an dlí, rannpháirtíocht le cliaint nó thar a gceann in idirbhearta tráchtála, i gcaibidlíocht agus i ndéileálacha eile le tríú páirtithe, agus doiciméid dlí a ullmhú, a fhorghníomhú agus a fhíorú. Mar sin féin, ní áirítear le 'seirbhísí comhairleacha dlí' aon ionadaíocht, comhairle, ullmhú doiciméad ná fíorú doiciméad i gcomhthéacs seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla, is é sin in ábhair nó in imeachtaí os comhair gníomhaireachtaí riaracháin, cúirteanna nó binsí oifigiúla eile atá comhdhéanta go cuí, nó in imeachtaí eadrána nó idirghabhála.

(13) Le Cinneadh (CBES) 2024/1864, cuirtear toirmeasc freisin ar sholáthar seirbhísí áirithe do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí nó d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina stiúir trí thoirmeasc a chur ar sholáthar seirbhísí fógraíochta, taighde margaidh agus pobalbhreitheanna, chomh maith le seirbhísí tástála táirgí agus cigireachta teicniúla. I gcomhréir leis an Aicmiú Lárnach Táirgí arna leagan amach ag Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe sna Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, CPC sealadach, 1991, cumhdaítear le 'Taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna' seirbhísí taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna. I gcomhréir freisin leis an Aicmiú Lárnach Táirgí sin, cumhdaítear le 'seirbhísí tástála teicniúla agus anailíse' seirbhísí tástála agus anailíse comhdhéanaimh agus íonachta, seirbhísí tástála agus anailíse airíonna fisiceacha, seirbhísí tástála agus anailíse córas comhtháite meicniúil agus leictreach, seirbhísí cigireachta teicniúla, chomh maith le seirbhísí tástála teicniúla agus anailíse eile. Ceadaítear fós cúnamh teicniúil a sholáthar a bhaineann le hearraí a onnmhairítear chuig an mBealarúis, ar choinníoll nach bhfuil toirmeasc faoin Rialachán seo ar na hearraí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú tráth a sholáthraítear an cúnamh teicniúil sin. I gcomhréir leis an aicmiú céanna sin, cumhdaítear le 'seirbhísí fógraíochta' seirbhísí díolta nó léasaithe spáis nó ama fógraíochta agus seirbhísí pleanála, cruthaithe agus socrúcháin fógraíochta, agus seirbhísí fógraíochta eile.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 184/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Eanáir 2005 maidir le staidreamh Comhphobail a bhaineann le comhardú íocaíochtaí, le trádáil idirnáisiúnta seirbhísí agus le hinfheistíocht dhíreach choigríche (IO L 35, 8.2.2005, lch. 23).

(14) Le Cinneadh (CBES) 2024/1864, tugtar isteach freisin na maoluithe is gá chun balla dóiteáin a chur ar bun, a dheimhniú nó a mheas, ar balla dóiteáin é lena mbaintear an rialú atá á fheidhmiú ag duine liostaithe ar shócmhainní eintitis neamhliostaithe de chuid an Aontais ar leis an duine liostaithe iad nó atá á rialú ag an duine liostaithe agus lena n-áirithítear nach bhfabhróidh aon tairbhe don duine sin, rud d'fhágfadh go mbeadh an t-eintiteas sin in ann leanúint dá oibríochtaí gnó.

(15) Chun ailíniú le léiriú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-72/11 a áirithiú, leasaítear le Cinneadh (CBES) 2024/1864 an fhoráil lena dtoirmisctear teacht timpeall chun a shoiléiriú go gcomhlíontar ceanglais an eolais agus na hintinne, ní hamháin i gcás ina mbíonn an cuspóir nó an éifeacht a bhaineann le teacht timpeall ar bhearta sriantacha á lorg ag duine d'aon turas ach freisin i gcás ina bhfuil duine atá rannpháirteach i ngníomhaíocht a bhfuil sé mar chuspóir nó éifeacht aici teacht timpeall ar bhearta sriantacha ar an eolas go bhféadfaidh an cuspóir nó an éifeacht sin a bheith ag an rannpháirtíocht sin, agus go nglacann sé leis an bhféidearthacht sin.

(16) D'fhonn feasacht a mhéadú maidir le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, is iomchuí go dtuairisceoidh na Ballstáit faoi na pionóis a fhorchuirtear i leith sáruithe ar na bearta sriantacha.

(17) I gcomhréir le cuspóirí chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, is iad sin an tsíocháin a chaomhnú, an tslándáil idirnáisiúnta a threisiú agus an comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn, an daonlathas, an smacht reachta, agus, go sonrach, na cuspóirí arna saothrú le Cinneadh 2012/642/CBES a chur chun cinn, is iomchuí a áirithiú go mbeidh doiciméid atá i seilbh na Comhairle, an Choimisiúin agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('An tArdionadaí') a bhaineann le forfheidhmiú na mbeart sriantach a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, nó a bhaineann le sárú nó teacht timpeall a chosc, faoi réir rúndacht ghairmiúil agus go mbeidh an chosaint acu a thugtar leis na rialacha is infheidhme maidir le hinstitiúidí an Aontais, ós rud é go bhféadfaí na doiciméid atá iontu a úsáid ar bhealach chun cosc a chur ar fhorfheidhmiú na mbeart sin nó a n-éifeachtacht a chur i mbaol, ós rud é go bhféadfadh na daoine agus na heintitis lena mbaineann gníomhú ar bhealach a chuirfeadh cosc ar a bhforfheidhmiú. Ba cheart an chosaint sin a áirithiú freisin do thograí comhpháirteacha ó Ardionadaí an Aontais agus ón gCoimisiún chun Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 agus aon doiciméad ullmhúcháin gaolmhar a leasú toisc go bhféadfaí difear a dhéanamh d'éifeachtacht na mbeart a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 agus d'ullmhú agus do chaibidlíocht ar bhonn tograí a bheidh ann amach anseo dá nochtfaí na tograí sin. Bearta áirithe i dtograí mar sin nach féidir leis an gComhairle iad a ghlacadh ar chúiseanna éagsúla, is minic iad á gcur isteach i dtograí a dhéantar ina dhiaidh sin ag an Ardionadaí agus an Coimisiún. Tá sé tábhachtach an chumhacht tionscnaimh sin a chosaint ar aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag leasanna poiblí nó príobháideacha a dhéanann iarracht, lasmuigh de chomhairliúcháin eagraithe, a cheangal ar institiúidí an Aontais agus ar a sheirbhísí leasú a mholadh, a ghlacadh, a leasú nó a chomhaontú. Dá nochtfaí na tograí sin, d'fhéadfadh na bearta féideartha nua a bheith neamhéifeachtach toisc go mbeadh sé ráite cheana féin go bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh. Dá bhrí sin, ba cheart glacadh leis go ndéanfaí dochar do shlándáil an Aontais nó do shlándáil ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit nó dá gcaidrimh idirnáisiúnta dá nochtfaí na doiciméid sin.

(18) Thairis sin, le Cinneadh (CBES) 2024/1864, tugtar isteach toirmeasc ar allmhairiú earraí lena gceadaítear don Bhealarúis a foinsí ioncaim a éagsúlú, rud a fhágann gur féidir léi a bheith rannpháirteach san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin. Áirítear gual agus táirgí eile sa toirmeasc sin.

(19) Ina theannta sin, le Cinneadh (CBES) 2024/1864, tugtar cead do na Ballstáit earraí pearsanta a ligean isteach san Aontas, ar earraí iad nach mbaineann imní shuntasach leo i ndáil le teacht timpeall, mar shampla earraí sláinteachais phearsanta, nó éadaí á gcaitheamh ag taistealaithe nó atá ina mbagáiste, agus ar léir gur beartaithe dá n-úsáid phearsanta féin nó d'úsáid phearsanta a mball teaghlaigh amháin. Déantar foráil ann freisin maidir le heisceachtaí lena gceadaítear do ghluaisteáin teacht isteach san Aontas ar chúinsí sonracha. Féadfaidh na Ballstáit staid na ngluaisteán ón mBealarúis atá ar chríoch an Aontais cheana féin a thabhairt chun rialtachta.

(20) Le Cinneadh (CBES) 2024/1864, forchuirtear toirmeasc ar allmhairiú, ceannach nó aistriú óir go díreach nó go hindíreach. Tá feidhm ag an toirmeasc sin maidir le hór de thionscnamh na Bealarúise a onnmhairítear ón mBealarúis tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(21) Le Cinneadh (CBES) 2024/1864, forchuirtear bearta sriantacha breise in earnálacha éagsúla, go háirithe in earnálacha an fhuinnimh agus na heitlíochta.

(22) Chun a áirithiú go gcuirfear na bearta a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 chun feidhme mar is ceart, is iomchuí an díolúine ón toirmeasc ar earraí a bheith á n-iompar ag gnóthais iompair de bhóthar atá bunaithe sa Bhealarúis a leathnú chuig gach ionadaíocht taidhleoireachta agus chonsalach sa Bhealarúis. Le Cinneadh (CBES) 2024/1864, leathnaítear freisin an toirmeasc ar earraí a bheith á n-iompar de bhóthar san Aontas le leantóirí agus leathleantóirí atá cláraithe sa Bhealarúis, lena n-áirítear nuair is trucailí atá cláraithe lasmuigh den Bhealarúis a tharraingíonn iad. Chun an riosca theacht timpeall a íoslaghdú, le Cinneadh (CBES) 2024/1864 leasaítear an

toirmeasc i gCinneadh 2012/642/CBES ar iompar earraí de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear earraí ar idirthuras. Oibreoirí de chuid an Aontais ar le duine nádúrtha nó dlítheanach Bealarúiseach 25 % nó níos mó díobh iad, ba cheart toirmeasc a chur orthu a bheith ina ngnóthas iompair de bhóthar nó earraí a iompar de bhóthar san Aontas, lena n-áirítear earraí ar idirthuras. Níl feidhm ag an toirmeasc maidir le gnóthais iompair de bhóthar atá faoi úinéireacht dénáisiúnach ná náisiúnach Bealarúiseach a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstát. Ba cheart do ghnóthais iompair de bhóthar a struchtúr úinéireachta a nochtadh do na húdaráis inniúla náisiúnta, arna iarraidh sin dóibh.

(23) Le Cinneadh (CBES) 2024/1864 tugtar isteach critéar breise maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá faoi réir reo sócmhainní a liostú agus maidir leis an toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine agus d'eintitis ainmnithe.

(24) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a chéile a chur ar an eolas faoi na bearta a dhéantar de bhun an Rialacháin seo agus faoi aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dóibh i ndáil leis an Rialachán seo.

(25) Le gurbh fhusa ag oibreoirí de chuid an Aontais dífheistiú ó mhargadh na Bealarúise, tugtar isteach le Cinneadh (CBES) 2024/1864 maoluithe sealadacha ar na toirmisc ar allmhairiú agus ar onnmhairiú earraí agus ar sholáthar seirbhísí áirithe a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006. Le gurbh fhusa imeacht go gasta ó mhargadh na Bealarúise, tá na maoluithe sin sealadach agus teoranta ó thaobh raon feidhme de. Leis an maolú ó na toirmisc sin ar allmhairiú agus ar onnmhairiú ar mhaithe le dífheistiú, ba cheart go gceadófaí díol, soláthar nó aistriú earraí áirithe, nó allmhairiú earraí áirithe isteach san Aontas, go dtí an 2 Eanáir 2025 agus níor cheart go mbeadh feidhm aige ach amháin maidir leis na hearraí sin a bhí lonnaithe go fisiciúil cheana sa Bhealarúis tráth a tháinig na toirmisc ábhartha i bhfeidhm. Leis an maolú ar mhaithe le dífheistiú sin faoinar féidir seirbhísí áirithe a sholáthar, ba cheart go gceadófaí, go dtí an 2 Eanáir 2025, leanúint de sheirbhísí a sholáthar do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí a bheidh ann mar thoradh ar an dífheistiú agus chun tairbhe eisiach na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí sin. Ina theannta sin, maidir leis na hearraí toirmiscthe atá fágtha sa Bhealarúis mar thoradh ar dhífheistiú, ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta a áirithiú nach rachaidh na hearraí sin chun tairbhe d'úsáideoirí deiridh míleata ná nach mbeidh úsáid deiridh mhíleata acu agus nach gcuirfear seirbhísí ar fáil do Rialtas na Bealarúise ná nach rachaidh siad chun tairbhe d'úsáideoirí deiridh míleata agus nach mbeidh úsáid deiridh mhíleata acu.

(26) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir le láimhseáil allmhairí, déantar foráil le Cinneadh (CBES) 2024/1864 do rialacha i dtaca le húdaráis chustaim na mBallstát earraí a scaoileadh ar earraí iad atá lonnaithe san Aontas go fisiciúil agus a cuireadh faoi bhráid na n-údarás custaim cheana nuair a tháinig siad faoi réir bearta sriantacha. Tá feidhm ag an bhféidearthacht go scaoilfear earraí gan beann ar na nósanna imeachta faoina gcuireadh na hearraí tar éis iad a chur faoi bhráid na n-údarás custaim trí, *inter alia*, idirthuras, próiseáil isteach, nó scaoileadh i saorchúrsaíocht, agus gan beann ar na céimeanna agus na foirmiúlachtaí nós imeachta de bhun Chód Custaim an Aontais is gá a chur i gcrích le haghaidh scaoileadh den sórt sin. Le Cinneadh (CBES) 2024/1864, údaraítear na Ballstáit freisin earraí a tugadh isteach san Aontas cheana a scaoileadh. Tá gá leis an údarú sin ar mhaithe le hoibreoirí an Aontais a thug na hearraí sin isteach san Aontas de mheon macánta tráth nach raibh siad fós faoi réir aon bheart sriantach a bhaineann le hallmhairí, lena n-áirítear nuair a bhí sé fós ceadaithe iad a allmhairiú le linn tréimhse clabhsúir. Ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát a áirithiú go gcomhlíonfaidh scaoileadh na n-earraí agus aon íocaíocht a bhaineann leo forálacha agus cuspóirí bhearta sriantacha an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart aon chinneadh gan earraí den sórt sin a scaoileadh cuspóirí na mbeart sin a chomhlíonadh agus a áirithiú, *inter alia*, i measc nithe eile, nach dtabharfar na hearraí ar ais don Bhealarúis.

(27) Ceanglaítear le Cinneadh (CFSP) 2024/1864 freisin go gcuirfidh onnmhaireoirí toirmeasc conarthach ar earraí agus teicneolaíocht atá íogair mar a liostaítear in Iarscríbhinní XVI, XVII, XXVIII agus XXX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 765/2006, ar nithe ardtosaíochta coiteanna, nó airm thine agus armlón mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) a ath-onnmhairiú go dtí an Bhealarúis agus a ath-onnmhairiú lena n-úsáid sa Bhealarúis ('clásal eisiata na Bealarúise').

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).

(28) Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an tionchar atá ag teacht i bhfeidhm na hoibleagáide 'clásal eisiata na Bealarúise' a úsáid ar theacht timpeall a dhíspreagadh. Déanfaidh sé grinnmheasúnú freisin ar shonraí trádála, ar staidreamh onnmhairiúcháin agus ar fhaisnéis eile a bhaineann le patrúin teacht timpeall maidir leis na hearraí sin, lena n-áirítear an ról a d'fhéadfadh a bheith ag fochuideachtaí de chuid oibreoirí an Aontais i dtríú tíortha sna patrúin sin. Ar an mbonn sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an bhfuil 'clásal eisiata na Bealarúise' oiriúnach don fheidhm agus breithneoidh sé aon ghníomhaíochtaí iomchuí eile chun srian a chur le rochtain na Bealarúise ar earraí íogaire a d'fhéadfaí a onnmhairiú chuig an Rúis, agus lena gcuirtear ar a cumas leanúint de chogadh a chur ar an Úcráin dá réir, lena n-áirítear an fhéidearthacht ceangal a chur ar oibreoirí an Aontais a áirithiú go n-úsáidfeadh a bhfochuideachtaí i dtríú tíortha an 'clásal eisiata na Bealarúise' freisin.

(29) Chun cuidiú le hathonnmhairiú earraí coiteanna ardtosaíochta a chomhrac, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, ar earraí iad a fhaightear ar an láthair chatha san Úcráin nó atá ríthábhachtach d'fhorbairt, do tháirgeadh nó d'úsáid chórais mhíleata na Rúise, le Cinneadh (CBES) 2024/1864 cuirtear de cheangal ar oibreoirí an Aontais a dhíolann, a sholáthraíonn, a aistríonn nó a onnmhairíonn earraí coiteanna ardtosaíochta chuig tríú tíortha, seachas na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn Vba a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, sásraí díchill chuí a chur chun feidhme atá in ann rioscaí a bhaineann le honnmhairiú chuig an mBealarúis a shainaithint agus a mheasúnú agus atá in ann na rioscaí sin a mhaolú. Thairis sin, le Cinneadh (CBES) 2024/1864 cuirtear de cheangal ar oibreoirí an Aontais go n-áiritheoidh siad i ndáil le daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí atá faoina n-úinéireacht nó faoina rialú agus atá bunaithe lasmuigh den Aontas, go gcuirfidh siad na ceanglais sin chun feidhme freisin.

(30) I gcás ina gceanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ar oibreoirí de chuid an Aontais a áirithiú i ndáil le daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus atá faoina n-úinéireacht nó a rialaíonn siad iad, gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh chun onnmhairiú nó athonnmhairiú earraí nó teicneolaíochta chuig an mBealarúis a chosc, ba cheart na ceanglais sin a shaothrú a mhéid a cheadaítear le reachtaíocht an tríú tír ina bhfuil an duine dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht lena mbaineann bunaithe.

(31) Chun cur chun feidhme ceart na mbeart a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a áirithiú, is gá liosta an innealra a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú.

(32) Is iomchuí foráil a thabhairt isteach chun a chur ar chumas náisiúnaigh agus cuideachtaí na mBallstát cúiteamh a fháil ó dhaoine aonair agus eintitis Bhealarúiseacha a rinne damáistí dóibh. Áirítear leis sin damáistí a rinneadh do na cuideachtaí atá faoina n-úinéireacht nó faoina rialú, i ndáil le conradh nó idirbheart a ndearna na bearta a fhorchuirtear faoi Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 difear dá bhfeidhmiú, ar choinníoll nach bhfuil rochtain éifeachtach ag náisiúnach ná cuideachta de chuid an Bhallstáit lena mbaineann ar na leigheasanna, mar shampla faoin gconradh déthaobhach infheistíochta ábhartha. Féadfar cúiteamh a éileamh os comhair chúirteanna na mBallstát i gcomhréir le forálacha ábhartha dhlí an Aontais agus dhlí na mBallstát maidir le dlínse agus nósanna imeachta cúirte in ábhair shibhialta agus thráchtála, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann le nósanna imeachta eatramhacha faoisimh a d'fhéadfadh a bheith ann.

(33) Is iomchuí a cheangal ar oibreoirí an Aontais a ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú nach nglacfaidh daoine dlisteanacha, eintitis agus comhlachtaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil úinéireacht nó rialú acu orthu páirt i ngníomhaíochtaí a chuireann bac ar na bearta sriantacha dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006. Is éard atá i gceist le gníomhaíochtaí den sórt sin gníomhaíochtaí a bhfuil mar thoradh orthu go bhféachtar leis na bearta sriantacha sin cosc a chur, mar shampla, ar faighteoir sa Bhealarúis earraí, teicneolaíocht, maoiniú nó seirbhísí de chineál atá faoi réir toirmisc faoi Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a fháil.

(34) Ba cheart 'a ndícheall a dhéanamh' a thuiscint mar na gníomhaíochtaí uile atá oiriúnach agus riachtanach le nach mbainfí an bonn de na bearta sriantacha i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006. D'fhéadfaí a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin, mar shampla, cur chun feidhme beartas, rialuithe agus nósanna imeachta iomchuí chun rioscaí a mhaolú agus a bhainistiú go héifeachtach, agus tosca ar nós an tríú tír bhunaíochta, na hearnála gnó agus cineáil gníomhaíochta an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta atá faoi úinéireacht nó faoi rialú oibreoir an Aontais á gcur san áireamh. San am céanna, ba cheart a thuiscint nach gcuimsíonn 'a ndícheall a dhéanamh' ach gníomhaíochtaí atá indéanta d'oibreoir an Aontais i bhfianaise a chineáil, a mhéide agus na n-imthosca fíorasacha ábhartha, go háirithe méid an rialaithe éifeachtaigh ar an duine dlítheanach, ar an eintiteas nó ar an gcomhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas. Áirítear ar na himthosca sin an cás nach féidir le hoibreoir an Aontais, ar chúiseanna dosheachanta, ar nós reachtaíocht tríú tír, rialú a fheidhmiú ar dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ar leis é.

(35) I gcás ina nochtann duine nádúrtha nó dlítheanach sárú ar na bearta sriantacha sin go deonach, go hiomlán agus in am trátha, ba cheart d'údaráis inniúla náisiúnta a bheith in ann an féin-nochtadh sin a chur san áireamh agus pionóis á gcur i bhfeidhm acu, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta riaracháin nó le dlí náisiúnta ábhartha eile nó le rialacha náisiúnta ábhartha eile. Tá feidhm ag na bearta sin arna nglacadh ag na Ballstáit de bhun Threoir (AE) 2024/1226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus ag na ceanglais atá inti maidir le himthosca maolaitheacha.

(36) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (25):

'25. ciallaíonn "gnóthas iompair de bhóthar" aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht, a bhíonn ag gabháil do chuspóir tráchtála chun lasta a iompar trí bhíthin mótarfheithiclí nó cónasc feithiclí;';

(b) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

'26. ciallaíonn "údaráis inniúla" údaráis inniúla na mBallstát faoi mar a shainaithnítear iad ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II;

27. ciallaíonn "earnáil fuinnimh" earnáil lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí seo a leanas cé is moite de ghníomhaíochtaí sibhialta a bhaineann le cúrsaí núicléacha:

(i) amhola, gás nádúrtha nó breoslaí iontaise soladacha a thaiscéal, a tháirgeadh, a dháileadh laistigh den Bhealarúis nó mianadóireacht a dhéanamh orthu, scagadh breoslaí, leachtú gáis nádúrtha nó athghású;

(ii) táirgí breoslaí iontaise soladacha, táirgí peitriliam scagtha nó gás a mhonarú nó a dháileadh laistigh den Bhealarúis; nó

(iii) saoráidí a thógáil nó trealamh a shuiteáil, nó seirbhísí, trealamh nó teicneolaíocht a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le giniúint cumhachta nó le táirgeadh leictreachais.';

(2) in Airteagal 1b(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) cúnamh teicniúil agus seirbhísí bróicéireachta a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh (*) ("Liosta Comhchoiteann Míleata"), nó a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(*) IO C 86, 18.3.2011, lch. 1.';

(3) Leasaítear Airteagal 1ba mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'1a. Maidir le hairm agus a gcodanna, a gcomhpháirteanna riachtanacha agus a n-armlón, dá dtagraítear i mír 1 agus a onnmhairítear ón Aontas, beidh toirmeasc ar iad a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise.';

([6]) Treoir (AE) 2024/1226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú i leith sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais agus lena leasaítear Treoir (AE) 2018/1673 (IO L, 2024/1226, 29.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1226/oj).

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 agus a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d’aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó le haghaidh cúnamh gaolmhar teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí gaolmhara eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d’aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d’aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.’;

(4) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 1bb

1. Earraí lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha na Bealarúise go háirithe, arb earraí iad a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII, bídís de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, cuirfear toirmeasc ar iad a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

2. Na hearraí agus an teicneolaíocht mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIX agus a onnmhairítear ón Aontas, cuirfear toirmeasc ar iad a chur d’idirthuras trí chríoch na Bealarúise.

3. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d’aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó le haghaidh cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d’eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d’aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

4. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 3 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 2 Deireadh Fómhair 2024 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Iúil 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

5. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi chód AC 2602, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 3 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 2 Lúnasa 2024 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Iúil 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

6. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi chód AC 8708 99, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 3 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 2 Eanáir 2025 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Iúil 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

7. Na toirmisc dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3, ní bheidh feidhm acu maidir le hearraí is gá chun críocha oifigiúla mhisin taidhleoireachta nó chonsalacha na mBallstát nó na dtíortha comhpháirtíochta sa Bhealarúis nó chun críocha eagraíochtaí idirnáisiúnta a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, nó maidir le héifeachtaí pearsanta a bhfoirne.

8. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, nó féadfaidh siad údarú a thabhairt cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí nó leis an teicneolaíocht sin nó le soláthar cúnaimh theicniúil nó cúnaimh airgeadais a bhaineann leo:

(a) chun críocha leighis nó cógaisíochta, nó chun críoch daonnúil, mar shampla seachadadh cúnaimh a sholáthar nó a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó aistriú oibrithe daonnúla agus cúnaimh ghaolmhair nó le haghaidh aslonnaithe;

(b) le haghaidh úsáid eisiach agus faoi rialú iomlán an Bhallstáit a thugann údarú agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chonradh léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus an Bhealarúis; nó

(c) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, chomh maith le soláthar ábhar réamhtheachtach chun radaiseatóp leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, agus le haghaidh an chomhair núicléach shibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.

9. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chód AC 8417 20 a údarú, nó soláthar cúnaimh theicniúil nó airgeadais gaolmhar a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí sin nó leis an gcúnamh teicniúil nó airgeadais gaolmhar a sholáthar le haghaidh úsáid phearsanta teaghlaigh daoine nádúrtha.

10. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú i ndáil le hearraí agus teicneolaíochta a d'fhéadfadh rannchuidiú go háirithe le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha na Bealarúise mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIX, go gcuirfí d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise iad, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i mír 8.

11. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1, 2 agus 3 maidir leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, le haghaidh úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe le haghaidh éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

12. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 3, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, maidir le díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta a thagann faoi chóid AC 3917, 8523 agus 8536, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII, nó maidir leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí sin nó le soláthar an chúnaimh ghaolmhair theicniúil nó airgeadais chun feistí leighis a cothabháil nó a dheisiú.

13. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a leanas a údarú, nó soláthar cúnaimh theicniúil nó airgeadais gaolmhar a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí sin nó le cúnamh teicniúil nó airgeadais gaolmhar a sholáthar le haghaidh úsáid phearsanta teaghlaigh daoine nádúrtha sa Bhealarúis:

(a) earraí a thagann faoi chód AC 8417 20;

(b) feadáin chopair, píobáin chopair agus feistis do phíopaí chopair a thagann faoi chóid AC 7411 nó 7412 a bhfuil trastomhas inmheánach acu nach mó ná 50 mm.'

14. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chód AC 3917 10 a údarú, nó soláthar cúnaimh theicniúil nó airgeadais gaolmhar a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí sin á ndíol, á soláthar, á n-aistriú nó á n-onnmhairiú le haghaidh táirgeadh earraí bia atá ceaptha lena n-ithe ag an duine sa Bhealarúis.'

15. Tráth a bheidh cinneadh á dhéanamh acu maidir le hiarrataí ar údaruithe chun na gcríoch a áirítear i míreanna 8, 9, 10, 12, 13 agus 14, ní dheonóidh na húdaráis inniúla údarú le haghaidh onnmhairiú chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis, má tá forais réasúnacha acu lena chreidiúint go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí.

16. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna , 9, 10, 12, 13 agus 14 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(5) Leasaítear Airteagal 1e mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'1a. Earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide dá dtagraítear i mír 1 agus a onnmhairítear ón Aontas, beidh toirmeasc ar iad a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó i ndáil le cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3a. Gan dochar do cheanglais údarúcháin Rialachán (AE) 2021/821, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a shonraítear i mír 1a den Airteagal seo maidir le hearraí agus teicneolaíocht dé-úsáide atá beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i bpointí (a) go (e) de mhír 3 den Airteagal seo a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise.';

(d) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'4a. De mhaolú ar mhír 1a, agus gan dochar do cheanglais údarúcháin Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go gcuirfí earraí agus teicneolaíochta dé-úsáide d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i bpointí (b), (c), (d) agus (h) de mhír 4 den Airteagal seo.';

(6) leasaítear Airteagal 1f mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'1a. Cuirfear toirmeasc ar earraí agus teicneolaíochta a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála, mar a liostaítear in Iarscríbhinn Va, a onnmhairítear ón Aontas.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d’aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó i ndáil le cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d’eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d’aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.’;

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘3a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1a maidir le hearraí agus teicneolaíochta a chur d’idirthuras trí chríoch na Bealarúise lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, nó le forbairt a hearnála cosanta nó slándála, mar a liostaítear in Iarscríbhinn Va, atá beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i bpointí (a) go (e) de mhír 3.’;

(d) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘(g) ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin.’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

‘(h) an chibearshlándáil agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, d’eintitis agus do chomhlachtaí sa Bhealarúis, cé is moite dá Rialtas agus do na gnóthais atá faoi rialú díreach nó indíreach an Rialtais sin; nó’;

(iii) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(i) le haghaidh úsáid eisiach agus faoi rialú iomlán an Bhallstáit a thugann údarú agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chomhaontú léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus an Bhealarúis.’;

(e) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘4b. De mhaolú ar mhír 1a, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go gcuirfí earraí agus teicneolaíochta d’idirthuras trí chríoch na Bealarúise, ar earraí agus teicneolaíocht iad lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise, nó le forbairt a hearnála cosanta nó slándála, mar a liostaítear in Iarscríbhinn Va, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i bpointí (b), (c), (d) agus (h) de mhír 4.’;

(7) in Airteagal 1fa, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. ‘1. Maidir leis na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn V, de mhaolú ar Airteagal 1e(1) agus (2) agus Airteagal 1f(1) agus (2), agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de Rialachán (AE) 2021/821, ní fhéadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt na hearraí agus an teicneolaíocht dé-úsáide agus na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn Va a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú nó cúnamh airgeadais gaolmhar nó cúnamh teicniúil gaolmhar a sholáthar, ach amháin tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó an cúnamh airgeadais lena mbaineann:

(a) riachtanach chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, ar teagmhas é ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol; nó

(b) dlite faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 3 Márta 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conradh mar sin a fhorghníomhú, ar choinníoll go n-iarrtar an t-údarú sin roimh an 1 Bealtaine 2022.';

(8) in Airteagal 1fb, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Eiseofar na húdaruithe uile dá dtagraítear in Airteagail 1e, 1f agus 1fa, nuair is féidir, trí mhodhanna leictreonacha ar fhoirmeacha ar a mbeidh ar a laghad gach ceann de na heilimintí, agus iad san ord, dá bhforáiltear sna samhlacha a leagtar amach in Iarscríbhinn Vc.';

(9) Leasaítear Airteagal 1fc mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Comh-mhalartóidh na húdaráis inniúla faisnéis maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 1e, 1f agus 1fa leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún, lena n-áirítear faisnéis faoi aon údarú a deonaíodh nó a diúltaíodh agus i gcás ina bhfuil amhras ann go bhféadfaí siopadóireacht dlínse a bheith ar siúl nó i gcásanna eile de réir mar is iomchuí, iarrataí ar údarú a fuarthas.

Comh-mhalartóidh na húdaráis inniúla faisnéis maidir le forfheidhmiú Airteagail 1e, 1f agus 1fa leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún, lena n-áirítear maidir le sáruithe gaolmhara agus pionóis ghaolmhara, chomh maith le dea-chleachtais na n-údarás náisiúnta forfheidhmiúcháin agus onnmhairí neamhúdaraithe a bhrath agus a ionchúiseamh. Déanfar faisnéis a chomh-mhalartú trí úsáid a bhaint as an gcóras leictreonach dá bhforáiltear in Airteagal 23(6) de Rialachán (AE) 2021/821.';

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'3a. I gcás ina ndeonóidh Ballstát údarú i gcomhréir le hAirteagail 1e(4)(d), 1f(4)(d) nó 1fd(4) maidir le hearraí nó teicneolaíocht a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, ar earraí nó teicneolaíocht iad atá beartaithe le haghaidh na sábháilteachta muirí, cuirfidh sé an méid sin in iúl do na Ballstáit eile agus don Choimisiún laistigh de 2 sheachtain ón údarú a dheonú.';

(10) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 1fd*

1. Beidh toirmeasc ar earraí agus teicneolaíocht loingseoireachta muirí, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIV, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bídís de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, le haon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó i ndáil le cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, le haghaidh úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe chun críoch daonnúil, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.';

(11) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

'Airteagal 1ga

1. Cuirfear toirmeasc ar shó-earraí a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bídís de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 agus a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó le haghaidh cúnamh gaolmhar teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí gaolmhara eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

3. An toirmeasc dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh feidhm aige maidir le só-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn XXV a mhéid gur mó a luach ná EUR 300 in aghaidh an earra, mura sonraítear a mhalairt san Iarscríbhinn.

4. An toirmeasc dá dtagraítear i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir le hearraí is gá le haghaidh chríocha oifigiúla mhisin taidhleoireachta nó chonsalacha na mBallstát nó na dtíortha comhpháirtíochta sa Bhealarúis nó chun críocha eagraíochtaí idirnáisiúnta a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, nó maidir le héifeachtaí pearsanta a bhfoirne.

5. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le hearraí a thagann faoi chóid AC 7113 00 00 agus 7114 00 00 mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha atá ag taisteal ón Aontas nó baill dá neasteaghlaigh atá ag taisteal leo, atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin agus nach bhfuil beartaithe lena ndíol.

6. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla aistriú nó onnmhairiú earraí cultúrtha atá ar iasacht chuig an mBealarúis a údarú i gcomhthéacs comhar cultúrtha foirmiúil leis an mBealarúis.

7. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údaruithe arna dheonú faoi mhír 6 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

Airteagal 1gb

1. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) aon rannpháirtíocht nua a fháil nó síneadh a chur le haon rannpháirtíocht atá ann cheana maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Bealarúise nó aon tríú tír eile, agus atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Bhealarúis;

(b) aon socrú a dheonú nó a bheith mar chuid d'aon socrú chun aon iasacht nó creidmheas nua a dheonú nó chun maoiniú a sholáthar ar bhealach eile, lena n-áirítear caipiteal cothromais, d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Bealarúise nó aon tríú tír, agus atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Bhealarúis, nó i gcomhair an chuspóra, a bhfuil fianaise dhoiciméadaithe leis, duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht mar sin a mhaoiniú;

(c) aon chomhfhiontar nua a chruthú le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Bealarúise nó aon tríú tír eile, agus atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Bhealarúis; nó

(d) seirbhísí infheistíochta a sholáthar, a bhaineann go díreach leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c).

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, aon ghníomhaíocht dá dtagraítear i mír 1 a údarú tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) go bhfuil gá léi chun soláthar criticiúil fuinnimh a áirithiú laistigh den Aontas, mar aon le hiompar gás nádúrtha agus ola, lena n-áirítear táirgí peitriliam scagtha, mura dtoirmisctear sin faoi Airteagal 1h, ón mBealarúis nó tríd an mBealarúis isteach san Aontas; nó

(b) go mbaineann sí go heisiach le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Bhealarúis agus atá faoi úinéireacht duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit.

3. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 2 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

Airteagal 1gc

1. Earraí agus teicneolaíocht atá oiriúnach lena n-úsáid chun ola a scagadh agus gás nádúrtha a leachtú, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XX, beidh toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bídís de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 2 Deireadh Fómhair 2024 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Iúil 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn XX a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú nó cúnamh teicniúil gaolmhar nó cúnamh airgeadais gaolmhar a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh ábhartha teicniúil nó an cúnamh ábhartha airgeadais sin riachtanach chun teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol a chosc nó a mhaolú go práinneach.

I gcásanna éigeandála a mbeidh údar cuí leo, féadfar an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú a dhéanamh gan réamhúdarú, ar choinníoll go dtabharfaidh an t-onnmhaireoir fógra don údarás inniúil laistigh de 5 lá oibre ó lá an díola, an tsoláthair, an aistrithe nó an onnmhairithe, agus tabharfar mionsonraí ann faoin údar ábhartha a bhí leis an díol, an soláthar, an aistriú nó an onnmhairiú gan réamhúdarú.

5. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 4 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1h:

'Airteagal 1h

1. Beidh toirmeasc ar tháirgí mianracha, mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII, agus amhola, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII, a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Bealarúise iad nó más ón mBealarúis a onnmhairítear iad.

2. Cuirfear toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais, nó aon seirbhís eile a bhaineann leis an toirmeasc i mír 1, a sholáthar go díreach nó go hindíreach.

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le ceannach táirgí mianracha a liostaítear in Iarscríbhinn VII sa Bhealarúis, ar táirgí iad is gá chun freastal ar riachtanais fhíor-riachtanacha an cheannaitheora sa Bhealarúis nó ar riachtanais fhíor-riachtanacha tionscadal daonchairdiúil sa Bhealarúis.

4. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le hamhola, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII, go dtí an 2 Deireadh Fómhair 2024, maidir le hidirbhearta aonuaire le haghaidh seachadadh gearrthéarmach, arna dtabhairt i gcrích agus arna bhforghníomhú roimh an dáta sin, nó maidir le forghníomhú conarthaí chun amhola a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII a tugadh i gcrích roimh an 1 Iúil 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú, ar choinníoll gur thug an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún faoi na conarthaí sin faoin 23 Iúil 2024 agus go dtabharfaidh na Ballstáit lena mbaineann fógra don Choimisiún faoi na hidirbhearta aonuaire le haghaidh seachadadh gearrthéarmach laistigh de 10 lá tar éis iad a thabhairt i gcrích.

5. Tá na toirmisc i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo gan dochar d'amhola a thagann faoi chód AC 2709 00 a chur d'idirthuras tríd an mBealarúis agus a sheachadtar trí phíblíne ón Rúis isteach sna Ballstáit, go dtí go gcinnfidh an Chomhairle go mbeidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 3m de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 (*) ón gComhairle maidir le hamhola arna seachadadh trí phíblíne ón Rúis.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1).';

(13) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 1jc

1. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí cuntasaíochta, iniúchóireachta, lena n-áirítear seirbhísí iniúchóireachta reachtúla, seirbhísí leabharchoimeádta nó seirbhísí comhairliúcháin cánach, nó seirbhísí comhairliúcháin gnó agus bainistíochta nó seirbhísí caidrimh phoiblí a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, dóibh seo a leanas:

(a) Poblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí; nó

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir Phoblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí .

2. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta, seirbhísí comhairleacha dlí agus seirbhísí comhairliúcháin TF a sholáthar go díreach nó go hindíreach dóibh seo a leanas:

(a) Poblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí; nó

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir Phoblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí.

3. Cuirfear toirmeasc ar sheirbhísí taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna, seirbhísí tástála teicniúla agus anailíse agus seirbhísí fógraíochta a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, dóibh seo a leanas:

(a) Poblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí; nó

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir Phoblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí.

4. Cuirfear toirmeasc ar bhogearraí a dhíol, a sholáthar, a aistriú, a onnmhairiú, nó a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, maidir le bainistiú fiontar nó bogearraí maidir le dearadh tionsclaíoch agus monaraíocht mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXVI dóibh seo a leanas:

(a) Poblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí; nó

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir Phoblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí.

5. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus seirbhísí dá dtagraítear i míreanna 1 go 4 chun iad a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí poiblí nó d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta sin; nó

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus seirbhísí dá dtagraítear i míreanna 1 go 4 chun iad a sholáthar, nó nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí poiblí, nó d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta sin.

6. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 4 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun an foirceannadh a dhéanamh faoin 2 Deireadh Fómhair 2024 i gcás conarthaí nach gcomhlíonann an tAirteagal seo arna dtabhairt i gcrích roimh an 1 Iúil 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

7. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun an ceart chun cosanta in imeachtaí breithiúnacha a fheidhmiú ná an ceart chun leigheas éifeachtach dlí a fháil.

8. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, nó chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát, ar choinníoll go bhfuil an soláthar seirbhísí sin comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo.

9. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 4 go dtí an 2 Eanáir 2025 maidir le soláthar seirbhísí atá beartaithe lena n-úsáid go heisiach ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Bhealarúis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú iomlán nó comhpháirteach duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, faoi dhlí tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, faoi dhlí na hEilvéise nó faoi dhlí tíre is comhpháirtí a liostaítear in Iarscríbhinn Vb.

10. Ní bheidh feidhm ag míreanna 2, 3 ná 4 maidir le soláthar seirbhísí is gá le haghaidh éigeandálaí sláinte poiblí, chun teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach mór aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol a chosc nó a mhaolú go práinneach, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

11. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí dá dtagraítear sna míreanna sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis na seirbhísí sin chun balla dóiteáin a chur ar bun, a dheimhniú nó a mheas a ndéantar an méid seo a leanas leis:

(a) cuirtear deireadh le rialú duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta a liostaítear in Iarscríbhinn I ar shócmhainní duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta neamhliostaithe atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an duine, an eintitis nó an chomhlachta sin; agus

(b) áirithítear nach bhfabhróidh aon chiste ná acmhainn eacnamaíoch breise chun tairbhe an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta a liostaítear.

12. De mhaolú ar mhír 4, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na seirbhísí dá dtagraítear sa mhír sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na seirbhísí sin riachtanach le haghaidh rannchuidiú náisiúnaigh de chuid na Bealarúise le tionscadail idirnáisiúnta foinse oscailte.

13. De mhaolú ar mhíreanna 1 go 5, féadfaidh na húdaráis inniúla na seirbhísí dá dtagraítear sna míreanna sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leo chun na gcríoch seo a leanas:

(a) críocha daonnúla, mar shampla cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibrithe daonnúla a aistriú nó cúnamh gaolmhar nó le haghaidh aslonnuithe;

(b) gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta lena gcuirtear chun cinn go díreach an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta sa Bhealarúis;

(c) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát nó tíortha is comhpháirtithe sa Bhealarúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Bhealarúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;

(d) soláthar criticiúil fuinnimh laistigh den Aontas a áirithiú mar aon le ceannach, allmhairiú nó iompar tíotáiniam, alúmanam, copair, nicile, pallaidiam agus amhiarainn isteach san Aontas;

(e) oibriú leanúnach bonneagar, crua-earraí agus bogearraí a áirithiú, rud atá criticiúil le haghaidh shláinte agus shábháilteacht an duine, nó sábháilteacht an chomhshaoil;

(f) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, chomh maith le soláthar ábhar réamhtheachtach chun radaiseatóp leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, agus le haghaidh an chomhair núicléach shibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;

(g) soláthar seirbhísí leictreonacha cumarsáide ag oibreoirí teileachumarsáide de chuid an Aontais, ar seirbhísí iad a bhfuil gá leo le haghaidh oibriú, cothabháil agus slándáil, lena n-áirítear cibearshlándáil, seirbhísí cumarsáide sa Bhealarúis, san Úcráin, san Aontas, idir an Bhealarúis agus an tAontas agus idir an Úcráin agus an tAontas agus le haghaidh seirbhísí ionaid sonraí san Aontas; nó

(h) úsáid eisiach ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Bhealarúis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú iomlán nó comhpháirteach duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, faoi dhlí tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, faoi dhlí na hEilvéise nó faoi dhlí tíre is comhpháirtí a liostaítear in Iarscríbhinn Vb.

14. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar seirbhísí comhairleacha dlí dá dtagraítear sa mhír sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin chun leanúint de thionscnaimh atá ann cheana lena dtugtar tacaíocht d'íospartaigh tubaistí nádúrtha, núicléacha nó ceimiceacha agus faoi chuimsiú nósanna imeachta idirnáisiúnta um ghlacadh.

15. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhíreanna 11 go 14 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1m:

'Airteagal 1m

Beidh toirmeasc ar pháirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir dóibh nó is éifeacht leo teacht timpeall ar thoirmisc sa Rialachán seo, lena náirítear teacht timpeall trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí den chineál sin gan féachaint d'aon ghnó leis an gcuspóir nó an éifeacht sin a bhaint amach, ach a bheith ar an eolas go bhféadfadh an cuspóir nó an éifeacht sin a bheith ann mar thoradh ar pháirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí sin agus glacadh leis an bhféidearthacht sin.';

(15) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

'Airteagal 1ra

1. Maidir le hearraí lena gceadaítear don Bhealarúis a foinsí ioncaim a éagsúlú, rud a fhágann gur féidir léi a bheith rannpháirteach i bhfogha na Rúise faoin Úcráin, cuirfear toirmeasc ar na hearraí sin a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú isteach san Aontas, go díreach nó go hindíreach, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXVII, más de thionscnamh na Bealarúise iad nó más ón mBealarúis a onnmhairítear iad.

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis an toirmeasc i mír 1;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, i ndáil leis an toirmeasc i mír 1 go díreach nó go hindíreach.

3. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le ceannacháin sa Bhealarúis atá riachtanach d'fheidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó le haghaidh úsáid phearsanta náisiúnaigh na mBallstát agus baill dá neasteaghlaigh.

4. Féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit allmhairiú earraí a cheadú, ar earraí iad atá beartaithe le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha atá ag taisteal chuig an Aontas nó baill dá neasteaghlaigh amháin, atá teoranta d'earraí pearsanta ar leis na daoine aonair sin iad agus ar léir nach bhfuil siad beartaithe lena ndíol.

5. Féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi réir cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, a údarú go dtiocfaidh feithicil a thagann faoi chód AC 8703 isteach san Aontas, ar feithicil í nach bhfuil sé beartaithe í a dhíol agus atá faoi úinéireacht duine díobh seo a leanas:

(a) saoránach de Bhallstát nó ball dá neasteaghlach a bhfuil cónaí air sa Bhealarúis agus atá ag tiomáint na feithicle isteach san Aontas lena húsáid go pearsanta agus lena haghaidh sin amháin; nó

(b) saoránach den Bhealarúis ag a bhfuil víosa bhailí nó cead cónaithe bailí lena gceadaítear teacht isteach san Aontas, atá ag tiomáint na feithicle isteach san Aontas lena húsáid go pearsanta agus lena haghaidh sin amháin.

6. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le mótarfheithiclí a thagann faoi chód AC 8703 a theacht isteach san Aontas ar choinníoll go bhfuil pláta clárúcháin feithiclí taidhleoireachta acu agus go bhfuil siad riachtanach le haghaidh feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, nó le haghaidh úsáid phearsanta a bhfoirne agus a neasteaghlaigh.

7 Ní chuirfidh an toirmeasc i mír 1 cosc ar fheithiclí atá ar chríoch an Aontais cheana an 1 Iúil 2024 a bheith cláraithe i mBallstát.

8. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le feithicil a thagann faoi chód AC 8703 a bheith ag teacht isteach san Aontas, ar feithicil í nach bhfuil sé beartaithe í a úsáid ach chun críoch daonnúil amháin, lena n-áirítear chun daoine a aslonnú nó a aisdúichiú, nó paisinéirí a iompar a bhfuil deimhniú ina seilbh acu arna eisiúint ag Ballstát lena bhfianaítear go bhfuil siad ag taisteal chuig an mBallstát sin faoi chuimsiú tionscnaimh lena dtugtar tacaíocht d'íospartaigh tubaistí nádúrtha, núicléacha nó ceimiceacha.

9. Maidir leis na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn XXVII, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 2 Deireadh Fómhair 2024 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Iúil 2024, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.

10. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn XXVII, nó soláthar cúnaimh theicniúil agus airgeadais lena mbaineann a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin le haghaidh bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus chun leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun raidiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht chriticiúil chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.

11. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, maidir le hallmhairiú nó aistriú earraí a bhí lonnaithe go fisiciúil sa Bhealarúis sular tháinig an toirmeasc ábhartha i bhfeidhm i leith na n-earraí sin, ar earraí iad a thagann faoi chóid AC 8471, 8523, 8536 agus 9027, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXVII, nó maidir le cúnamh gaolmhar teicniúil agus airgeadais a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh gur comhpháirteanna de chuid feistí leighis iad na hearraí sin agus gur tugadh isteach san Aontas iad chun earraí comhpháirteanna lochtacha a chothabháil, a dheisiú nó a thabhairt ar ais.

12. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 10 agus 11 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

Airteagal 1rb

1. Beidh toirmeasc ar ór a liostaítear in Iarscríbhinn XXI a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Bealarúise é agus má onnmhairítear ón mBealarúis é isteach san Aontas nó chuig aon tríú tír é tar éis an 1 Iúil 2024.

2. Beidh toirmeasc ar na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn XXI a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, nuair a phróiseáiltear iad sin i dtríú tír ina n-ionchorpraítear na táirgí a thoirmisctear i mír 1.

3. Beidh toirmeasc ar ór a liostaítear in Iarscríbhinn XXII a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Bealarúise é agus má onnmhairítear ón mBealarúis é isteach san Aontas tar éis an 1 Iúil 2024.

4. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na toirmisc sna míreanna sin; nó

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 chun na hearraí sin a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na toirmisc sna míreanna sin.

5. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i míreanna 1, 2 agus 3 maidir le hór atá riachtanach chun críocha oifigiúla misean taidhleoireachta, post consalach nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Bhealarúis a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

6. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 3 maidir le hearraí mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXII le haghaidh úsáid phearsanta na ndaoine nádúrtha atá ag taisteal chuig an Aontas nó ag baill dá neasteaghlaigh a bheidh ag taisteal leo, atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin agus nach bhfuil beartaithe lena ndíol.

7. De mhaolú ar mhíreanna 1, 2 agus 3, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt d'aistriú nó allmhairiú earraí cultúrtha atá ar iasacht i gcomhthéacs comhar cultúrtha foirmiúil leis an mBealarúis.

Airteagal 1rc

1. Ón 1 Iúil 2024, cuirfear toirmeasc ar dhiamaint agus táirgí ina n-ionchorpraítear diamaint a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, mar a liostaítear i gCodanna A, B agus C d'Iarscríbhinn XXIX, más de thionscnamh na Bealarúise iad nó má onnmhairítear ón mBealarúis isteach san Aontas nó chuig aon tríú tír iad.

2. Ón 1 Iúil 2024, cuirfear toirmeasc ar dhiamaint agus táirgí ina n-ionchorpraítear diamaint a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, mar a liostaítear i gCodanna A, B agus C d'Iarscríbhinn XXIX, ar diamaint nó táirgí iad d'aon tionscnamh, má dhéanann siad idirthuras trí chríoch na Bealarúise.

3. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na toirmisc sna míreanna sin;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 chun na hearraí sin a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na toirmisc sna míreanna sin.

4. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le hearraí a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn XXIX le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha atá ag taisteal chuig an Aontas nó baill dá neasteaghlaigh a bheidh ag taisteal leo, atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin agus nach bhfuil beartaithe lena ndíol.

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt d'aistriú nó allmhairiú earraí cultúrtha atá ar iasacht i gcomhthéacs comhar cultúrtha foirmiúil leis an mBealarúis.';

(16) Leasaítear Airteagal 1s mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'1a. Innealra mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIVa agus a onnmhairítear ón Aontas, cuirfear toirmeasc ar é a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise.';

(b) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

'4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú an innealra a liostaítear in Iarscríbhinn XIV nó soláthar cúnaimh theicniúil ghaolmhair, seirbhísí bróicéireachta, maoinithe nó cúnaimh airgeadais, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, chomh maith le hárachas agus athárachas a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil sé beartaithe le haghaidh ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát, agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

5. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 4 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(17) Leasaítear Airteagal 1sa mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'1a. Earraí agus teicneolaíocht atá oiriúnach lena n-úsáid san eitlíocht nó i dtionscal an spáis, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVII, agus a onnmhairítear ón Aontas, cuirfear toirmeasc ar iad a chur d'idirthuras trí chríoch na Bealarúise.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaineann le soláthar, monarú agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'aon eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó i ndáil le cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis, nó le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.';

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘6a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn XVII, nó cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil sé sin riachtanach chun earraí tíotáiniam atá ag teastáil sa tionscal aerloingseoireachta a tháirgeadh, agus nach bhfuil aon soláthar malartach ar fáil ina leith.

6b. De mhaolú ar mhír 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, soláthar cúnaimh theicniúil a bhaineann le húsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 a údarú, tar éis dóibh a chinneadh gur gá an cúnamh teicniúil sin a sholáthar chun imbhualadh idir satailítí, nó a n-athiontráil neamhbheartaithe san atmaisféar, a sheachaint.’;

(d) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘7a. De mhaolú ar mhír 1a, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go gcuirfí earraí agus teicneolaíochta atá oiriúnach lena n-úsáid san eitlíocht nó i dtionscal an spáis d’idirthuras trí chríoch na Bealarúise, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVII, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i míreanna 6a, 6b agus 7.

7b. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a údarú, má tá sé beartaithe na hearraí a úsáid go heisiach agus faoi rialú iomlán an Bhallstáit a thugann údarú agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chomhaontú léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus an Bhealarúis.’;

(18) Leasaítear Airteagal 1zc mar a leanas:

(a) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘1a. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le hiompar earraí laistigh de chríoch an Aontais ag gnóthais iompair de bhóthar, a dhéantar trí bhíthin leantóirí nó leathleantóirí atá cláraithe sa Bhealarúis, lena n-áirítear nuair is trucailí atá cláraithe i dtíortha eile a tharraingíonn iad.

1b. Aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas agus ar le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Bealarúiseach 25 % nó níos mó, beidh toirmeasc ar a ligean isteach chun bheith ina ghnóthas iompair de bhóthar a iompraíonn earraí de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear le linn idirthurais.

1c. Toirmiscfear é, ón 2 Lúnasa 2024 i gcás aon ghnóthas iompair de bhóthar atá bunaithe san Aontas tar éis an 8 Aibreán 2022, agus ar le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Bealarúiseach 25 % nó níos mó de é chun earraí a iompar de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear ar idirthuras.

1d. Déanfaidh gnóthais iompair de bhóthar atá bunaithe san Aontas, arna iarraidh d’údarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe, faisnéis faoina struchtúr úinéireachta a sholáthar don údarás inniúil náisiúnta sin.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2a. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1b agus 1c maidir le gnóthais iompair de bhóthar atá bunaithe san Aontas agus ar le náisiúnaigh Rúiseacha ar náisiúnaigh de Bhallstát iad freisin 25 % nó níos mó nó a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstát.’;

(c) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 1a, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit iompar earraí ag gnóthas iompair de bhóthar a bhunaítear sa Bhealarúis nó ag aon ghnóthas iompair de bhóthar a údarú nuair a dhéantar sin trí bhíthin leantóirí nó leathleantóirí a chláraítear sa Bhealarúis, lena n-áirítear más trucailí a chláraítear i dtíortha eile a tharraingíonn na leantóirí nó na leathleantóirí sin, má tá sé cinntithe ag na húdaráis inniúla go bhfuil gá leis an iompar sin chun na gcríoch seo a leanas:’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha sa Bhealarúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Bhealarúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.';

(19) in Airteagal 2, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'7. In Iarscríbhinn I freisin beidh liosta de dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis nó de chomhlachtaí a shainaithin an Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (d) de Chinneadh 2012/642/CBES, mar dhaoine a éascaíonn sáruithe ar an toirmeasc ar dhul timpeall ar fhorálacha an Rialacháin seo nó an Chinnidh sin nó a chuireann bac suntasach ar shlí eile ar na forálacha sin.

8. Áireofar in Iarscríbhinn I freisin daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leis na daoine, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear i míreanna 5, 6 agus 7.';

(20) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'Airteagal 4c

De mhaolú ar Airteagal 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh ar le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn I iad, atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, nó seirbhísí a sholáthar don dhuine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis sin chun balla dóiteáin a chur ar bun, a dheimhniú nó a mheas, ar balla dóiteáin é:

(a) lena gcuirtear deireadh le rialú an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta a liostaítear in Iarscríbhinn I ar shócmhainní duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta neamhliostaithe atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an duine, an eintitis nó an chomhlachta sin; agus

(b) áirithítear nach bhfabhróidh aon chiste ná acmhainn eacnamaíoch breise chun tairbhe an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta a liostaítear.';

(21) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) fadhbanna maidir le sárú agus forfheidhmiú, pionóis a ghearrtar as sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus breithiúnais arna dtabhairt ag na cúirteanna náisiúnta;';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'4. Aon doiciméad a bheidh i seilbh na Comhairle, an Choimisiúin nó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") chun forfheidhmiú na mbeart a leagtar amach sa Rialachán seo a áirithiú, nó chun sárú na mbeart sin nó teacht timpeall orthu a chosc, beidh sé faoi réir rúndacht ghairmiúil agus beidh an chosaint aige a thugtar leis na rialacha is infheidhme maidir le hinstitiúidí an Aontais. Is amhlaidh a bheidh maidir leis na tograí comhpháirteacha ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún chun an Rialachán seo a leasú agus maidir le haon doiciméad ullmhúcháin a bhaineann leo.

Glacfar leis go ndéanfaí dochar do shlándáil an Aontais nó do shlándáil ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit nó dá gcaidrimh idirnáisiúnta dá nochtfaí na doiciméid nó tograí dá dtagraítear sa chéad fhomhír.';

(23) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 8da

1. De mhaolú ar Airteagail 1bb, 1e, 1f, , 1fd, 1g, 1ga, 1gc, 1s agus 1sa, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar nó aistriú earraí agus teicneolaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinní Va, VI, XIV, XVII, XVIII, XX, XXIV agus XXV a údarú go dtí an 31 Nollaig 2024, i gcás ina bhfuil géarghá leis an díol, leis an soláthar nó leis an aistriú sin le haghaidh an dífheistithe ón mBealarúis nó chun clabhsúr a chur ar ghníomhaíochtaí gnó sa Bhealarúis, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá na hearraí agus na teicneolaíochtaí faoi úinéireacht náisiúnaigh Ballstáit nó duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá ionchorpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó faoi úinéireacht daoine dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí atá bunaithe sa Bhealarúis agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, go hiomlán nó go comhpháirteach; agus

(b) níl aon fhoras réasúnta ag na húdaráis inniúla a dhéanann cinneadh maidir le hiarrataí chun a chreidiúint go bhféadfadh sé go mbeadh na hearraí na teicneolaíochtaí beartaithe le haghaidh úsáideoir deiridh míleata nó le haghaidh úsáid deiridh mhíleata sa Bhealarúis; agus

(c) bhí na hearraí agus na teicneolaíochtaí lena mbaineann lonnaithe go fisiciúil sa Bhealarúis sular tháinig na toirmisc ábhartha in Airteagail 1bb, 1e, 1f, 1fd, 1g, 1ga, 1gc, 1s agus 1sa i bhfeidhm i leith na n-earraí agus na dteicneolaíochtaí sin.

2. De mhaolú ar Airteagal 1h, a mhéid a bhaineann le táirgí mianracha, agus ar Airteagail 1o, 1p, 1q, 1r, 1ra agus 1rb, féadfaidh na húdaráis inniúla allmhairiú nó aistriú earraí a liostaítear in Iarscríbhinní VII, X, XI, XII, XIII, XXI, XXII agus XXVII a údarú go dtí an 31 Nollaig 2024, i gcás ina bhfuil géarghá leis an allmhairiú nó leis an aistriú sin le haghaidh an dífheistithe ón mBealarúis nó chun clabhsúr a chur ar ghníomhaíochtaí gnó sa Bhealarúis, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá na hearraí faoi úinéireacht náisiúnaigh Ballstáit nó duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá ionchorpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó faoi úinéireacht daoine dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí atá bunaithe sa Bhealarúis agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, go hiomlán nó go comhpháirteach; agus

(b) bhí na hearraí lena mbaineann lonnaithe go fisiciúil sa Bhealarúis sular tháinig na toirmisc ábhartha in Airteagal 1h a mhéid a bhaineann le táirgí mianracha, nó in Airteagail 1o, 1p, 1q, 1r, 1ra agus 1rb, i bhfeidhm i leith na n-earraí sin.

3. De mhaolú ar Airteagal 1jc, féadfaidh na húdaráis inniúla leanúint sholáthar na seirbhísí a liostaítear ann a údarú go dtí an 31 Nollaig 2024 i gcás ina bhfuil géarghá leis an soláthar seirbhísí sin le haghaidh an dífheistithe ón mBealarúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Bhealarúis a fhoirceannadh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) soláthraítear na seirbhísí sin do dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bheidh ann mar thoradh ar an dífheistiú sin agus dá dtairbhe amháin; agus

(b) níl aon fhoras réasúnta ag na húdaráis inniúla a dhéanann cinneadh maidir le hiarrataí ar údaruithe chun a chreidiúint go bhféadfadh sé go soláthrófaí na seirbhísí go díreach nó go hindíreach do Rialtas na Bealarúise nó d'úsáideoir deiridh míleata nó le haghaidh úsáid deiridh mhíleata sa Bhealarúis;

4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 1, 2 agus 3 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

5. Na húdaruithe uile dá dtagraítear i mír 1 i leith na n-earraí agus na dteicneolaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn Va a ghabhann leis an Rialachán seo agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, eiseofar iad trí mheán leictreonach, i ngach cás inar féidir, ar fhoirmeacha ar a bhfuil eilimintí uile shamhail C a leagtar amach in Iarscríbhinn Vc a ghabhann leis an Rialachán seo ar a laghad agus san ord dá bhforáiltear inti.';

(24) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

'4. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát, lena n-áirítear údaráis forfheidhmiúcháin, údaráis chustaim de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, údaráis inniúla de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**) agus Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***) chomh maith le riarthóirí clár oifigiúil ina ndéantar daoine nádúrtha, daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí chomh maith le maoin dhochorraithe nó maoin shochorraithe a chlárú, faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a phróiseáil agus a mhalartú gan mhoill agus, más gá, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8j a phróiseáil agus a chomh-mhalartú le húdaráis inniúla eile sa Bhallstát céanna, leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún, más gá an phróiseáil agus an comh-mhalartú sin a dhéanamh chun cúraimí an údaráis próiseála nó fála a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo, go háirithe nuair a bhraitheann siad teagmhais ina ndéantar na toirmisc

a leagtar amach sa Rialachán seo a shárú nó ina dtagtar timpeall orthu, nó teagmhais ina ndéantar iarracht iad a shárú nó teacht timpeall orthu. Ní dochar an fhoráil seo do na rialacha maidir le rúndacht na faisnéise atá i seilbh údaráis bhreithiúnacha.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 lena leagtar síos lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176 27.6.2013, lch. 1).

(***) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).'.

(24) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

'Airteagal 8f

1. Chun críocha na dtoirmeasc ar earraí a allmhairiú dá bhforáiltear sa Rialachán seo, féadfaidh na húdaráis chustaim earraí atá san Aontas go fisiciúil a scaoileadh, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 5, pointe (26) de Chód Custaim an Aontais*, ar choinníoll gur cuireadh faoi bhráid na n-údarás custaim iad i gcomhréir le hAirteagal 134 de Chód Custaim an Aontais roimh theacht i bhfeidhm nó dháta cur i bhfeidhm na dtoirmeasc allmhairiúcháin faoi seach, cibé acu is déanaí.

2. Ceadófar gach céim nós imeachta is gá do scaoileadh na n-earraí ábhartha, dá dtagraítear i míreanna 1 agus 5, de bhun Chód Custaim an Aontais.

3. Ní cheadóidh na húdaráis chustaim scaoileadh na n-earraí má tá forais réasúnta acu a bheith in amhras go bhfuil seachaint i gceist agus ní údaróidh siad ath-onnmhairiú na n-earraí chuig an mBealarúis.

4. Beidh íocaíochtaí i ndáil leis na hearraí sin comhsheasmhach le forálacha agus cuspóirí an Rialacháin seo, go háirithe an toirmeasc ar cheannach.

5. Earraí atá san Aontas go fisiciúil agus a chuirtear faoi bhráid na n-údarás custaim roimh an 1 Iúil 2024 agus a stopadh i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo, féadfaidh na húdaráis chustaim iad a scaoileadh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i míreanna 1 go 4.

Airteagal 8g

1. Tráth a bheidh earraí nó teicneolaíocht mar a liostaítear in Iarscríbhinní XVI, XVII agus XXVIII a ghabhann leis an Rialachán seo á ndíol, á soláthar, á n-aistriú nó á n-onnmhairiú chuig tríú tír, cé is moite de na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn Vba a ghabhann leis an Rialachán seo, ítimí ardtosaíochta coiteanna mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXXII a ghabhann leis an Rialachán seo, nó airm thine agus armlón mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012, cuirfidh onnmhaireoirí toirmeasc conarthach ar ath-onnmhairiú chuig an mBealarúis agus ar ath-onnmhairiú le haghaidh a n-úsáide sa Bhealarúis.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) forghníomhú conarthaí a bhaineann le hearraí a thagann faoi chóid AC 8457 10, 8458 11, 8458 91, 8459 61, 8466 93, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXX;

(b) forghníomhú conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Iúil 2024 go dtí a ndáta éaga.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le conarthaí poiblí a tugadh i gcrích le húdarás poiblí i dtríú tír nó le heagraíocht idirnáisiúnta.

4. Cuirfidh onnmhaireoirí údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad ina gcónaí nó bunaithe ar an eolas faoi aon chonradh poiblí a thug siad i gcrích a thairbhigh de dhíolúine faoi mhír 3, laistigh de 2 sheachtain óna thabhairt i gcrích. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon fhaisnéis a fuarthas faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón bhfaisnéis a fháil.

5. Agus mír 1 á chur i bhfeidhm, áiritheoidh onnmhaireoirí go mbeidh leigheasanna leordhóthanacha sa chomhaontú leis an gcontrapháirtí tríú tír i gcás sárú ar oibleagáid chonarthach a tugadh i gcrích i gcomhréir le mír 1.

6. Má sháraíonn an chontrapháirt tríú tír aon cheann de na hoibleagáidí conarthacha a tugadh i gcrích i gcomhréir le mír 1, déanfaidh onnmhaireoirí údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an gcontrapháirt nó ina bhfuil siad bunaithe a chur ar an eolas, a luaithe a fhaigheann siad amach faoin sárú.

7. Cuirfidh na Ballstáit a chéile agus an Coimisiún ar an eolas faoi chásanna a bhraitear inar sáraíodh oibleagáid chonarthach a tugadh i gcrích i gcomhréir le mír 1 nó ina ndeachthas timpeall uirthi.

Airteagal 8ga

1. Daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a dhíolann, a sholáthraíonn, a aistríonn nó a onnmhairíonn earraí ardtosaíochta coiteanna mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXX a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfaidh siad an méid seo a leanas, ón 2 Eanáir 2025,

(a) bearta iomchuí a dhéanamh, i gcomhréir lena gcineál agus lena méid, chun na rioscaí a bhaineann le honnmhairiú chuig an mBealarúis agus onnmhairiú lena n-úsáid sa Bhealarúis le haghaidh na n-earraí nó na teicneolaíochta sin a shainaithint agus a mheasúnú, agus a áirithiú go ndéanfar na measúnuithe riosca sin a dhoiciméadú agus a choinneáil cothrom le dáta;

(b) beartais, rialuithe agus nósanna imeachta iomchuí a chur chun feidhme, i gcomhréir lena gcineál agus lena méid, chun na rioscaí a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht sin a onnmhairiú chun na Bealarúise agus a onnmhairiú lena n-úsáid sa Bhealarúis, a mhaolú agus a bhainistiú go héifeachtach, gan beann ar cé acu ar leibhéal na n-oibreoirí nó ar leibhéal an Bhallstáit nó an Aontais a sainaithníodh na rioscaí sin.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí nach ndéanann earraí ardtosaíochta coiteanna, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXX iad, a dhíol, a sholáthar nó a aistriú ach laistigh den Aontas nó chuig tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn Vba a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Áiritheoidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí, ón 2 Eanáir 2025, go ndéanfaidh aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil úinéireacht nó rialú acu air agus a dhíolann, a sholáthraíonn, a aistríonn nó a onnmhairíonn earraí ardtosaíochta coiteanna mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXX na ceanglais i bpointí (a) agus (b) de mhír 1 a chur chun feidhme.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 3 i gcás, ar chúiseanna nach raibh sé féin ina chúis leis, nach féidir le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht rialú a fheidhmiú ar an duine dlítheanach, ar an eintiteas nó ar an gcomhlacht ar leis é.

Airteagal 8h

Aon duine dá dtagraítear sa tríú nó sa cheathrú fhleasc d'Airteagal 10, beidh sé i dteideal, in imeachtaí breithiúnacha os comhair chúirteanna inniúla an Bhallstáit, aon damáistí a aisghabháil, lena n-áirítear costais dlí, a thabhaigh an duine sin mar thoradh ar éilimh arna dtaisceadh i gcúirteanna i dtríú tíortha ag daoine, eintitis agus comhlachtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) nó (d) d'Airteagal 8d(1), i dtaca le haon chonradh nó idirbheart a bhfuil difear á dhéanamh dá fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, ag na bearta a fhorchuirtear faoin Rialachán seo, ar choinníoll nach bhfuil rochtain éifeachtach ag an duine lena mbaineann ar na leigheasanna faoin dlínse ábhartha.

Airteagal 8i

Déanfaidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a ndícheall chun a áirithiú nach nglacfaidh aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus atá faoina n-úinéireacht nó faoina rialú páirt i ngníomhaíochtaí a bhaineann an bonn de na bearta sriantacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo.;

Airteagal 8j

1. I gcomhréir leis an urraim a thugtar do rúndacht na cumarsáide idir dlíodóirí agus a gcliaint a ráthaítear in Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus, i gcás inarb infheidhme, gan dochar do na rialacha maidir le rúndacht na faisnéise i seilbh údarás breithiúnach, déanfaidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí an méid seo a leanas:

(a) soláthróidh siad aon fhaisnéis a d'éascódh cur chun feidhme an Rialacháin seo d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad ina gcónaí nó lonnaithe laistigh de 2 sheachtain ón bhfaisnéis sin a fháil; agus

(b) comhoibriú leis an údarás inniúil maidir le fíorú na faisnéise sin.

2. Chun críocha fhomhír 1, áireofar le rúndacht na cumarsáide idir dlíodóirí agus a gcliaint an chumarsáid a bhaineann le comhairle dlí arna soláthar ag gairmithe deimhnithe eile atá údaraithe faoin dlí náisiúnta ionadaíocht a dhéanamh ar a gcliaint in imeachtaí breithiúnacha, a mhéid a thugtar an chomhairle dlí sin i ndáil le himeachtaí breithiúnacha atá ar feitheamh nó le himeachtaí breithiúnacha ionchasacha.

3. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann aon fhaisnéis ábhartha a fhaightear de bhun mhír 1 a tharchur chuig an gCoimisiún laistigh de mhí amháin tar éis dó í a fháil. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis sin a tharchur i ndíth ainm más rud é gur dhearbhaigh údarás imscrúdaithe nó breithiúnach go bhfuil sí rúnda i gcomhthéacs imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí breithiúnacha coiriúla atá ar feitheamh.

4. Aon fhaisnéis bhreise a fhaigheann an Coimisiún go díreach, cuirfear ar fáil do na Ballstáit í.

5. Aon fhaisnéis a sholáthraítear nó a fhaightear i gcomhréir leis an Airteagal seo, ní úsáidfear í ach chun na gcríoch dár soláthraíodh nó dá bhfuarthas í.';

(25) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla de réir mar is iomchuí, is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, agus féadfaidh siad féin-nochtadh deonach sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo a chur san áireamh mar thoisc mhaolaitheach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ábhartha. Déanfaidh na Ballstáit foráil freisin maidir le bearta iomchuí chun fáltais na sáruithe sin a choigistiú.';

(26) Leasaítear na hIarscríbhinní i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

H. LAHBIB

IARSCRÍBHINN

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn VA

‘IARSCRÍBHINN Va

Liosta na n-earraí agus na dteicneolaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 1f(1) agus 1fa(1)

Cuid A

Tá feidhm maidir leis an Iarscríbhinn seo ag na Nótaí Ginearálta, na hAcrainmneacha agus na Giorrúcháin, agus ag na Sainmhínithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, cé is moite de ‘Páirt I – Nótaí Ginearálta, Acrainmneacha agus Giorrúcháin, agus Sainmhínithe, Nótaí Ginearálta a ghabhann le hIarscríbhinn I, pointe 2’.

Tá feidhm maidir leis an Iarscríbhinn seo ag na sainmhínithe ar théarmaí a úsáidtear i Liosta Comhchoiteann Míleata (LCM) an Aontais Eorpaigh (2020/C 85/01).

Gan dochar d’Airteagal 1m den Rialachán seo, maidir le hítimí neamhrialaithe ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na comhpháirteanna a liostaítear san Iarscríbhinn seo, ní bheidh na hítimí sin faoi réir na rialuithe faoi Airteagal 1f(1) agus Airteagal 1fa(1) den Rialachán seo.

Catagóir I – Leictreonaic

X.A.I.001 Feistí leictreonacha agus comhpháirteanna.

a. ‘Micreachiorcaid mhicreaphróiseálaithe’, ‘micreachiorcaid mhicriríomhaire’ agus micreachiorcaid mhicririalaitheora, ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. Tá luas feidhmíochta 5 GigeaFLOPS nó níos mó acu agus aonad loighce uimhríochta acu a bhfuil leithead rochtana aige arb ionann é agus 32 ghiotán nó ar mó é ná sin;

2. Tá ráta clogmhinicíochta acu ar mó é ná 25 MHz; nó

3. Tá níos mó ná bus sonraí amháin nó bus treorach amháin nó port cumarsáide srathaí amháin acu, a sholáthraíonn idirnasc seachtrach díreach idir ‘micreachiorcaid mhicreaphróiseálaithe’ chomhthreomhara a bhfuil ráta aistrithe de 2,5 Mb/s acu;

b. Ciorcaid iomlánaithe stórála, mar a leanas:

1. Cuimhní inléite amháin in-ríomhchláraithe in-léirscriosta go leictreach (EEPROManna) a bhfuil toilleadh stórála iontu;

a. Ar mó é ná 16 Mbit in aghaidh an phacáiste le haghaidh cineálacha flaischuimhne; nó

b. Ar mó é ná ceachtar den dá theorainn seo a leanas le haghaidh chineálacha uile eile EEPROM:

1. Ar mó é ná 1 Mbit in aghaidh an phacáiste; nó

2. Ar mó é ná 256 chilighiotán in aghaidh an phacáiste agus a bhfuil uas-aga rochtana aige ar lú é ná 80 ns;

2. Cuimhní randamrochtana statacha (SRAManna) a bhfuil toilleadh stórála iontu:

a. Ar mó é ná 1 Mbit in aghaidh an phacáiste; nó

b. Ar mó é ná 256 chilighiotán in aghaidh an phacáiste agus a bhfuil uas-aga rochtana aige ar lú é ná 25 ns;

c. Tiontairí ó analógach go digiteach ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. Tá taifeach 8 ngiotán nó níos mó, ach níos lú ná 12 ghiotán, acu agus ráta aschuir is mó ná 200 Meigeashampla in aghaidh an tsoicind;

2. Tá taifeach 12 ghiotán acu agus ráta aschuir is mó ná 105 Meigeashampla in aghaidh an tsoicind;

3. Tá taifeach acu is mó ná 12 ghiotán ach atá cothrom le 14 ghiotán nó níos lú ná sin, agus ráta aschuir is mó ná 10 Meigeashampla in aghaidh an tsoicind; nó

4. Tá taifeach acu is mó ná 14 ghiotán agus ráta aschuir is mó ná 2,5 Meigeashampla in aghaidh an tsoicind;

d. Feistí loighce in-ríomhchláraithe sa réimse a bhfuil uasmhéid ionchur/aschur digiteach aonathraithe acu idir 200 agus 700;

e. Próiseálaithe Trasfhoirme Tapa Fourier (FFT) a bhfuil aga rite rátaithe acu do FFT coimpléascach phointe 1 024 ar lú é ná 1 ms;

f. Ciorcaid iomlánaithe shaincheaptha nach eol cén fheidhm a bhaineann leo nó nach eol don mhonaróir an stádas rialaithe atá ag an trealamh ina n-úsáidfear an ciorcad iomlánaithe, ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. Tá níos mó ná 144 teirminéal acu; nó

2. Tá ‘moill ar fhorleathadh bunúsach’ thipiciúil níos lú ná 0,4 ns acu;

g. ‘Feistí folúis leictreonacha’ toinne taistil, de thonn bhíogach nó leanúnach, mar a leanas:

1. Feistí cuasán cúplaithe, nó díorthaigh díobh sin;

2. Feistí atá bunaithe ar chiorcaid héilics, tonntreorach fillte, nó tonntreorach lúbaí, nó ar dhíorthaigh díobh sin, ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

a. Tá ‘bandaleithead meandrach’ leath ochtáibhe nó níos mó acu, agus meánchumhacht (arna sloinneadh in kW) iolraithe faoin minicíocht (arna sloinneadh in GHz) is mó ná 0,2; nó

b. Tá ‘bandaleithead meandrach’ acu ar lú é ná leath ochtáibhe; agus meánchumhacht (arna sloinneadh in kW) iolraithe faoin minicíocht (arna sloinneadh in GHz) is mó ná 0,4;

h. Tá tonntreoracha solúbtha acu atá ceaptha lena n-úsáid ag minicíochtaí arb airde iad ná 40 GHz;

i. Feistí tonnta fuaimiúla dromchla agus feistí tonnta fuaimiúla um bearradh dromchla (bulc éadomhain) (i.e., feistí ‘próiseála comharthaí’ lena n-úsáidtear tonnta leaisteacha in ábhair), ar fíor ina leith ceachtar de na nithe seo a leanas:

1. Tá minicíocht iompróra acu ar mó í ná 1 GHz; nó

2. Tá minicíocht iompróra acu arb ionann í agus 1 GHz nó ar lú í ná sin; agus

a. Tá ‘diúltú minicíochta taobhlóba’ acu ar mó é ná 55 dB;

b. Is mó toradh na moille uasta agus an bhandaleithid (am in μs agus bandaleithead in MHz) acu ná 100; nó

c. Tá moill spréite acu ar mó í ná 10 μs;

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.I.001.i, is é is ‘diúltú minicíochta taobhlóba’ ann luach uasta an diúltaithe a shonraítear ar an mbileog sonraí.

j. ‘Cealla’, mar a leanas:

1. ‘Cealla príomhúla’ ag a bhfuil ‘dlús fuinnimh’ 550 Wh/kg nó níos lú ag 293 K (20 °C);

2. ‘Cealla tánaisteacha’ ag a bhfuil ‘dlús fuinnimh’ 350 Wh/kg nó níos lú ag 293 K (20 °C);

Nóta: Le X.A.I.001.j., ní rialaítear ceallraí, lena n-áirítear ceallraí aonchille.

Nótaí Teicniúla:

1. Chun críoch X.A.I.001.j, ríomhfar dlús fuinnimh (Wh/kg) ón voltas ainmniúil á iolrú faoin acmhainneacht ainmniúil in aimpéaruaireanta á roinnt ar an mais i gcileagraim. Mura luaitear an acmhainneacht ainmniúil, ríomhfar an dlús fuinnimh ón voltas ainmniúil á chearnú agus ansin á iolrú faoin ré díluchtaithe in uaireanta á roinnt ar an ualach díluchtaithe in Óim agus an mhais i gcileagraim.

2. Chun críoch X.A.I.001.j., sainmhínítear ‘cill’ mar fheiste leictriceimiceach a bhfuil leictreoidí dearfacha agus diúltacha, agus leictrilít aici, agus ar foinse fuinnimh leictrigh í. Is é bloc tógála bunúsach an cheallra é.

3. Chun críoch X.A.I.001.j.1., is éard atá i ‘gcill phríomhúil’ ná ‘cill’ nach bhfuil deartha lena luchtú ó aon fhoinse eile.

4. Chun críoch X.A.I.001.j.2., is éard atá i ‘gcill thánaisteach’ ná ‘cill’ atá deartha lena luchtú ó fhoinse leictreach sheachtrach.

k. Leictreamaighnéid nó solanóidigh ‘fhorsheoltacha’ atá saindeartha lena luchtú nó lena ndíluchtú go hiomlán laistigh de níos lú ná nóiméad amháin, ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

Nóta: Le X.A.I.001.k, ní rialaítear leictreamaighnéid nó solanóidigh ‘fhorsheoltacha’ atá deartha lena n-úsáid i dtrealamh leighis um Íomháú Athshondais Mhaighnéadaigh.

1. Is mó ná 500 kJ in aghaidh an tsoicind an fuinneamh uasta a sholáthraítear i rith an díluchtaithe á roinnt ar ré an díluchtaithe leo;

2. Tá trastomhas inmheánach ag na tochráin iompróra srutha acu ar mó é ná 250 mm; agus

3. Tá siad rátaithe d’ionduchtú maighnéadach ar mó é ná 8 T nó do ‘dhlús iomlán an tsrutha’ ar mó é ná 300 A/mm^2 sa tochrán;

l. Ciorcaid nó córais le haghaidh stóráil fuinnimh leictreamaighnéadaigh a bhfuil comhpháirteanna iontu atá monaraithe as ábhair ‘fhorsheoltacha’ atá saindeartha chun go bhfeidhmeoidh ar a laghad ceann amháin dá gcomhchodaigh ‘fhorsheoltacha’ ag teochtaí arb ísle iad ná an ‘teocht chriticiúil’, ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

1. Tá minicíochtaí oibriúcháin athshondacha acu ar mó iad ná 1 MHz;

2. Tá dlús fuinnimh thaiscthe acu arb ionann é agus 1 MJ/m^3 nó ar mó é ná sin; agus

3. Tá aga díluchtaithe acu ar lú é ná 1 ms;

m. Tíreatróin hidrigine/hidrigine-iseatóip atá déanta de mhiotal ceirmeach acu agus atá rátaithe le haghaidh bhuaicshrutha 500 A nó níos mó;

n. Scagairí minicíochta ceirmeacha;

o. Grianchealla, cóimeálacha fuinneog idirnasctha cealla (CIC), grianphainéil agus eagair ghréine, atá 'spáscháilithe', agus nach rialaítear le 3A001.e.4[1];

p. gearrthóirí ceirméid.

X.A.I.002 'Cóimeálacha leictreonacha' ilchuspóireacha, modúil agus trealamh.

a. Trealamh tástála leictreonach, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

b. Taifeadáin dhigiteacha sonraí ionstraimíochta téipe maighnéadaí, ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas;

1. Tá uasráta aistrithe an chomhéadain dhigitigh acu ar mó é ná 60 Mbit/s agus úsáidtear teicnící scanta héiliciúla iontu;

2. Tá uasráta aistrithe an chomhéadain dhigitigh acu ar mó é ná 120 Mbit/s agus úsáidtear teicnící cnoga fhosaithe iontu; nó

3. 'Spáscháilithe';

[1] Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821.

c. Trealamh, a bhfuil uasráta aistrithe an chomhéadain dhigitigh aige ar mó é ná 60 Mbit/s, atá deartha chun fístaifeadáin dhigiteacha téipe maighnéadaí a thiontú chun a n-úsáide mar thaifeadáin dhigiteacha sonraí ionstraimíochta;

d. Ascalascóip analógacha neamh-mhodúlacha a bhfuil bandaleithead acu arb ionann é agus 1 GHz nó ar mó é ná sin;

e. Córais ascalascóip analógaigh neamh-mhodúlaigh, ag a bhfuil ceachtar de na saintréithe seo a leanas:

1. Tá mór-ríomhaire acu a bhfuil bandaleithead aige arb ionann é agus 1 GHz nó ar mó é ná sin; nó

2. Tá modúil a phlugáiltear isteach acu a bhfuil bandaleithead aonair acu arb ionann é agus 4 GHz nó ar mó é ná sin;

f. Ascalascóip analógacha shamplála chun anailís a dhéanamh ar na feiniméin athfhillteacha a bhfuil bandaleithead éifeachtach acu ar mó é ná 4 GHz;

g. Ascalascóip dhigiteacha agus taifeadáin díomuana, lena úsáidtear teicnící tiontaithe ó analógach go digiteach, lenar féidir díomuanta a stóráil trí shampláil sheicheamhach a dhéanamh ar ionchuir urchair aonair ag eatraimh chomhleantacha ar lú iad ná 1 ns (níos mó ná 1 Ghigeashampla in aghaidh an tSoicind), lena ndigitítear go 8 ghiotán nó taifeach níos mó agus lena stóráiltear 256 shampla nó níos mó.

Nóta: Le X.A.I.002 rialaítear na comhpháirteanna saindeartha seo a leanas le haghaidh ascalascóip analógacha:

1. *Aonaid a phlugáiltear isteach;*
2. *Aimplitheoirí seachtracha;*
3. *Réamhaimplitheoirí;*
4. *Gairis samplála;*
5. *Feadáin gha-chatóideacha.*

X.A.I.003 Trealamh próiseála sonrach, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas:

a. Athróirí minicíochta agus a gcomhpháirteanna saindeartha, seachas iad sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;';

b. Mais-speictriméadair, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

c. Meaisíní x-ghathanna splaince uile, agus comhpháirteanna de chórais cumhachta bíogaí atá deartha díobh, lena n-áirítear gineadóirí Marx, líonraí lena múnlaítear bíog ardchumhachta, toilleoirí ardvoltias, agus truicir;

d. Bíog-aimplitheoirí, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

e. Trealamh leictreonach maidir le giniúint moille ama nó tomhas eatraimh ama, mar a leanas:

1. Gineadóirí moille ama dhigitigh ag a bhfuil taifeach arb ionann é agus 50 nanashoicind nó ar lú é ná sin thar eatraimh ama arb ionann iad agus 1 mhicreashoicind nó ar mó iad ná sin; nó

2. Méadar eatraimh ilchainéil (trí cinn nó níos mó) nó méadar eatraimh ama mhodúlaigh agus trealamh cronaiméadrachta ag a bhfuil taifeach arb ionann é agus 50 nanashoicind nó ar lú é ná sin thar eatraimh ama arb ionann iad agus 1 mhicreashoicind nó ar mó iad ná sin;

f. Ionstraimí anailíseacha crómatagrafaíochta agus speictriméadrachta.

X.B.I.001 Trealamh chun comhpháirteanna nó ábhair leictreonacha a mhonarú, mar a leanas, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena aghaidh:

a. Trealamh atá saindeartha chun leictreonfheadáin, eilimintí optúla agus comhpháirteanna atá saindeartha lena aghaidh a mhonarú, ar trealamh é a rialaítear le 3A001[2] nó le X.A.I.001;

[2] Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

b. Trealamh atá saindeartha chun feistí leathsheoltacha, ciorcaid iomlánaithe agus ‘cóimeálacha leictreonacha’ a mhonarú, mar a leanas, agus córais ina n-ionchorpraítear an trealamh sin nó ag a bhfuil saintréithe an trealaimh sin:

Nóta: Le X.B.I.001.b. freisin, rialaítear trealamh a úsáidtear nó atá modhnaithe lena úsáid chun feistí eile a mhonarú, amhail gairis íomháithe, gairis leictrea-optúla, feistí tonnta fuaimiúla.

1. Trealamh chun ábhair a phróiseáil chun gairis agus comhpháirteanna a mhonarú mar a shonraítear i gceannteideal X.B.I.001.b, mar a leanas:

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001 feadáin fhoirnéise grianchloiche, líneálacha foirnéise, céaslaí, báid (cé is moite de chásbháid shaindeartha), dí-oighreoirí, caiséid nó breogáin atá saindeartha le haghaidh an trealaimh próiseála a rialaítear le X.B.I.001.b.1.

a. Trealamh chun sileacan polachriostalach agus ábhair a rialaítear le 3C001 a tháirgeadh[3];

b. Trealamh atá saindeartha chun ábhair leathsheoltacha III/V agus II/VI a íonú nó a phróiseáil agus a rialaítear le 3C001, 3C002, 3C003, 3C004, nó 3C005[4] cé is moite de tharraingeoirí criostail – maidir le tarraingeoirí criostail, féachtar X.B.I.001.b.1.c thíos;

[3] Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821
[4] Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

c. Tarraingeoirí criostail agus foirnéisí criostail, mar a leanas:

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.1.c foirnéisí idirleata agus ocsaídiúcháin.

1. Trealamh ainéalta agus athchriostalaithe seachas na foirnéisí teochta sheasta ina n-úsáidtear rátaí arda aistrithe fuinnimh, ar trealamh é lenar féidir sliseoga a phróiseáil ar ráta is mó ná 0,005 m^2 in aghaidh an nóiméid;

2. Tarraingeoirí criostail den chineál 'rialú le ríomhchlár stóráilte' ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

a. Tá siad in-athluchtaithe gan coimeádán an bhreogáin a ionadú;

b. Tá ar a gcumas feidhmiú ag brúnna os cionn 2,5 x 10^5 Pa; nó

c. Tá ar a gcumas criostail a tharraingt a bhfuil trastomhas acu is mó ná 100 mm;

d. Trealamh den chineál 'rialú le ríomhchlár stóráilte' le haghaidh fás eipealuadrach ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

1. Tá ar a chumas ciseal sileacain dar tiús nach mó ná ±2,5 % thar achar 200 mm nó níos mó a tháirgeadh;

2. Tá ar a chumas ciseal aon ábhair a tháirgeadh seachas sileacan darb aonfhoirmeacht tiúis ar feadh na sliseoige nach lú ná ± 3,5 %; nó

3. Uainíocht sliseog aonair le linn na próiseála;

e. Trealamh fáis eipealuadraigh léasacha móilíneacha;

f. Trealamh ‘spriúchta’ atá feabhsaithe go maighnéadach agus a bhfuil loic lódála chomhtháite saindeartha acu lenar féidir sliseoga a aistriú i dtimpeallacht folúis leithlisithe;

g. Trealamh atá saindeartha le haghaidh an ian-ionphlandaithe, an idirleata ianfheabhsaithe nó fhótaifheabhsaithe, agus ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

1. Cumas patrúnaithe;

2. Fuinneamh léis (voltas luasghéaraithe) is mó é ná 200 keV;

3. Tá siad optamaithe chun oibriú ag fuinneamh léis (voltas luasghéaraithe) ar lú é ná 10 keV; nó

4. Tá ar a gcumas ionphlandú ardfhuinnimh ocsaigine a dhéanamh i ‘bhfoshraith’ téite;

h. Trealamh den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ le haghaidh baint roghnaíoch (eitseáil) trí mhodhanna tirime ainiseatrópacha (e.g. plasma), mar a leanas:

1. ‘Cineálacha baisce’ ag a bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:

a. Aimsiú críochphointe, seachas cineálacha speictreascópacht astaíochta optúla; nó

b. Brú oibríochta (eitseáil) imoibreora 26,66 Pa nó níos lú;

2. ‘Cineálacha sliseog aonair’ ag a bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:

a. Aimsiú críochphointe, seachas cineálacha speictreascópacht astaíochta optúla;

b. Brú oibríochta (eitseáil) imoibreora 26,66 Pa nó níos lú; nó

c. Láimhseáil caiséad go caiséad agus glasanna ualaí sliseog;

Nótaí:

1. *Tagraíonn 'cineálacha baiste' do mheaisíní nach bhfuil saindeartha chun sliseoga aonair a phróiseáil. Le meaisíní den sórt sin is féidir dhá shliseog nó níos mó a phróiseáil go comhuaineach le paraiméadair phróisis choitianta, e.g., cumhacht RF, teocht, speicis gháis eitseála, rátaí sreafa.*

2. *Tagraíonn 'cineálacha sliseog aonair' do mheaisíní atá 'saindeartha' chun sliseoga aonair a phróiseáil. Sna meaisíní sin d'fhéadfadh teicnící uathoibríocha láimhseála sliseog a bheith in úsáid chun sliseog aonair a luchtú sa trealamh lena próiseáil. Sa sainmhíniú áirítear trealamh lenar féidir roinnt sliseog a lódáil agus a phróiseáil ach inar féidir na paraiméadair eitseála, e.g. cumhacht radaimhinicíochta nó críochphointe, a chinneadh go neamhspleách i gcás gach sliseoige aonair.*

i. Trealamh ‘deascadh trí ghalú ceimiceach’ (CVD), e.g., CVD atá feabhsaithe le plasma (PECVD) nó CVD fóta-fheabhsaithe, do mhonarú feistí leathsheoltacha, ar fíor ina leith ceachtar den dá chumas seo a leanas, chun ocsaídí, nítrídí, miotail nó sileacan polaichriostalta a dheascadh:

1. Trealamh ‘deascadh gaile ceimiceach’ a oibríonn faoi bhun 10^5 Pa; nó

2. Trealamh PECVD a oibríonn faoi bhun 60 Pa nó ag a bhfuil láimhseáil sliseog uathoibríoch le fearais caiséad-go-caiséad agus le loic lódála;

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.1.i córais ‘deascadh ceimiceach galaithe’ lagbhrú (LPCVD) ná trealamh imoibríoch den chineál ‘spriúchta’.

j. Córais léasacha leictreon atá saindeartha nó atá modhnaithe chun maisc a dhéanamh nó chun feistí leathsheoltacha a phróiseáil, ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

1. Sraonadh léasacha leictreastatacha;

2. Próifíl léis neamh-Ghuaiseach, í múnlaithe;

3. Ráta comhshó ó dhigiteach go hanalógach is mó ná 3 MHz;

4. Cruinneas tiontaithe ó dhigiteach go hanalógach is mó ná 12 giotán; nó

5. Cruinneas rialaithe aischothúcháin maidir le suíomh ó sprioc go léas 1 µm nó níos míne;µm

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.1.j córais deasctha léasacha leictreon ná micreascóip leictreon scanacháin ilchuspóireacha.

k. Trealamh críochnaithe dromchla chun sliseoga leathsheoltacha a phróiseáil mar a leanas:

1. Trealamh atá saindeartha chun próiseáil chúlrach a dhéanamh ar shliseoga is tanaí ná 100 µm agus an deighilt ina dhiaidh sin; nó

2. Trealamh atá saindeartha chun gairbhe dromchla a bhaint amach i ndromchla gníomhach sliseoige próiseáilte dar luach dhá-shigme nach mó ná 2 µm, léamh iomlán léirithe (TIR);

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.1.k trealamh lapála agus snasaithe aontaobha chun dromchla sliseog a bhailchríochnú.

l. Trealamh idirnasctha lena n-áirítear comhchuasáin folúis aonair nó ilchuasáin folúis atá saindeartha chun gur féidir aon trealamh a rialaítear le X.B.I.001 a chomhtháthú i gcóras iomlán;

m. Trealamh den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ lena n-úsáidtear ‘léasair’ chun ‘ciorcaid iomlánaithe mhonailiotacha’ a dheisiú nó a bhearradh, ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

1. Cruinneas aimsiúcháin suímh is mó ná ± 1 μm; nó

2. Tá méid an spota (leithead an ghearrtha) níos lú ná 3 μm.

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.B.I.001.b.1, is éard atá sa ‘spriúchadh’ próiseas brataithe forleagain ina ndéantar iain a bhfuil lucht deimhneach iontu a luathú le réimse leictreach, i dtreo dromchla sprice (ábhar brataithe). Is leor fuinneamh cinéiteach na n-ian tuinsimh chun go scaoilfí adaimh an dromchla sprice agus chun go ndeascfaí iad ar fhoshraith. (Tugtar faoi deara: Is gnáthmhodhnuithe ar an bpróiseas iad spriúchadh trióide, maighnéatróin nó radaimhinicíochta chun greamaitheacht an bhrataithe agus an ráta deasctha a mhéadú.)

2. Maisc, foshraitheanna masc, trealamh chun maisc a dhéanamh agus trealamh aistrithe íomhánna chun gairis agus comhpháirteanna a mhonarú mar a shonraítear i gceannteideal X.B.I.001, mar a leanas:

Nóta: Leis an téarma maisc, tagraítear do na maisc a úsáidtear i liteagrafaíocht léasacha leictreon, i liteagrafaíocht X-ghathach, agus i liteagrafaíocht ultraivialait, chomh maith leis an ngnáth-fhótailiteagrafaíocht ultraivialaite agus infheicthe.

a. Maisc chríochnaithe, mioneangaí agus dearaí lena n-aghaidh, ach amháin:

1. Maisc nó mioneangacha críochnaithe le haghaidh táirgeadh ciorcad iomlánaithe nach rialaítear le 3A001[5]; nó

2. Maisc nó mioneangaí ag a bhfuil an dá shaintréith seo a leanas:

a. Tá a ndearadh bunaithe ar gheoiméadracht 2,5 µm nó níos mó; agus

b. b. Ní áirítear sa dearadh gnéithe speisialta chun an úsáid atá beartaithe a athrú trí threalamh táirgthe nó trí ‘bhogearraí’;

[5] Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

b. Foshraitheanna masc, mar a leanas:

1. ‘Foshraitheanna’ (e.g., gloine, grianchloiche, saifír) dromchla crua (e.g., cróimiam, sileacan, molaibdéineam) atá brataithe chun maisc a ullmhú ag a bhfuil toisí is mó ná 125 mm x 125 mm; nó

2. Foshraitheanna atá saindeartha le haghaidh maisc x-ghathacha;

c. Trealamh, seachas ríomhairí ilchuspóireacha, atá saindeartha le haghaidh dearadh ríomhchuidithe (CAD) feistí leathsheoltacha nó ciorcad iomlánaithe;

d. Trealamh nó meaisíní, mar a leanas, chun maisc nó mioneangaí a mhonarú:

1. Ceamaraí céime agus athdhéanta fóta-optúla agus athcheamaraí lenar féidir eagair is mó ná 100 mm x 100 mm a tháirgeadh, nó lenar féidir aon nochtadh amháin is mó ná 6 mm x 6 mm a tháirgeadh sa phlána íomhá (i.e., fócasach), nó lenar féidir leithid líne is lú ná 2,5 μm a tháirgeadh san fhótaifhriotaí ar an ‘bhfoshraith’;

2. Trealamh chun maisc nó mioneangaí a dhéanamh lena n-úsáidtear liteagrafaíocht léis iain nó ‘léasair’ lenar féidir leithid líne is lú ná 2,5 μm a tháirgeadh; nó

3. Trealamh nó gabhdáin chun maisc nó mioneangaí a athrú nó chun scannáin a chur isteach nó chun fabhtanna a bhaint;

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.2.d.1 ná le b.2.d.2 trealamh monaraithe masc ina n-úsáidtear modhanna fóta-optúla a bhí ar fáil ar bhonn tráchtála roimh an 1 Eanáir 1980, nó nach fearr a bhfeidhmíocht ná an trealamh sin.

e. Trealamh den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ chun maisc, mioneangaí nó scannáin a iniúchadh mar a leanas:

1. Taifeach 0,25 µm nó taifeach is míne ná sin; agus

2. Beachtas 0,75 µm nó beachtas is míne ná sin thar fhad 63,5 mm nó níos mó i gcomhordanáid amháin nó dhó;

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.2.e micreascóip leictreon scanacháin ilchuspóireacha ach amháin nuair atá siad saindeartha agus ionstraimithe chun iniúchadh uathoibríoch a dhéanamh ar phatrúin.

f. Trealamh chun sliseoga a tháirgeadh a ailíniú agus a nochtadh trí mhodhanna fóta-optúla nó x-gha, e.g. trealamh liteagrafaíochta, lena n-áirítear trealamh aistrithe íomhánna teilgin agus trealamh céime agus athdhéanta (céim dhíreach ar an sliseog) nó trealamh céime agus scanta (scanóir), trealamh lenar féidir aon cheann de na feidhmeanna seo a leanas a dhéanamh:

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.2.f trealamh rianaithe fhóta-optúil agus ailíniú agus nochtadh masc gaireachta ná trealamh rianaithe aistriú íomhánna.

1. Táirgeadh patrúin is lú ná 2.5 µm;

2. Ailíniú le beachtas is míne ná ± 0,25 µm (3 shigme);

3. Forleagan meaisín le meaisín nach fearr ná ± 0,3 µm; nó

4. Tonnfhad foinse solais is giorra ná 400 nm;

g. Trealamh léasacha leictreoin, léasacha iain nó trealamh X-ghathach le haghaidh aistriú íomhánna teilgin lenar féidir patrúin is lú é ná 2,5 µm a tháirgeadh;

Nóta: Maidir le córais dhírithe léasacha sraonta (córais taifeadta dhíreacha), féachtar X.B.I.001.b.1.j.

h. Trealamh lena n-úsáidtear ‘léasair’ chun taifead díreach a dhéanamh ar shliseoga lenar féidir patrúin is lú ná 2,5 µm a tháirgeadh.

3. Trealamh chun ciorcaid iomlánaithe a chóimeáil, mar a leanas:

   a. ‘Nascóir dísle den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

      1. ‘Tá siad saindeartha’ do ‘chiorcaid iomlánaithe hibrideacha’;

      2. Bogadh aimsiúcháin céim X-Y is mó ná 37,5 x 37,5 mm; agus

      3. Cruinneas suiteála i bplána X-Y is míne ná ± 10 μm;

   b. ‘Trealamh den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ chun roinnt nasc a tháirgeadh in aon oibríocht amháin (e.g., nascóirí léis seolán, nascóirí iompartha sliseanna, nascóirí téipe);

   c. Séalóirí caipíní teo leath-uathoibríocha nó uathoibríocha, lena ndéantar téamh áitiúil ar an gcaipín go teocht is airde ná corp an phacáiste, atá saindeartha le haghaidh pacáistí ceirmeacha micrichiorcaid a rialaítear le 3A001[6] agus ag a bhfuil tréchur nach lú ná aon phacáiste amháin in aghaidh an nóiméid.

   Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.001.b.3 spot-táthóirí den chineál friotaíochta ilchuspóirí.

[6] Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

4. Scagairí le haghaidh seomraí glana lenar féidir timpeallacht aeir a sholáthar nach mó ná deich gcáithnín atá inti, ar cáithníní 0,3 μm nó níos lú atá iontu, in aghaidh an 0,02832 m^3 agus scagairí lena n-aghaidh.

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.B.I.001, is éard is 'rialú le ríomhchlár stóráilte' ann rialú a úsáideann treoracha atá stóráilte in stóras leictreonach ar féidir do phróiseálaí iad a rith chun feidhmiú feidhmeanna réamhchinntithe a stiúradh. Is féidir trealamh a bheith faoi 'rialú le ríomhchlár stóráilte' bíodh an stóráil leictreonach á dhéanamh go hinmheánach sa trealamh nó go seachtrach.

X.B.I.002 Trealamh chun comhpháirteanna agus ábhair leictreonacha a iniúchadh nó a thástáil, agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena n-aghaidh.

a. Trealamh atá saindeartha chun iniúchadh nó tástáil a dhéanamh ar leictreonfheadáin, ar eilimintí optúla agus ar chomhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, agus a rialaítear le 3A001[7] nó X.A.I.001;

b. Trealamh atá saindeartha chun iniuchadh nó tástáil a dhéanamh ar fheistí leathsheoltacha, ar chiorcaid iomlánaithe agus ar 'chóimeálacha leictreonacha', mar a leanas, agus córais ina n-ionchorpraítear an trealamh sin nó ag a bhfuil saintréithe an trealaimh sin:

Nóta: Le X.B.I.002.b. freisin, rialaítear trealamh a úsáidtear nó atá modhnaithe lena úsáid chun feistí eile a mhonarú, amhail gairis íomháithe, gairis leictrea-optúla, feistí tonnta fuaimiúla.

7 Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

1. Trealamh iniúchta den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ chun fabhtanna, earráidí nó éilleáin nach mó ná 0,6 μm a bhrath ar shliseoga nó ar fhoshraitheanna próiseáilte, nó iontu, cé is moite de chláir ciorcaid phriontáilte nó sliseanna, agus úsáid á baint as teicnící chun íomhánna optúla a fháil lena ndéantar comparáid idir patrúin;

   Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.002.b.1. micreascóip leictreon scanacháin ilchuspóireacha, ach amháin nuair atá siad saindeartha agus sainionstraimithe chun iniúchadh uathoibríoch a dhéanamh ar phatrúin.

2. Trealamh tomhais agus anailíse den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’, mar a leanas:

   a. Trealamh atá saindeartha chun an cion ocsaigin nó carbóin in ábhair leathsheoltacha a thomhas;

   b. Trealamh chun leithid líne a thomhas le taifeach 1 μm nó taifeach is míne ná sin;

   c. Ionstraimí tomhais saindeartha chun plánacht a thomhas, lenar féidir dialltaí ón bplánacht 10 μm nó níos lú a thomhas le taifeach 1 μm nó níos lú.

3. Trealamh scrúdaithe sliseog den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

   a. Cruinneas aimsiúcháin is míne ná 3,5 μm;

   b. Tá ar a chumas tástáil a dhéanamh ar fheistí ina bhfuil líon is mó ná 68 teirminéal; nó

   c. Tá ar a chumas tástáil a dhéanamh ag minicíocht is mó ná 1 GHz;

4. Trealamh optúil mar a leanas:

   a. Trealamh den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ atá saindeartha chun feistí leathsheoltacha scoite agus díslí neamh-imchochlaithe a thástáil, lenar féidir tástáil a dhéanamh ag minicíochtaí is airde ná 18 GHz;

      Nóta Teicniúil: I measc na bhfeistí leathsheoltacha scoite tá fótaichill agus grianchill.

   b. Trealamh den chineál ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ atá saindeartha chun tástáil a dhéanamh ar chiorcaid iomlánaithe agus ar ‘chóimeálacha leictreonacha’ lena n-aghaidh, lenar féidir tástáil fheidhmiúil a dhéanamh:

      1. Ag ‘ráta patrúin’ is mó ná 20 MHz; nó

2. Ag ‘ráta pátrún’ is mó ná 10 MHz ach nach mó ná 20 MHz agus lenar féidir pacáistí ina bhfuil níos mó ná 68 teirminéal a thástáil.

Nótaí: Ní rialaítear le X.B.I.002.b.4.b. trealamh tástála atá saindeartha chun tástáil a dhéanamh orthu seo a leanas:

1. Cuimhní;

2. ‘Cóimeálacha’ nó aicme ‘cóimeálacha leictreonacha’ le haghaidh feidhmeanna baile agus siamsaíochta; agus

3. Comhpháirteanna leictreonacha, ‘cóimeálacha leictreonacha’ agus ciorcaid iomlánaithe nach rialaítear le 3A001[8] ná le X.A.I.001, ar choinníoll nach n-ionchorpraítear leis an trealamh tástála sin saoráidí ríomhaireachta le ‘in-ríomhchláraitheacht atá inrochtana don úsáideoir’.

Nóta Teicniúil: Chun críocha X.B.I.002.b.4.b, sainmhínítear gurb é is ‘ráta patrúin’ ann uasmhinicíocht an oibriúcháin dhigitigh atá ag tástálaí. Dá bhrí sin, tá sé coibhéiseach leis an ráta sonraí is airde is féidir le tástálaí a sholáthar sa mhód neamh-ilphléacsaithe. Tagraítear dó freisin mar luas tástála, mar uasmhinicíocht dhigiteach nó mar uasluas digiteach.

8 Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

c. Trealamh atá saindeartha chun feidhmíocht eagar plánaí fócasacha a chinneadh ag tonnfhaid is mó ná 1 200 nm, agus lena n-úsáidtear tomhais ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ nó meastóireacht ríomhchuidithe agus ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

1. Úsáid trastomhais spota solais scanacháin is lú ná 0,12 mm;

2. Tá siad deartha chun paraiméadair feidhmíochta fótamhothálacha a thomhas agus chun meastóireacht a dhéanamh ar an bhfreagairt mhinicíochta, ar fheidhm aistrithe modhnúcháin, ar aonfhoirmeacht na freagrúlachta nó an torainn; nó

3. Tá siad deartha chun meastóireacht a dhéanamh ar eagair lenar féidir íomhánna a chruthú inar mó ná 32 x 32 dúil líne atá iontu;

5. Córais tástála léis leictreoin atá deartha chun feidhmiú ag 3 keV nó faoina bhun sin, nó córais léasacha ‘léasair’, chun scrúdú neamhtheagmhála a dhéanamh ar fheistí leathsheoltacha ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe:

a. Cumas stróbascópaí le dalladh léis nó stróbáil bhrathadóireachta;

b. Speictriméadar leictreon chun voltas a thomhas le taifeach is lú ná 0,5 V; nó

c. Daingneáin tástálacha leictreacha chun anailís feidhmíochta a dhéanamh ar chiorcaid iomlánaithe;

Nóta: Ní rialaítear le X.B.I.002.b.5 micreascóip leictreon scanacháin, ach amháin nuair atá siad saindeartha agus sain-ionstraimithe chun scrúdú neamhtheagmhála a dhéanamh ar fheiste leathsheoltach chumhachtaithe.

6. Córais ilfheidhmeacha léis ian fócasaithe den chineál 'rialú le ríomhchlár stóráilte' atá saindeartha chun maisc nó feistí leathsheoltacha a mhonarú, a dheisiú, chun anailís a dhéanamh ar a leagan amach fisiciúil agus chun iad a thástáil, agus ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

a. Cruinneas rialaithe aischothúcháin maidir le suíomh ó sprioc go léas 1 μm nó níos míne; nó

b. Cruinneas tiontaithe ó dhigiteach go hanalógach is mó ná 12 giotán;

7. Córais tomhaiste cáithníní lena n-úsáidtear ‘léasair’ atá deartha chun méid na gcáithníní agus a dtiúchan san aer a thomhas, ag a:

   a. Tá ar a chumas méid cáithníní nach mó ná 0,2 μm a thomhas ag ráta sreafa 0,02832 m^3 in aghaidh an nóiméid nó níos mó; agus

   b. Tá ar a chumas aer glan d'Aicme 10 nó níos fearr a shaintréithriú.

Nóta Teicniúil: Chun críoch X.B.I.002, is éard is ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ ann rialú a úsáideann treoracha atá stóráilte in stóras leictreonach ar féidir do phróiseálaí iad a rith chun feidhmiú feidhmeanna réamhchinntithe a stiúradh. Is féidir trealamh a bheith faoi ‘rialú le ríomhchlár stóráilte’ bíodh an stóráil leictreonach á dhéanamh go hinmheánach sa trealamh nó go seachtrach.

X.B.I.003 Trealamh chun Cláir Ciorcad Phriontáilte (PCBanna) a mhonarú agus comhpháirteanna agus gabhálais atá saindeartha lena n-aghaidh, mar a leanas:

a. Trealamh próiseála scannán;

b. Trealamh brataithe masc sádair;

c. Trealamh breacaire grianghraif;

d. Trealamh deasctha plátála nó leictreaphlátála;

e. cuasáin agus preasanna folúis;

f. Lannaitheoirí rolla;

g. Trealamh ailínithe; nó

h. Trealamh eitseála.

X.B.I.004 Trealamh iniúchta optúil uathoibrithe chun Cláir Ciorcad Phriontáilte (PCBanna) a thástáil, bunaithe ar bhraiteoirí optúla nó leictreacha, agus atá ábalta aon cheann de na lochtanna cáilíochta seo a leanas a bhrath:

a. Spásáil, achar, toirt nó airde;

b. Bordáil bille;

Nóta: Ní rialaítear le X.A.VI.001.f soithí atá ar cónaí go sealadach, a úsáidtear le haghaidh iompar príobháideach nó chun paisinéirí nó earraí a iompar ó chríocha custaim an Aontais nó tríothu.

g. Innill mhuirí (lena n-áirítear innill istigh agus innill transaim) agus innill fomhuireán agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

h. Gairis neamhspleácha análaithe (trealamh scúba) agus gabhálais lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

i. Seaicéad tarrthála, cartúis aershéidte, compáis tumadóireachta, agus ríomhairí tumadóireachta;

Nóta: Ní rialaítear le X.A.VI.001.i. earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.

j. Soilsí faoi uisce agus trealamh tiomána faoi uisce; nó

Nóta: Ní rialaítear le X.A.VI.001.j. earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.

k. Comhbhrúiteoirí aeir agus córais scagacháin atá saindeartha chun sorcóirí aeir a líonadh.

X.D.VI.001 ‘Bogearraí’ atá saindeartha nó atá sainmhodhnaithe le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealaimh a rialaítear le X.A.VI.001.

X.D.VI.002 ‘Bogearraí’ atá saindeartha chun feithiclí intumtha gan foireann a oibriú, ar feithiclí iad a úsáidtear sa tionscal ola agus gáis.

X.E.VI.001 ‘Teicneolaíocht’ chun trealamh a rialaítear le X.A.VI.001 ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.

Catagóir VII – Aeraspás agus Tiomáint

X.A.VII.001 Innill díosail, agus tarracóirí agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821:

a. Innill díosail, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, le haghaidh trucailí, tarracóirí, agus feidhmeanna mótarfheithiclí, ag a bhfuil aschur cumhachta foriomlán 298 kW nó níos mó.

b. Tarracóirí rothacha seach-mhórbhealaigh ag a bhfuil achmhainneacht iompair 9 t nó níos mó; agus comhpháirteanna agus gabhálais shaindeartha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

c. Tarracóirí bóthair le haghaidh leathleantóirí, ar a bhfuil acastóirí deiridh singil nó teaindim atá rátaithe le haghaidh 9 dtona nó níos mó in aghaidh an acastóra agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

Nóta: Ní rialaítear le X.A.VII.001.b ná le X.A.VII.001.c feithiclí atá ar cónaí go sealadach, a úsáidtear le haghaidh iompar príobháideach nó chun paisinéirí nó earraí a iompar ó chríocha custaim an Aontais nó tríothu.

X.A.VII.002 Innill ghástuirbín agus comhpháirteanna, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

a. Ní úsáidtear.

b. Ní úsáidtear.

c. Aerinnill ghástuirbín, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

d. Ní úsáidtear.

e. Trealamh análaithe aerárthaigh a oibríonn le comhbhrú, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

X.A.VII.003 Innill aerárthaigh, cé is moite díobh sin a shonraítear in X.A.VII.002, LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas:

a. Innill loiní dócháin inmheánaigh, frithingeacha spréachadhainte nó rothlacha; nó

b. Innill leictreacha.

Nóta Teicniúil: Chun críocha X.A.VII.003, áirítear le haerárthaigh na nithe seo a leanas: eitleáin, aerárthaigh gan foireann, héileacaptair, uathghíreáin, aerárthaigh hibrideacha nó samhlacha raidió-rialaithe.

X.B.VII.001 Trealamh tástála tonnchreatha agus comhpháirteanna saindeartha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

Nóta: Ní rialaítear le X.B.VII.001. ach trealamh le haghaidh 'forbartha' nó 'táirgthe'. Ní rialaítear leis córais faireacháin staide.

X.B.VII.002 'Trealamh', uirlisiú nó daingneáin atá saindeartha, chun lanna tuirbíní gáis, eití nó múnlaí scriútaí rinne a mhonarú nó a thomhas, mar a leanas:

a. Trealamh uathoibrithe a úsáideann modhanna neamh-mheicniúla chun tiús ballaí aereiteoige a thomhas;

b. Uirlisiú, daingneáin nó trealamh tomhais le haghaidh na bpróiseas druileáilte poll ‘léasair’, scaird uisce nó ECM/EDM a rialaítear le 9E003.c[22];

c. Trealamh láiste croíthe ceirmeacha;

d. Trealamh nó uirlisí monaraithe croíthe ceirmeacha;

e. Trealamh ullmhaithe patrún céarach sceallaí ceirmeacha;

f. Trealamh scriosdóite nó bácála sceallaí ceirmeacha.

X.D.VII.001 ‘Bogearraí’, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ trealaimh a rialaítear le X.A.VII.001 nó le X.B.VII.001.

X.D.VII.002 ‘Bogearraí’, chun trealamh a rialaítear le X.A.VII.002 nó le X.B.VII.002 ‘a fhorbairt’ nó ‘a tháirgeadh’.

X.E.VII.001 ‘Teicneolaíocht’, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealaimh a rialaítear le X.A.VII.001 nó le X.B.VII.001.

[22] Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

X.E.VII.002 ‘Teicneolaíocht’, chun trealamh a rialaítear le X.A.VII.002 nó le X.B.VII.002 ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.

X.E.VII.003 Aon ‘teicneolaíocht’ eile, nach dtugtar tuairisc uirthi in 9E003[23], mar a leanas:

a. Córais rialaithe le haghaidh glanspás barra lanna rótair a úsáideann ‘teicneolaíocht’ ghníomhach cásála cúitimh atá teoranta do dhearadh agus do bhunachar sonraí forbartha; nó

b. Imthaca gáis le haghaidh cóimeálacha rótair d’innill tuirbín.

‘Catagóir VIII – Ítimí ilghnéitheacha

X.A.VIII.001 Trealamh le haghaidh táirgeadh nó taiscéalaíocht ola mar a leanas:

a. Trealamh tomhais comhtháite cinn druilire, lena n-áirítear córais thámhúla treostiúrtha le haghaidh tomhas le linn druileála;

b. Córais monatóireachta gáis agus brathadóirí lena n-aghaidh, atá deartha chun a n-oibrithe go leanúnach agus chun suilfíd hidrigine a bhrath;

c. Trealamh le haghaidh tomhais seismeolaíocha, lena n-áirítear seisméitic frithchaithimh agus tonnchreathairí seismeacha;

d. Sondálaithe fuaime dríodair.

23 Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

X.A.VIII.002 Trealamh, ‘cóimeálacha leictreonacha’ agus comhpháirteanna, atá saindeartha le haghaidh ríomhairí candamacha, leictreonaic chandamach, braiteoirí candamacha, aonaid phróiseála chandamacha, ciorcaid chandamghiotán, gairis chandamghiotán, córais radair chandamacha, lena n-áirítear cealla Pockel.

Nóta 1: Le ríomhairí candamacha, déantar ríomhanna a bhaineann tairbhe as saintréithe comhchoiteanna na staideanna candamacha, amhail as forshuíomh, trasnaíocht agus fostú.

Nóta 2: Aonaid, ciorcaid agus gairis, áirítear leo sin ciorcaid fhorsheoltacha, ainéaladh candamach, gairis ianghaiste, idirghníomhú fótónaice, sileacan/guairne, adaimh fhuara, ach ní hiad sin amháin a áirítear leo.

X.A.VIII.003 Micreascóip, trealamh gaolmhar agus brathadóirí mar a leanas:

a. Leictreonmhicreascóip scanacháin(SEM);

b. Micreascóip scanacháin tarathair;

c. Leictreonmhicreascóip tarchuir (TEM);

d. Micreascóip fórsa adamhacha (AFM);

e. Micreascóip fórsa scanacháin (SFM);

f. Trealamh agus brathadóirí, atá saindeartha le haghaidh a n-úsáidte leis na micreascóip a shonraítear in X.A.VIII.003.a go X.A.VIII.0003.e, agus ina n-úsáidtear aon cheann de na teicnící anailíse ábhair seo a leanas:

1. Fótaispeictreascópacht x-gha (XPS);

2. Speictreascópacht x-gha fhuinneamhspréiteach (EDX, EDS); nó

3. Leictreonspeictreascópacht le haghaidh anailís cheimiceach (ESCA).

X.A.VIII.004 Trealamh tiomsúcháin le haghaidh mianta miotail faoi ghrinneall na domhainmhara.

X.A.VIII.005 Trealamh monaraíochta agus meaisín-uirlisí mar a leanas:

a. Trealamh monaraithe shuimithigh le haghaidh ‘táirgeadh’ páirteanna miotail;

Nóta: Níl feidhm ag X.A.VIII.005.a ach amháin maidir leis na córais seo a leanas:

1. Córais leapa púdair ina n-úsáidtear leá roghnaitheach le léasair (SLM), leá CUSING le léasair, sintéarú díreach miotail le léasar (DMLS) nó léa le leictreonléas (EBM); nó

2. Córais púdarfhotha ina n-úsáidtear léasarchlúdach, deascadh fuinnimh dhírigh nó deascadh miotail le léasar.

b. Trealamh monaraithe shuimithigh le haghaidh ‘ábhair fuinneamhachais’, lena n-áirítear trealamh ina n-úsáidtear easbhrú ultrasonach;

c. Trealamh monaraithe shuimithigh de chineál an fhótaipholaiméirithe dabhcha ina n-úsáidtear liteagrafaíocht steiréó (SLA) nó próiseáil solais dhigiteach (DLP).

X.A.VIII.006 Trealamh le haghaidh ‘táirgeadh’ leictreonaice priontáilte le haghaidh dé-óidí orgánacha astaithe solais (OLED), trasraitheoirí orgánacha tionchair réimse (OFET) nó cealla orgánacha fotavóltacha (OPVC).

X.A.VIII.007 Trealamh le haghaidh ‘táirgeadh’ córas micrileictreameicniúil (MEMS) ina n-úsáidtear saintréithe meicniúla an tsileacain, lena n-áirítear braiteoirí i bhformáid slise amhail brú-scannáin, léasacha lúbthachta nó gairis mhicreachoigeartúcháin.

X.A.VIII.008 Trealamh, é saindeartha chun leictribhreoslaí (leictribhreoslaí agus breoslaí sintéiseacha) nó grianchealla sáréifeachtúla (éifeachtúlacht > 30 %) a tháirgeadh.

X.A.VIII.009 Trealamh le haghaidh folús ultra-ard (UHV) mar a leanas:

a. Caidéil UHV (caidéil néalúcháin, caidéil turbamhóilíneacha, caidéal idirleata, caidéil chrióigineacha, caidéil ianghabhálaí);

b. Brúthomhsairí UHV.

Nóta: Ciallaíonn UHV brú 100 nanaPascal (nPa) nó níos ísle.

X.A.VIII.010 'Córais chuisniúcháin chrióigineacha' atá deartha chun teochtaí a choinneáil faoi bhun 1,1 K ar feadh 48 n-uaire an chloig nó níos mó agus an trealamh cuisniúcháin crióigineach gaolmhar mar a leanas:

a. Bíogfheadáin;

b. Crióstait;

c. Fleascáin Dewar;

d. Córas Láimhseála Gáis (GHS);

e. Comhbhrúiteoirí; nó

f. Aonad Rialaithe.

Nóta: 'Córais chuisniucháin chrióigineacha', áirítear leo sin an Cuisniú Caolúcháin, na Cuisneoirí Dímhaighnéadaithe Aidiabataigh agus na Córais Fuaraithe le Léasar, ach ní hiad sin amháin a áirítear leo.

X.A.VIII.011 Trealamh ‘díchochlúcháin’ le haghaidh gairis leathsheoltóra.

Nóta: Is éard is ‘díchochlú’ ann an caipín, an claibín, nó an t-ábhar imchochlúcháin a bhaint de chiorcad comhtháite pacáistithe trí bhíthin modh meicniúil, teirmeach nó ceimiceach.

X.A.VIII.012 Fótabhrathadóirí Ard-Éifeachtúlachta Candamaí ag a bhfuil éifeachtúlacht chandamach is mó ná 80 % sa raon tonnfhaid is airde ná 400 nm ach nach airde ná 1 600 nm.

X.AVIII.013 Meaisín-uirlisí faoi rialú uimhriúil, ag a bhfuil ais líneach amháin nó níos mó ar mó ná 8 000 mm an fad gluaiste iontu.

X.A.VIII.014 Córais canóna uisce le haghaidh smachtú círéibe nó slua-rialaithe, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

Nóta: Áirítear ar chórais gunnaí móra uisce X.A.VIII.014, mar shampla: feithiclí nó stáisiúin sheasta atá feistithe le canóin uisce cianoibrithe atá deartha chun an t-oibreoir a chosaint ó chíréib lasmuigh le gnéithe amhail armúr, fuinneoga atá frithsheasmhach in aghaidh bloghta, scáileáin miotail, túsbharraí cosanta, nó boinn reatha éigeandála. Áirítear ar chomhpháirteanna atá saindeartha le haghaidh gunnaí móra uisce, mar shampla: buinní uisce gunna deice, caidéil, taiscumair, ceamaraí, agus soilse atá cruaite nó cosanta in aghaidh diúracán, crainn ardúcháin le haghaidh na n-ítimí sin, agus córais teilea-oibriúcháin le haghaidh na n-ítimí sin.

X.A.VIII.015 Airm bhuailte um fhorfheidhmiú an dlí, lena n-áirítear súnna, bataí póilíní, bataí taobhláimhe, tonfaí, sjambokanna, agus fuipeanna.

X.A.VIII.016 Clogaid agus sciatha póilíneachta; agus comhpháirteanna saindeartha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

X.A.VIII.017 Gairis srianta um fhorfheidhmiú an dlí, lena n-áirítear geimhle cos, geimhle agus glais láimhe; seaicéid cheangail; stiúdghlais; criosanna turrainge; muinchillí turrainge; gléasanna um shrianadh ilphointe amhail cathaoireacha srianta; agus comhpháirteanna agus gabhálais shaindeartha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

Nóta: Tá feidhm ag X.A.VIII.017 maidir le gairis srianta a úsáidtear i ngníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí. Níl feidhm aige maidir le feistí leighis atá feistithe chun gluaiseacht an othair a shrianadh le linn gnáthaimh leighis. Níl feidhm aige maidir le feistí lena ndéantar othair lagchuimhne a choinneáil i saoráidí leighis iomchuí. Níl feidhm aige maidir le trealamh sábháilteachta amhail criosanna sábhála nó suíocháin sábháilteachta gluaisteán leanaí.

X.A.VIII.018 Trealamh, bogearraí, agus sonraí taiscéalaíochta ola agus gáis, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

a. Ní úsáidtear.

b. Ítimí scoilte hiodrálacha, mar a leanas:

1. Bogearraí agus sonraí um scoilteadh hiodrálach a dhearadh agus a anailísiú;

2. 'Própant' scoilte hiodrálaigh, 'sreabhán fraiceála', agus breiseáin cheimiceacha lena n-aghaidh; nó

3. Caidéil ardbhrú.

Nóta Teicniúil:

Ábhar soladach, gaineamh a chóireáiltear de ghnáth nó ábhair cheirmeacha de dhéantús an duine is ea 'própant', atá deartha chun scoilteadh hiodrálach ionduchtaithe a choinneáil oscailte, le linn nó tar éis cóireáil scoilte. Cuirtear é le 'sreabhán fraiceála' a d'fhéadfadh a bheith éagsúil i gcomhdhéanamh ag brath ar an gcineál scoilte a úsáidtear, agus is féidir leis a bheith bunaithe ar ghlóthach, cúr nó uisce sleamhain.

X.A.VIII.019 Trealamh próiseála sonrach, mar a leanas (féach an Liosta Ítimí a Rialaítear):

a. Maighnéid fáinne;

b. Ní úsáidtear.

X.A.VIII.020 Airm agus gléasanna atá ceaptha le haghaidh círéib a smachtú nó le haghaidh féinchosanta, mar seo a leanas:

a. Airm turrainge leictrí iniompartha nach féidir a dhíriú ach ar dhuine amháin gach uair a thugtar turraing leictreach, lena n-áirítear stiúdsmachtíní, sciatha turrainge leictrí, stiúdghunnaí agus ga-ghunnaí turrainge leictrí;

b. Fearais ina bhfuil na comhpháirteanna riachtanacha uile chun airm turrainge leictrí iniompartha a chóimeáil a rialaítear le hítim X.A.VIII.020.a; nó

Nóta: Meastar gur comhpháirteanna riachtanacha na hearraí seo a leanas:

1. An t-aonad a ghineann an turraing leictreach;

2. An lasc, bíodh sí ina cianlasc nó ná bíodh; agus

3. Na leictreoidí nó, i gcás inarb infheidhme, na sreanga trína dtugtar an turraing leictreach.

c. Airm turrainge leictrí suite nó insuite a chlúdaíonn limistéar fairsing agus lenar féidir turraingí leictreacha a dhíriú ar níos mó ná duine amháin.

X.A.VIII.021 Airm agus trealamh lena scaiptear substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin le haghaidh círéib a smachtú nó le haghaidh féinchosanta agus substaintí gaolmhara áirithe, mar seo a leanas:

a. Airm agus trealamh iniompartha lena dtugtar dáileog de shubstaint cheimiceach ghreannach nó éagumasúcháin a dhírítear ar dhuine amháin nó lena scaiptear dáileog den substaint a dhéanann dochar do limistéar beag, mar shampla i bhfoirm ceobhráin nó scamaill, nuair a thugtar dáileog den substaint cheimiceach nó nuair a scaiptear í;

Nóta 1: Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh a rialaítear le hítim ML7(e) de chuid LCM an Aontais Eorpaigh.

Nóta 2: Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh iniompartha aonair, fiú má tá substaint cheimiceach ann, nuair is lena úsáideoir atá sé ar mhaithe le cosaint phearsanta an úsáideora.

Nóta 3: Le cois substaintí ceimiceacha ábhartha, amhail oibreáin smachtaithe círéibe nó PAVA, measfar gur substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin iad na hearraí a rialaítear le hítim X.A.VIII.021.c agus ítim X.A.VIII.021.d.

b. Fanailealaimíd aigéid pheileargónaigh (PAVA) (CAS 2444-46-4);

c. Capsacaim oiléaroisín (OC) (CAS 8023-77-6);

d. Meascáin de 0,3 % PAVA nó OC ar a laghad de réir meáchain agus tuaslagóir (amhail eatánól, 1-própánól nó heacsán), a d'fhéadfaí a thabhairt mar oibreáin ghreannacha nó éagumasúcháin, go háirithe in aerasóil agus i bhfoirm leachtach, nó a d'fhéadfaí a úsáid chun oibreáin ghreannacha nó éagumasúcháin a dhéanamh;

Nóta 1: Leis an ítim seo, ní rialaítear anlainn agus ullmhóidí lena n-aghaidh, anraithí agus ullmhóidí lena n-aghaidh agus tarsainn mheasctha agus blastanais mheasctha, ar choinníoll nach iad PAVA agus OC an t-aon bhlas comhpháirteach atá iontu.

Nóta 2: Leis an ítim seo, ní rialaítear táirgí íocshláinte dá dtugtar údarú margaíochta i gcomhréir le dlí an Aontais.

e. Is éard atá sa trealamh suite chun substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin a scaipeadh, ar féidir a fheistiú ar bhalla nó ar shíleáil laistigh d'fhoirgneamh, ná ceanastar oibreán ceimiceach éagumasúcháin nó greannach a ghníomhaítear trí úsáid a bhaint as córas cianrialaithe; nó

Nóta: Le cois substaintí ceimiceacha ábhartha, amhail oibreáin smachtaithe círéibe nó PAVA, measfar gur substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin iad na hearraí a rialaítear le hítim X.A.VIII.021.c agus ítim X.A.VIII.021.d.

f. Trealamh suite nó insuite chun oibreáin cheimiceacha ghreannacha nó éagumasúcháin a scaipeadh a chlúdaíonn limistéar fairsing agus nach bhfuil ceaptha le bheith feistithe ar bhalla nó ar shíleáil laistigh d'fhoirgneamh;

Nóta 1: Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh a rialaítear le hítim ML7(e) de chuid LCM an Aontais Eorpaigh.

Nóta 2: Le cois substaintí ceimiceacha ábhartha, amhail oibreáin smachtaithe círéibe nó PAVA, measfar gur substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin iad na hearraí a rialaítear le hítim X.A.VIII.021.c agus ítim X.A.VIII.021.d.

g. Substaintí ceimiceacha greannacha eile, agus meascáin díobh ina bhfuil 0,3 % ar a laghad den tsubstaint ghníomhach de réir meáchain, mar a leanas:

1. Débheinsea[b.f][1.4]ocsaiseifín (CR) (CAS 257-07-8);

2. 8-Meitil-N-fanailíl-tras-6-nónaimíd(caipsicin) (CAS 404-86-4);

3. 8-Meitil-N-fanailíl-nónaimíd (déhidreachaipsicin) (CAS 19408-84-5);

4. N-Fanailíl-9-meitildeic-7-(E)-eanaimíd(homachaipsicin) (CAS 58493-48-4);

5. N-Fanailíl-9-meitil-dhéacananaimíd (homaidhéhidreachaipsicin) (CAS 20279-06-5);

6. N-Fanailíl-7-meitil-dhéacananaimíd (nóirdihédhéhidreachaipsicin) (CAS 28789-35-7);

7. 4-Naonánólmorfóilín (MPA) (CAS 5299-64-9);

8. Cis-4-aocéatáit-aimíndhéihicleaheicsilmheatáin (CAS 37794-87-9);

9. N,N'-Bis(iseapróipil)eitiléindhéimíne; nó

10. N,N'-Bis(treasbhúitile)eitiléindhéimíne.

X.A.VIII.022 Táirgí a d'fhéadfaí a úsáid chun daoine a chur chun báis le hinstealladh marfach, mar a leanas:

a. Oibreáin barbatúráite ainéistéiseacha a ghníomhaíonn go gearrthréimhseach agus go meántréimhseach lena n-áirítear, ach nach dteorannaítear chuig:

1. Aimileabarbatón (CAS 57-43-2);

2. Salann sóidiam aimileabarbatóin (CAS 64-43-7);

3. Peantabarbatón (CAS 76-74-4);

4. Salann sóidiam peantabarbatóin (CAS 57-33-0);

5. Seacabarbatón (CAS 76-73-3);

6. Salann sóidiam peantabarbatóin (CAS 309-43-3);

7. Tiaipeantán (CAS 76-75-5); nó

8. Salann sóidiam tiaipeanteáin, (CAS 71-73-8), dá ngairtear sóidiam tiaipeantóin freisin;

b. Táirgí ina bhfuil ceann de na hoibreáin ainéistéiseacha a liostaítear faoi X.A.VIII.022.a.

X.A.VIII.023 Eangacha, ceannbhrait, pubaill, blainéid agus éadaí, atá saindeartha le haghaidh duaithníochta.

X.A.VIII.024 ‘Feithiclí uile-thír-raoin’.

Nóta Teicniúil:

‘ciallaíonn ‘feithicil uile-thír-raoin’ aon fheithicil mhótair atá deartha le taisteal ar thrí nó ceithre bhoinn ísealbhrú (níos lú ná 0.9 bar de bhrú tomhsaire) ar dhromchlaí gan phábháil, ag a bhfuil suíochán de ghnáth atá deartha d’oibreoir a shuíonn gabhalscartha agus hanla mar stiúir. Féadfar a áireamh le ‘feithicil uile-thír-raoin’, mar shampla, cuadrothair, feithiclí easbhóthair, feithiclí tír-raoin fóntais.

X.B.VIII.001 Trealamh próiseála sonrach, mar a leanas (féach an Liosta Ítimí a Rialaítear):

a. Teo-chealla; nó

b. Boscaí lámhainní atá oiriúnach le húsáid le hábhair radaighníomhacha.

X.C.VIII.001 Púdair miotal agus púdair cóimhiotail, is féidir a úsáid le haghaidh aon cheann de na córais a liostaítear in X.A.VIII.005.a.

X.C.VIII.002 Ábhair shárfhorbartha mar a leanas:

a. Ábhair le haghaidh cealtrú nó le haghaidh duaithníocht oiriúnaitheach;

b. Meatábhair, e.g. ag a bhfuil comhéifeacht athraonta dhiúltach;

c. Ní úsáidtear;

d. Cóimhiotail ard-eantrópachta (HEA);

e. Comhdhúile Heusler; nó

f. Ábhair Kitaev, lena n-áirítear leachtanna guairneacha Kitaevacha.

X.C.VIII.003 Polaiméirí comhchuingeacha (idir sheoltach, leathsheoltach agus leictrea-lonrach) le haghaidh leictreonaic phriontáilte nó orgánach.

X.C.VIII.004 Ábhair fuinneamhais mar a leanas agus meascáin díobh:

a. Piocráit amóiniam (CAS 131-74-8);

b. Púdar dubh;

c. Heicsinítridéfheiniolaimín (CAS 131-73-7);

d. Défhluaraimín (CAS 10405-27-3);

e. Stáirse nítreach (CAS9056-38-6);

f. Ní úsáidtear;

g. Teitriníotranaftailéin;

h. Tríníotranasól;

i. Tríníotranaftailéin;

j. Tríníotrocsailéin;

k. N-piorólaidhéanón; 1-meitil-2-piorólaidhéanón (CAS 872-50-4);

l. Dé-ochtalmaléáit (CAS 142-16-5);

m. Eitilheicsiolaicrioláit (CAS 103-11-7);

n. Trí-eitiolalúmanam (TEA) (CAS 97-93-8), trímheitilalúmanam (TMA) (CAS 75-24-1), agus ailcilí agus airilí miotalacha pireafóracha ó litiam, sóidiam, maignéisiam, sinc nó bórón;

o. Nítriceallalós (CAS 9004-70-0);

p. Nítriglicrín (nó gliocróiltríníotráit, trínítriglicrín) (NG) (CAS 55-63-0);

q. 2,4,6-tríníotratolúéin (TNT) (CAS 118-96-7);

r. Eitiléindé-aimíndéníotráit (EDDN) (CAS 20829-66-7);

s. Teitriníotráit pheinteiritríotóil (PETN) (CAS 78-11-5);

t. Aisíd luaidhe (CAS 13424-46-9), gnáthstiofnáit luaidhe (CAS 15245-44-0) agus stiofnáit luaidhe bhunúsach (CAS 12403-82-6), agus pléascáin phríomhúla nó cumaisc phrímeála ina bhfuil aisídí nó coimpléisc aiside;

u. Ní úsáidtear;

v. Ní úsáidtear;

w. Dé-eitildéfheiniolúiré (CAS 85-98-3); Démheitildéfheiniolúiré (CAS 611-92-7); úiré mheitileitildhéfheinile.

x. N,N-défheiniolúiré (défheiniolúiré neamhshiméadrach) (CAS 603-54-3);

y. Meitil-N,N-défheiniolúiré (défheiniolúiré neamhshiméadrach mheitile) (CAS 13114-72-2);

z. Eitil-N,N-défheiniolúiré (défheiniolúiré neamhshiméadrach eitile) (CAS 64544-71-4);

aa. Ní úsáidtear;

bb. 4-Nítridhéfheiniolaimín (4-NDPA)(CAS 836-30-6);

cc. 2,2-déníotraprópánól (CAS 918-52-5); nó

dd. Ní úsáidtear.

X.D.VIII.001 Bogearraí, atá saindeartha le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealaimh a shonraítear in X.A.VIII.005 go X.A.VIII.0013.

X.D.VIII.002 Bogearraí, atá saindeartha le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ trealaimh, ‘cóimeálacha leictreonacha’ nó comhpháirteanna a shonraítear in X.A.VIII.002.

X.D.VIII.003 Bogearraí le haghaidh leathchúplaí digiteacha táirgí monaraithe shuimithigh nó chun iontaofacht táirgí monaraithe shuimithigh a chinneadh.

X.D.VIII.004 ‘Bogearraí’ atá saindeartha le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ tráchtearraí a rialaítear le X.A.VIII.014.

X.D.VIII.005 ‘Bogearraí’ sonracha, mar a leanas (an Liosta Ítimí a Rialaítear):

a. ‘Bogearraí’ le haghaidh ríomhanna/samhlú neodrónach;

b. ‘Bogearraí’ le haghaidh ríomhanna/samhlú iompair radaíochta; nó

c. ‘Bogearraí’ le haghaidh ríomhanna/samhaltú hidridinimiciúil.

X.E.VIII.001 ‘Teicneolaíocht’ chun trealamh a shonraítear in X.A.VIII.001 go X.A.VIII.0013 ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.

X.E.VIII.002 ‘Teicneolaíocht’ chun ábhair a shonraítear in X.C.VIII.002 nó X.C.VIII.003 ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’

X.E.VIII.003 ‘Teicneolaíocht’ le haghaidh leathchúplaí digiteacha táirgí monaraithe shuimithigh nó chun iontaofacht táirgí monaraithe shuimithigh a chinneadh nó le haghaidh ‘bogearraí’ a shonraítear in X.D.VIII.003.

X.E.VIII.004 ‘Teicneolaíocht’ le haghaidh ‘forbairt’, ‘táirgeadh’ nó ‘úsáid’ bogearraí a shonraítear in X.D.VIII.001 go X.D.VIII.002.

X.E.VIII.005 ‘Teicneolaíocht’ atá ‘riachtanach’ le haghaidh ‘forbairt’ agus ‘táirgeadh’ tráchtearraí atá faoi rialú X.A.VIII.014.

X.E.VIII.006 ‘Teicneolaíocht’ chun trealamh a rialaítear le X.A.VIII.017 ‘a fhorbairt’ nó ‘a tháirgeadh’ go heisiach.

Catagóir IX – Ábhair Speisialta agus Trealamh Gaolmhar

X.A.IX.001 Oibreáin cheimiceacha, lena n-áirítear foirmliú deorgháis ina bhfuil cion 1 % nó níos lú d'ortaclóraibeansalmalónainítríl (CS), nó 1 % nó níos lú de chlóraicéitifeanón (CN), seachas i gcoimeádáin aonair ag a bhfuil glanmheáchan de 20 g nó níos lú; piobar leachtach ach amháin nuair atá sé pacáistithe i gcoimeádáin aonair ag a bhfuil glanmheáchan de 85,05 g nó níos lú; buamaí deataigh; bladhmanna deataigh neamhghreannacha, ceanastair, gránáidí agus lánáin; agus earraí piriteicniúla eile ag a bhfuil dé-úsáid mhíleata agus tráchtála, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

X.A.IX.002 Púdair, ruaimeanna, agus dúigh mhéarlorgaireachta.

X.A.IX.003 Trealamh cosanta agus braite nach bhfuil saindeartha le haghaidh úsáid mhíleata agus nach rialaítear le 1A004 ná 2B35124, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear), agus comhpháirteanna nach bhfuil saindeartha le haghaidh úsáid mhíleata agus nach rialaítear le 1A004 ná 2B351 lena n-aghaidh:

a. Dáileogmhéadair phearsanta chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht; nó

b. Trealamh atá teoranta de réir dearaidh nó feidhme chun cosaint a thabhairt in aghaidh guaiseacha a bhaineann go sonrach le tionscail shibhialta, amhail mianadóireacht, cairéalacht, talmhaíocht, cógaisíocht, míochaine, tréidliacht, comhshaol, bainistiú dramhaíola, nó don tionscal bia.

24 Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

Nóta: Ní rialaítear le X.A.IX.003 ítimí le haghaidh cosaint in aghaidh oibreáin cheimiceacha nó bhitheolaíocha ar earraí tomhaltais iad, atá pacáistithe lena miondíol nó chun úsáide pearsanta, nó táirgí leighis, amhail lámhainní scrúdaithe laitéise, lámhainní máinliachta laitéise, gallúnach díghalráin leachtach, cultacha máinliachta indiúscartha, gúnaí máinliachta, clúdaigh cos máinliachta, agus maisc mháinliachta.

X.A.IX.004 Trealamh próiseála sonrach, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas (féach Liosta na nEarraí Rialaithe):

a. Trealamh braite, faireacháin agus tomhais radaíochta, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821; nó

b. Trealamh braite radagrafaigh amhail tiontairí x-ghathanna, agus plátaí íomhánna fosfair stórála.

X.B.IX.001 Trealamh próiseála sonrach, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas (féach Liosta na nEarraí Rialaithe):

a. Cealla leictrealaíocha chun fluairín a tháirgeadh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

b. Luasaire cáithníní;

c. Crua-earraí/córais rialaithe an phróisis thionsclaíoch atá deartha le haghaidh tionscail chumhachta, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

d. Córais freon agus córais fuaraithe uisce fuaraithe a bhfuil ar a gcumas dleachtanna fuaraithe leanúnacha 29,3 kW/hr nó níos mó a dhéanamh; nó

e. Trealamh chun comhchodaigh struchtúracha, snáithíní, réamhthuiltí agus réamhfhoirmeacha a tháirgeadh.

X.C.IX.001 Comhdhúile ar leithligh atá sainithe ó thaobh ceimice de, de réir Nóta 1 a ghabhann le Caibidlí 28 agus 29 den Ainmníocht Chomhcheangailte:

a. I dtiúchan de 95 % de réir meáchain nó níos mó, mar a leanas:

1. Déchlóiríd eitiléine (CAS 107-06-2);

2. Nítrimeatán (CAS 75-52-5);

3. Aigéad picreach (CAS 88-89-1);

4. Clóiríd amóiniam (CAS 7446-70-0);

5. Arsanaic (CAS 7440-38-2);

6. Trí-ocsaíd arsanaice (CAS 1327-53-3);

7. Hidreaclóiríd bis(2-clóireitil)eitiolaimín (CAS 3590-07-6);

8. Hidreaclóiríd bis(2-clóireitil)meitiolaimín (CAS 55-86-7);

9. Hidreaclóiríd trios(2-clóireitil)aimín (CAS 817-09-4);

10. Tríbhúitiolfoisfít (CAS 102-85-2);

11. Isicianáitimeatán (CAS 624-83-9);

12. Cuinaildín (CAS 91-63-4);

13. 2-Brómaclóireatán (CAS 107-04-0);

14. Beinsíl (CAS 134-81-6);

15. Éitear dé-eitile (CAS 60-29-7);

16. Éitear démheitile (CAS 115-10-6);

17. Démheitiolaimíneatánól (CAS 108-01-0);

18. 2-meatocsa-eatánól (CAS 109-86-4);

19. Bútairiolcoilíneistearáis (BCHE);

20. Dé-eitiléintríaimín (CAS 111-40-0);

21. Déchlóraimeatán (CAS 75-09-2);

22. Démheitiolanailín (CAS 121-69-7);

23. Bróimíd eitile (CAS 74-96-4);

24. Clóiríd eitile (CAS 75-00-3);

25. Eitiolaimín (CAS 75-04-7);

26. Heicsimín (CAS 100-97-0);

27. Iseaprópánól (CAS 67- 63-0);

28. Bróimíd iseapróipile (CAS 75-26-3);

29. Éitear iseapróipile (CAS 108-20-3);

30. Meitiolaimín (CAS 74-89-5);

31. Bróimíd mheitile (CAS 74-83-9);

32. Mona-iseapróipiolaimín (CAS 75-31-0);

33. Clóiríd obadocsaíme (CAS 114-90-9);

34. Bróimíd photaisiam (CAS 7758-02-3);

35. Piridín (CAS 110-86-1);

36. Bróimíd phiridistigmíne (CAS 101-26-8);

37. Bróimíd sóidiam (CAS 7647-15-6);

38. Miotal sóidiam (CAS 7440-23-5);

39. Tríbhúitiolaimín (CAS 102-82-9);

40. Trí-eitiolaimín (CAS 121-44-8); nó

41. Trímheitiolaimín (CAS 75-50-3).

b. I dtiúchan de 90 % de réir meáchain nó níos mó, mar a leanas:

1. Aicéatón (CAS 67-64-1);

2. Aicéitiléin (CAS 74-86-2);

3. Amóinia (CAS 7664-41-7);

4. Antamón (CAS 7440-36-0);

5. Beansaildéad (CAS 100-52-7);

6. Beansóin (CAS 119-53-9);

7. 1-Bútánól (CAS 71-36-3);

8. 2-Bútánól (CAS 78-92-2);

9. Isea-bútánól (CAS 78-83-1);

10. Treas-bútánól (CAS 75-65-0);

11. Cairbíd chailciam (CAS 75-20-7);

12. Aonocsaíd charbóin (CAS 630-08-0);

13. Clóirín (CAS 7782-50-5);

14. Cioglaiheicseanal (CAS 108-93-0);

15. Déchioglaiheicsiolaimín (CAS 101-83-7);

16. Eatánól (CAS 64-17-5);

17. Eitiléin (CAS 74-85-1);

18. Ocsaíd eitiléine (CAS 75-21-8);

19. Fluarapaitít (CAS 1306-05-4);

20. Clóiríd hidrigine (CAS 7647-01-0);

21. Suilfíd hidrigine (CAS 7783-06-4);

22. Aigéad almóinneach (CAS 90-64-2);

23. Meatánól (CAS 67-56-1);

24. Clóiríd mheitile (CAS 74-87-3);

25. Iaidíd mheitile(CAS 74-88-4);

26. Mearcaptan meitile (CAS 74-93-1);

27. Mona-eitiléingliocól (CAS 107-21-1);

28. Clóiríd ocsailile (CAS 79-37-8);

29. Suilfíd photaisiam (CAS 1312-73-8);

30. Tiaicianáit photaisiam (CAS 333-20-0);

31. Hipeaclóirít sóidiam (CAS 7681-52-9);

32. Sulfar (CAS 7704-34-9);

33. Dé-ocsaíd sulfair (CAS 7446-09-5);

34. Trí-ocsaíd sulfair (CAS 7446-11-9);

35. Clóiríd tiafosfairile (CAS 3982-91-0);

36. Foisfít trí-iseabúitile (CAS 1606-96-8);

37. Fosfar bán (CAS 12185-10-3);

38. Fosfar buí (CAS 7723-14-0);

39. Mearcair (CAS 7439-97-6);

40. Clóiríd bairiam (CAS 10361-37-2);

41. Aigéad sulfarach (CAS 7664-93-9);

42. 3,3-démheitile -1-búitéin (CAS 558-37-2);

43. 2,2-dhémheitealphrópánól (CAS 630-19-3);

44. 2,2-clóiríd démheitealphrópáile (CAS 753-89-9);

45. 2-Meitilbhúitéin (CAS 26760-64-5);

46. 2-clóra-3-meitilbhúitéin (CAS 631-65-2);

47. 2,3-démheitile -2.3-bútáindé (CAS 76-09-5);

48. 2-meitil-2-búitéin (CAS 513-35-9);

49. Búitéil litiam (CAS 109-72-8);

50. Brómai(meitil)maignéisiam (CAS 75-16-1);

51. Formaildéad (CAS 50--00-0);

52. Dé-eatánólaimín (CAS 111-42-2);

53. Dé-mheitil carbónáite (CAS 616-38-6);

54. Hidreaclóiríd meitildhé-eatánólaimín (CAS 54060-15--0);

55. Hidreaclóiríd dé-eitiolaimín (CAS 660-68-4);

56. Hidreaclóiríd dé-iseapróipiolaimín (CAS 819-79-4);

57. Hidreaclóiríd ceithre-chlidianóin (CAS 1193-65-3);

58. Hidreaclóiríd trí-chlidianóil (CAS 6238-13-7);

59. (R)-3- hidreaclóiríd ceithre-chlidianóin (CAS 42437-96-7);

60. Hidreaclóiríd N,N-dé-eitiolaimíneatánóil (CAS 14426-20-1).

X.C.IX.002 Feantáinil agus a cuid díorthach Ailfeantáinil, Sufantainil, Reimifeantáinil, Cairfeantáinil, agus a gcuid salann.

Nóta: Ní rialaítear le X.C.IX.002 táirgí a aithnítear mar earraí tomhaltais atá pacáistithe lena miondíol chun úsáide pearsanta nó atá pacáistithe chun úsáid an duine aonair.

X.C.IX.003 Réamhtheachtaithe ceimiceacha de chuid ceimiceáin a ghníomhaíonn ar lárchóras na néaróg, mar a leanas:

a. 4-Anailín-N-feineitilpipiridín (CAS 21409-26-7); nó

b. N-Feineitil-4-pipiriodón (CAS 39742-60-4).

Nótaí:

1. Ní rialaítear le X.C.IX.003 'meascáin cheimiceacha' ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na ceimiceáin atá sonraithe in iontráil X.C.IX.003 nach mó ná 1 % de réir mheáchan an mheascáin aon cheimiceán ar leith atá sonraithe.

2. Ní rialaítear le X.C.IX.003 táirgí a aithnítear mar earraí tomhaltais atá pacáistithe lena miondíol chun úsáide pearsanta nó atá pacáistithe chun úsáid an duine aonair.

X.C.IX.004 Ábhair shnáithíneacha nó fhiliméadacha, nach rialaítear le 1C010 ná 1C210[25], le haghaidh úsáid i struchtúir 'chomhchodacha' agus ag a bhfuil modal sonrach de 3,18 x 10^6 m nó níos mó agus ag a bhfuil neart teanntachta sonrach de 7,62 x 10^4 m nó níos mó.

X.C.IX.005 'Vacsaíní', 'imdhíon-tocsainí', 'táirgí leighis', 'fearais dhiagnóiseacha agus tástála bia', mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

a. 'Vacsaíní' ina bhfuil ítimí a rialaítear le 1C351, 1C353 nó 1C354 nó atá deartha lena n-úsáid in aghaidh ítimí a rialaítear le 1C351, 1C353 nó 1C354;

25 Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

b. ‘Imdhíon-tocsainí’ ina bhfuil ítimí a rialaítear le 1C351.d; nó

c. ‘Táirgí leighis’ ina bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:

1. ‘Tocsainí’ a rialaítear le 1C351.d (seachas tocsainí botalanaim a rialaítear le 1C351.d.1, conatocsainí a rialaítear le 1C351.d.3, nó ítimí a rialaítear le haghaidh cúiseanna cogaíochta ceimiceacha faoi 1C351.d.4 nó.d.5); nó

2. Orgánaigh ghéinmhodhnaithe nó dúile géiniteacha a rialaítear le 1C353.a.3 (seachas iad siúd ina bhfuil tocsainí botalanaim nó ina bhfuil cód le haghaidh tocsainí botalanaim a rialaítear le 1C351.d.1 nó conatocsainí a rialaítear le 1C351.d.3);

d. ‘Táirgí leighis’ nach rialaítear le X.C.IX.005.c ina bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:

1. Tocsainí botalanaim a rialaítear le 1C351.d.1;

2. Conatocsainí a rialaítear le 1C351.d.3; nó

3. Orgánaigh ghéinmhodhnaithe nó dúile géiniteacha a rialaítear le 1C353.a.3 ina bhfuil tocsainí botalanaim nó ina bhfuil cód le haghaidh tocsainí botalanaim a rialaítear le 1C351.d.1 nó conatocsainí a rialaítear le 1C351.d.3; nó

e. ‘Feistis dhiagnóiseacha agus tástála bia’ ina bhfuil ítimí a rialaítear le 1C351.d (seachas ítimí a rialaítear le haghaidh cúiseanna cogaíochta ceimiceacha faoi 1C351.d.4 nó.d.5).

Nótaí Teicniúla:

1. Is éard is ‘táirgí leighis’ ann: (1) foirmlithe cógaisíochta atá deartha le haghaidh tástáil agus riar daoine (nó tréidliachta) i gcóireáil fadhbanna sláinte, (2) réamhphacáistithe lena ndáileadh mar tháirgí cliniciúla nó leighis, agus (3) arna bhformheas ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) lena gcur ar an margadh mar tháirgí cliniciúla nó leighis nó lena n-úsáid mar thaighde ar dhrugaí nua.

2. Déantar ‘fearais dhiagnóiseacha agus tástála bia’ a fhorbairt, a phacáistiú agus a mhargú go sonrach chun críocha diagnóiseacha nó sláinte poiblí. Tocsainí bitheolaíocha in aon chumraíocht eile, lena n-áirítear bulc-lastais, nó le haghaidh úsáidí deiridh eile, rialaítear iad le 1C351.

X.C.IX.006 Lánáin agus gairis tráchtála ina bhfuil ábhair fuinneamhachais, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, agus trífhluairíd nítrigine i staid ghásach (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

a. Lánáin mhúnlaithe atá saindeartha le haghaidh oibríochtaí toibreacha ola, trí úsáid a bhaint as lánán amháin a fheidhmíonn ar feadh ais aonair, a tháirgeann poll tráth an mhadhmtha, agus

1. Ina bhfuil aon fhoirmliú de ‘ábhair rialaithe’;

2. Nach bhfuil ach líneáil chónúil ar chruth aonfhoirmeach acu, ina bhfuil uillinn eatarthu de 90 céim nó níos lú;

3. Ina bhfuil níos mó ná 0,010 kg, ach níos lú ná nó cothrom le 0,090 kg de ‘ábhair rialaithe’; agus

4. Ina bhfuil trastomhas nach mó ná 114,3 cm;

b. Lánáin mhúnlaithe atá saindeartha le haghaidh oibríochtaí toibreacha ola ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 0,010 kg de ‘ábhair rialaithe’;

c. Corda madhmtha nó feadáin turrainge ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 0,064 kg/m de ‘ábhair rialaithe’;

d. Feistí cumhachta cartúis ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 0,70 kg de ‘ábhair rialaithe’ san ábhar grodloiscthe;

e. Maidhmitheoirí (leictreacha nó neamhleictreacha) agus cóimeálacha díobh, ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 0.01 kg de ‘ábhair rialaithe’;

f. Adhainteoirí, ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 0.01 kg de ‘ábhair rialaithe’;

g. Cartúis toibreacha ola, ina bhfuil níos lú ná 0,015 kg de ‘ábhair rialaithe’ nó méid atá cothrom leis sin;

h. Treiseoirí teilgthe nó brúite tráchtála ina bhfuil níos lú ná 1,0 kg de ‘ábhair rialaithe’ nó méid cothrom leis sin;

i. Sciodair agus eibleachtaí réamhdhéanta tráchtála ina bhfuil níos lú ná 10,0 kg, nó méid cothrom leis sin, de ‘ábhair rialaithe’ ML8, agus níos lú ná 35 % de réir meáchain, nó méid cothrom leis sin, de ‘ábhair rialaithe’ ML8;

j. Gearrthóirí agus uirlisí gearrtha ina bhfuil níos lú ná 3,5 kg de ‘ábhair rialaithe’, nó méid cothrom leis sin;

k. Feistí piriteicniúla nuair atá siad deartha go heisiach chun críocha tráchtála (e.g. stáitsí amharclainne, éifeachtaí speisialta léirithe scannán, agus taispeántais tinte ealaíne) agus ina bhfuil níos lú ná 3,0 kg de ‘ábhair rialaithe’, nó méid cothrom leis sin;

l. Feistí agus lánáin phléascacha tráchtála eile nach rialaítear le X.C.IX.006.a go.k ina bhfuil níos lú ná 1,0 kg de ‘ábhair rialaithe’, nó méid cothrom leis sin; nó

Nóta: Áirítear le X.C.IX.006.1 gairis sábháilteachta mótarfheithiclí; córais mhúchta; cartúis le haghaidh gunnaí seamaithe; muirir phléascacha le haghaidh oibríochtaí talmhaíochta, ola agus gáis, earraí spóirt, mianadóireacht tráchtála, nó chun críocha oibreacha poiblí; agus feadáin mhoille a úsáidtear i gcóimeáil feistí pléascacha tráchtála.

m. Trífhluairíd nítrigine (NF_3) i staid ghásach.

Nótaí:

1. Ciallaíonn ‘ábhair rialaithe’ ábhair fuinneamhachais rialaithe (féach 1C011, 1C111, 1C239 nó ML8).

2. Rialaítear trífhluairíd nítrigine, nuair nach bhfuil sí i staid ghásach, faoi ML8.d ag an LCM.

X.C.IX.007 Meascáin nach rialaítear le 1C350 nó 1C450[26] ina bhfuil ceimiceáin a rialaítear le 1C350 nó 1C450 agus fearais leighis, anailíseacha, dhiagnóiseacha agus tástála bia nach rialaítear le 1C350 nó 1C450 ina bhfuil ceimiceáin a rialaítear le 1C350, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

a. Meascáin ina bhfuil na tiúchain seo a leanas de cheimiceáin réamhtheachtacha a rialaítear le 1C350:

1. Meascáin ina bhfuil 10 % nó níos lú, de réir meáchain, d’aon cheimiceán aonair i Sceideal 2 de CWC a rialaítear le 1C350;

26 Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821.

2. Meascáin ina bhfuil níos lú ná 30 %, de réir meáchain, díobh seo a leanas:

a. Aon cheimiceán aonair i Sceideal 3 de CWC a rialaítear le 1C350; nó

b. Aon cheimiceán réamhtheachtach aonair, nach ceimiceach CWC é, a rialaítear le 1C350;

b. Meascáin ina bhfuil na tiúchain seo a leanas de cheimiceáin thocsaineacha nó réamhtheachtacha a rialaítear le 1C450:

1. Meascáin ina bhfuil na tiúchain seo a leanas de cheimiceáin i Sceideal 2 de CWC a rialaítear le 1C450:

a. Meascáin ina bhfuil 1 % nó níos lú, de réir meáchain, d'aon cheimiceán aonair i Sceideal 2 de CWC a rialaítear le 1C450.a.1 agus a.2 (i.e. meascáin ina bhfuil Amiton nó PFIB); nó

b. Meascáin ina bhfuil 10 % nó níos lú, de réir meáchain, d'aon cheimiceán aonair i Sceideal 2 de CWC a rialaítear le 1C450.b.1, b.2, b.3, b.4, b.5, nó b.6;

2. Meascáin ina bhfuil níos lú ná 30 %, de réir meáchain, d'aon cheimiceán aonair i Sceideal 3 de CWC a rialaítear le 1C450.a.4, a.5., a.6., a.7, nó 1C450.b.8;

c. 'Feistis leighis, anailíseacha, dhiagnóiseacha agus tástála bia' ina bhfuil ceimiceáin réamhtheachtacha a rialaítear le 1C350 i méid nach mó ná 300 gram in aghaidh an cheimiceáin.

Nóta Teicniúil:

Chun críche na hiontrála seo, is éard is 'fearais leighis, anailíseacha, diagnóiseacha agus tástála bia' ann ábhair réamhphacáistithe de chomhdhéanamh sainithe a fhorbraítear, a phacáistítear agus a mhargaítear go sonrach chun críocha leighis, anailíseacha, diagnóiseacha nó sláinte poiblí. Maidir le himoibreáin athsholáthair le haghaidh na bhfearas leighis, anailíseach, diagnóiseach agus tástála bia a dtugtar tuairisc orthu in X.C.IX.007.c, rialaítear iad le 1C350 má tá ar a laghad ceann amháin de na ceimiceáin réamhtheachtacha a shainaithnítear san iontráil sin i dtiúchain arb ionann iad agus na leibhéil rialaithe do mheascáin a shonraítear in 1C350 nó ar mó iad ná sin.

X.C.IX.008 Substaintí polaiméireacha neamhfhluairínithe, nach rialaítear le 1C008[27], mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

a. Céatóin éitir pholairléineacha, mar a leanas:

1. Céatón éitir poiléitir (PEEK);

2. Céatón céatóin poiléitir (PEKK);

3. Céatón poiléitir (PEK); nó

4. Céatón céatóin éitir céatóin poiléitir (PEKEKK);

b. Ní úsáidtear.

X.C.IX.009 Ábhair shonracha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

a. Cruach chruaite agus imthacaí gránacha beachtais cairbíde tungstain (trastomhas de 3 mm nó níos mó);

27 Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821.

b. pláta cruach dosmálta 304 agus 316, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

c. Pláta Monal;

d. Fosfáit tríbhúitile (CAS 126-73-8);

e. Aigéad nítreach (CAS 7697-37-2) i dtiúchain de 20 % de réir meáchain nó níos mó;

f. Fluairín (CAS 7782-41-4); nó

g. Radanúiclídí alfa-astaitheacha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

X.C.IX.010 Polaimídí aramatacha (araimíd) nach rialaítear le 1C010, 1C210 nó X.C.IX.004, a chuirtear i láthair in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

a. Foirmeacha príomhúla;

b. Snáth filiméid nó aonfhiliméid;

c. Barraigh filiméid;

d. Caisirníní;

e. Snáithíní stáplacha nó mionghearrtha;

f. Fabraicí;

g. Laíon nó flocais.

X.C.IX.011 Nana-ábhair mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

a. Nana-ábhair leathsheoltóra;

b. Nana-ábhair chomhchodacha-bhunaithe; nó

c. Aon cheann de na nana-ábhair charbónbhunaithe seo a leanas:

1. Nanafheadáin charbóin;

2. Nanashnáithíní carbóin;

3. Fullairéiní;

4. Graiféiní; nó

5. Oinniúin charbóin.

Nótaí: Chun críoch X.C.IX.011, ciallaíonn nana-ábhar ábhar a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas:

1. Tá sé comhdhéanta de cháithníní ag a bhfuil toise seachtrach amháin nó níos mó sa raon méide 1 – 100 nm le haghaidh níos mó ná 1 % dá líon méid-dáileacháin;

2. Tá struchtúir inmheánacha nó dromchla aige ag a bhfuil toise amháin nó níos mó sa raon méide 1 – 100 nm; nó

3. Tá achar dromchla sonrach aige, de réir toirte, atá níos mó ná 60 m^2/cm^3, seachas ábhair atá comhdhéanta de cháithníní ag a bhfuil méid ar lú í ná 1 nm.

X.C.IX.012 Miotail agus comhdhúil tearc-chré, bídís i bhfoirm orgánach nó ná bíodh, lena n-áirítear meascáin, bídís idirmheasctha nó idir-chóimhiotalaithe nó ná bídís.

Nóta 1: Áirítear ar mhiotail agus comhdhúil tearc-chré Scaindiam, Itriam, Lantanam, Ceiriam, Praiséidimiam, Neoidimiam, Próiméitiam, Samairiam, Eoraipiam, Gadailiniam, Teirbiam, Diospróisiam, Hoilmiam, Eirbiam, Túiliam, Itéirbiam agus Lúitéitiam;

Nóta 2: Chun críoch rialú X.C.IX.012, eisiatar mianraí ina bhfuil miotail tearc-chré;

Nóta 3: Le X.C.IX.012 ní rialaítear meascáin nach bhfuil aon mhiotal nó aon chomhdhúil a shonraítear san iontráil sin ina chion níos mó ná 5 % de réir mheáchan an mheascáin.

X.C.IX.013 Tungstan, cairbíd tungstain agus cóimhiotail, nach rialaítear le 1C117 ná 1C226[28], a bhfuil níos mó ná 90 % tungstain de réir meáchain iontu.

Nóta 1: Chun críoch rialú X.C.IX.013, eisiatar sreang

Nóta 2: Chun críoch rialú X.C.IX.013, eisiatar ionstraimí máinlíochta nó leighis.

X.C.IX.014 Litiam agus comhdhúile litiam, mar a leanas:

a. Litiam (CAS 7439-93-2);

b. Carbónáit litiam (CAS 554-13-2);

c. Hiodrocsaíd litiam (CAS 1310-65-2 agus CAS 1310-66-3);

d. Ocsaíd litiam (CAS 12057-24-8);

e. Ocsaíd chóbailt litiam (CAS 12190-79-3);

28 Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

f. Fosfáit iarainn litiam (CAS 15365-14-7);

g. Ocsaíd mhangainéise litiam (CAS 12057-17-9);

h. Ocsaíd chóbailt mhangainéise nicile litiam (CAS 346417-97-8); nó

i. Tíonánáit litiam (CAS 12031-82-2).

X.C.IX.015 Poileitiléin Meáchain Mhóilínigh Ultra-Aird (UHMWPE), nach rialaítear le 1C010 nó 1C210[29], a chuirtear i láthair in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas:

a. Foirmeacha príomhúla;

b. Snáth filiméid nó aonfhiliméid;

c. Barraigh filiméid;

d. Caisirníní;

e. Snáithíní stáplacha nó mionghearrtha;

f. Fabraicí;

g. Laíon nó flocais.

[29] Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

X.D.IX.001 ‘Bogearraí’ sonracha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

a. ‘Bogearraí’ atá saindeartha le haghaidh chrua-earraí/chórais rialaithe an phróisis thionsclaíoch a rialaítear le X.B.IX.001, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821; nó

b. ‘Bogearraí’ atá saindeartha le haghaidh trealamh chun comhchodaigh struchtúracha, snáithíní, réamhthuiltí agus réamhfhoirmeacha a rialaítear le X.B.IX.001 a tháirgeadh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

X.E.IX.001 ‘Teicneolaíocht’ chun ábhair shnáithíneacha agus fhiliméadacha a rialaítear le X.C.IX.004 agus X.C.IX.010 ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.

X.E.IX.002 ‘Teicneolaíocht’ chun nana-ábhair a rialaítear le X.C.IX.011 ‘a fhorbairt’, ‘a tháirgeadh’ nó ‘a úsáid’.

Catagóir X – Próiseáil ar Ábhair

X.A.X.001 Trealamh braite pléascán nó maidhmitheoirí, bunaithe ar bhulc agus ar rian araon, ina bhfuil gaireas uathoibrithe, nó teaglaim de ghairis le haghaidh cinnteoireacht uathoibrithe chun a bhrath an bhfuil cineálacha éagsúla pléascán, iarmhar pléascach nó maidhmitheoirí ann; agus comhpháirteanna, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821:

a. Trealamh braite pléascán le haghaidh ‘cinnteoireacht uathoibrithe’ chun bulcphléascáin a bhrath agus a shainaithint trí úsáid a bhaint as teicnící X-gha (e.g. tomagrafaíocht ríofa, fuinneamh déach, nó scaipeadh comhleanúnach), teicnící núicléacha (e.g., anailís ar neodrón teirmeach, anailís ar mearneodrón bíge, speictreascópacht tarchurtha mearneodróin bíge, agus ionsú athshondais gáma), nó teicnící leictreamaighnéadacha (e.g. athshondas ceathairpholach agus tréleictriméadracht), ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin;

b. Ní úsáidtear;

c. Trealamh braite maidhmitheoirí le haghaidh cinnteoireacht uathoibrithe chun gairis tionscanta a bhrath agus a shainaithint (e.g. maidhmitheoirí, caipíní pléasctha) trí úsáid a bhaint as teicnící X-gha (e.g. fuinneamh déach nó tomagrafaíocht ríofa) nó as teicnící leictreamaighnéadacha, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.

Nóta: Áirítear le trealamh braite pléascán nó madhmtha in X.A.X.001 trealamh chun daoine, doiciméid, bagáiste, earraí pearsanta eile, lasta agus/nó post a scagadh.

Nótaí Teicniúla:

1. *'Is éard atá i gceist le cinnteoireacht uathoibrithe cumas an trealaimh pléascáin nó maidhmitheoirí a bhrath ar leibhéal íogaireachta an deartha nó an oibreora atá roghnaithe agus aláram uathoibrithe a sholáthar nuair a bhraitear pléascáin nó maidhmitheoirí ag an leibhéal íogaireachta nó os a chionn.*

2. *Ní rialaítear leis an iontráil seo trealamh atá ag brath ar léirmhíniú an oibreora ar tháscairí amhail mapáil datha neamhorgánach/orgánach na n-ítimí atá á scanadh.*

3. *Áirítear le pléascáin agus maidhmitheoirí lánáin agus gairis tráchtála a rialaítear le X.C.VIII.004 agus X.C.IX.006 agus ábhair fuinneamhachais a rialaítear le 1C011, 1C111 agus 1C239*[30].

30 Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

X.A.X.002 Trealamh braite nithe ceilte a oibríonn sa raon minicíochta ó 30 GHz go 3 000 GHz agus ag a bhfuil taifeach spásúil de 0.1 mrad (millearaidian) suas go dtí 1 mrad (millearaidian) agus an taifeach sin san áireamh, ag achar scóipe de 100 m; agus comhpháirteanna, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

Nóta: Áirítear le trealamh braite nithe ceilte trealamh chun daoine, doiciméid, bagáiste, earraí pearsanta eile, lasta agus/nó post a scagadh, ach gan a bheith teoranta don mhéid sin.

Nóta Teicniúil:

Is éard atá i gceist le raon na minicíochtaí an raon a mheastar de ghnáth mar na réigiúin minicíochtaí toinne milliméadair, toinne fo-mhilliméadair agus teiriheirts.

X.A.X.003 Imthacaí agus córais imthacaí nach rialaítear le 2A001 (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

a. Imthacaí gránacha nó imthacaí gránacha soladacha, ag a bhfuil lamháltais atá sonraithe ag an monaróir i gcomhréir le ABEC 7, ABEC 7P, nó ABEC 7T nó Aicme 4 de Chaighdeán ISO nó níos fearr (nó a gcoibhéisí) agus ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas;

1. Monaraítear iad lena n-úsáid ag teochtaí oibriúcháin atá os cionn 573 K (300° C) trí ábhair speisialta a úsáid nó trí theaschóireáil speisialta; nó

2. Tá eilimintí bealaithe nó modhnuithe comhpháirteanna acu atá saindeartha, de réir shonraíochtaí an mhonaróra, chun go mbeidh na himthacaí in ann oibriú ag luasanna ar mó iad ná 2.3 milliún ‘DN’;

b. Imthacaí rollacha barrchaolaithe soladacha, ag a bhfuil lamháltais atá sonraithe ag an monaróir i gcomhréir le hAicme 00 (orlach) nó Aicme A (méadrach) ANSI/AFBMA nó níos fearr (nó a gcoibhéisí) agus ag a bhfuil ceachtar de na saintréithe seo a leanas:

1. Tá eilimintí bealaithe nó modhnuithe comhpháirteanna acu atá saindeartha, de réir shonraíochtaí an mhonaróra, chun go mbeidh na himthacaí in ann oibriú ag luasanna ar mó iad ná 2.3 milliún ‘DN’; nó

2. Monaraítear iad lena n-úsáid ag teochtaí oibriúcháin faoi bhun 219 K (– 54 °C) nó os cionn 423 K (150° C);

c. Imthaca scragaill gásbhealaithe a mhonaraítear lena n-úsáid ag teochtaí oibriúcháin de 561 K (288° C) nó níos airde agus ag a bhfuil acmhainn aonadlasta ar mó í ná 1 Mpa;

d. Córais imthacaí mhaighnéadacha ghníomhacha;

e. Imthacaí féinailínithe fabraiclíneáilte nó imthacaí sleamhnáin siurnail fabraiclíneáilte a mhonaraítear lena n-úsáid ag teochtaí oibriúcháin faoi bhun 219 K (– 54 °C) nó os cionn 423 K (150° C).

Nótaí Teicniúla:

1. Is toradh é 'DN' ar thrastomhas cró an imthaca in mm agus ar threoluas rothlach an imthaca in rpm.

2. Áirítear le teochtaí oibriúcháin na teochtaí sin a fhaightear nuair a stopann inneall gástuirbín tar éis oibriú

X.A.X.004 Píobánra, feistis agus comhlaí atá déanta as cóimhiotal copair-nicile dosmálta nó as cruach cóimhiotail eile, nó líneáilte leo, ina bhfuil 10 % nó níos mó de nicil agus/nó de chróimiam:

a. Brúfheadán, píopa agus feistis ag a bhfuil trastomhas inmheánach arb ionann é agus 200 mm nó ar mó é ná sin, agus atá oiriúnach chun oibriú ag brúnna de 3.4 MPa nó níos mó;

b. Comhlaí píopa ar fíor ina leith na saintréithe uile seo a leanas nach rialaítear le 2B350.g[31]:

1. Tá cónasc píopamhéide acu ag a bhfuil trastomhas inmheánach arb ionann é agus 200 mm nó ar mó é ná sin; agus

2. Tá siad rátaithe ag 10.3 MPa nó níos mó.

[31] Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

Nótaí:

1. Féach X.D.X.005 le haghaidh bogearraí le haghaidh ítimí a rialaítear faoin iontráil seo.

2. Féach 2E001 (‘forbairt’), 2E002 (‘táirgeadh’), agus X.E.X.003 (‘úsáid’) le haghaidh teicneolaíocht le haghaidh ítimí a rialaítear faoin iontráil seo.

3. Féach rialuithe gaolmhara 2A226, 2B350 agus X.B.X.010.

X.A.X.005 Caidéil atá deartha chun miotail leáite a bhogadh le fórsaí leictreamaighnéadacha.

Nótaí:

1. Féach X.D.X.005 le haghaidh bogearraí le haghaidh ítimí a rialaítear faoin iontráil seo.

2. Féach 2E001 (‘forbairt’), 2E002 (‘táirgeadh’), agus X.E.X.003 (‘úsáid’) le haghaidh teicneolaíocht le haghaidh ítimí a rialaítear faoin iontráil seo.

3. Caidéil lena n-úsáid in imoibreoirí leachtmhiotail fuaraithe, rialaitear iad le 0A001.

X.A.X.006 ‘Gineadóirí leictreacha iniompartha’ agus comhpháirteanna atá saindeartha.

Nóta Teicniúil:

‘Gineadóirí leictreacha iniompartha’ — Tá na gineadóirí atá in X.A.X.006 iniompartha — 2 268 kg nó níos lú ar rothaí nó inaistrithe i dtrucail 2,5 tona gan ceanglas socraithe speisialta.

X.A.X.007 Trealamh próiseála sonrach, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas (féach Liosta na nEarraí Rialaithe):

a. Comhlaí séalaithe boilg;

b. Ní úsáidtear.

X.B.X.001 ‘Imoibreoirí sreafa leanúnaigh’ agus a ‘gcomhpháirteanna modúlacha’.

Nótaí Teicniúla:

1. Chun críocha X.B.X.001, is éard atá in ‘imoibreoirí sreafa leanúnaigh’ córais mhearshuiteála ina mbíonn imoibreáin á gcur isteach san imoibreoir go leanúnach agus bailítear an táirge a bhíonn mar thoradh air sin ag an asraon.

2. Chun críocha X.B.X.001, is éard atá i ‘gcomhpháirteanna modúlacha’ modúil sreabhacha, caidéil leachta, comhlaí, modúil túir phacáilte, modúil mheasctha, brúthomhaiseoirí, deighilteoirí leachta-leachta, etc.

X.B.X.002 Cóimeálaithe agus sintéiseoirí aigéid núicléasaigh nach rialaítear le 2B352.i, atá uathoibrithe go páirteach nó go hiomlán, agus atá deartha chun aigéid núicléasacha ar mó iad ná 50 bun a ghiniúint.

X.B.X.003 Sintéiseoirí peiptíde uathoibrithe atá ábalta oibriú faoi dhálaí atmaisféir rialaithe.

X.B.X.004 Aonaid rialaithe uimhriúil le haghaidh meaisín-uirlisí agus meaisín-uirlisí ‘a rialaítear go huimhriúil’, cé is moite díobh siúd a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821 (féach an Liosta Ítimí Rialaithe):

a. Aonaid ‘rialaithe uimhriúil’ do mheaisín-uirlisí:

1. Ceithre ais idirshuíomhacha ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach don rialú comhrianaithe; nó

2. Tá dhá cheann nó níos mó d’aiseanna idirshuíomhacha acu ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach don rialú comhrianaithe agus tá incrimint íosta in-ríomhchláraithe acu ar fearr (ar lú) í ná 0,001 mm;

3. Aonaid ‘rialaithe uimhriúil’ le haghaidh meaisín-uirlisí ag a bhfuil dhá ais, trí ais nó ceithre ais idirshuíomhacha ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach don rialú comhrianaithe, agus iad in ann sonraí dearaidh ríomhchuidithe (DRC) a fháil go díreach (ar líne) agus a phróiseáil le haghaidh treoracha meaisín a ullmhú go hinmheánach; nó

b. Cláir rialaithe gluaisne atá saindeartha do mheaisín-uirlisí agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. Idirshuíomh i níos mó ná ceithre ais;

2. An cumas próiseáil fíor-ama a dhéanamh ar shonraí chun conair na huirlise, an ráta fothaithe agus sonraí fearsaidí a mhodhnú, le linn na hoibríochta meaisínithe, trí aon cheann díobh seo a leanas:

a. Ríomh agus modhnú uathoibríoch sonraí páirtchláir le haghaidh meaisínithe in dhá cheann nó níos mó d'aiseanna trí bhíthin timthriallta tomhais agus rochtain ar shonraí foinseacha; nó

b. Rialú oiriúnaitheach ag a bhfuil níos mó ná athróg fhisiceach amháin arna tomhas agus arna próiseáil le samhail ríomhaireachta (straitéis) chun ceann amháin nó níos mó de na treoracha meaisínithe a athrú chun an próiseas a bharrfheabhsú; nó

3. An cumas sonraí DRC a fháil agus a phróiseáil chun treoracha meaisín a ullmhú go hinmheánach;

c. Meaisín-uirlisí ‘rialaithe uimhriúil’ ar féidir iad a fheistiú, de réir shonraíochtaí teicniúla an mhonaróra, le feistí leictreonacha chun comhrianú comhuaineach a rialú in dhá cheann nó níos mó d’aiseanna agus a bhfuil an dá shaintréith seo a leanas acu:

1. Dhá cheann d’aiseanna nó níos mó ná sin ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach don rialú comhrianaithe; agus

2. Cruinnis aimsithe suímh de réir ISO 230/2 (2006), agus gach cúiteamh ar fáil:

a. Níos fearr ná 15 μm ar feadh aon ais líneach (suí ar an iomlán) le haghaidh meaisíní meilte;

b. Níos fearr ná 15 μm ar feadh aon ais líneach (suí ar an iomlán) le haghaidh meaisíní muilleála; nó

c. Níos fearr ná 15 μm ar feadh aon ais líneach (suí ar an iomlán) le haghaidh meaisíní deilte; nó

d. Meaisín-uirlisí, mar a leanas, chun miotail, ceirmigh nó comhchodaigh a bhaint nó a ghearradh, ar féidir, de réir shonraíochtaí teicniúla an mhonaróra, feistí leictreonacha a fheistiú orthu le haghaidh comhrianú comhuaineach a rialú in dhá cheann nó níos mó d'aiseanna:

1. Meaisín-uirlisí deilte, meilte, muilleála nó aon chomhcheangal díobh sin, a bhfuil dhá cheann nó níos mó d'aiseanna acu ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach chun comhrianú a rialú agus ar fíor ina leith aon cheann de na saintréithe seo a leanas:

a. 'Fearsaid claoine' amháin nó níos mó ná sin;

Nóta: Ní bhaineann X.B.X.004.d.1.a. ach le meaisín-uirlisí meilte nó muilleála amháin.

b. 'Ceamáil' (díláithriú aise) in aon rothlú amháin den fhearsaid ar lú (níos fearr) é ná léamh táscaire iomlán (TIR) 0.0006 mm;

Nóta: Ní bhaineann X.B.X.004.d.1.b. ach le meaisín-uirlisí deilte amháin.

c. ‘Díláithriú gathach’ in aon rothlú amháin den fhearsaid ar lú (níos fearr) é ná léamh táscaire iomlán (TIR) 0.0006 mm; nó

d. Tá na ‘cruinnis aimsithe suímh’, agus gach cúiteamh atá ar fáil, níos lú (níos fearr) ná: 0,001° ar aon ais rothlach;

2. Meaisíní díluchtaithe leictreacha (EDM) den chineál fotha sreinge a bhfuil cúig ais nó níos mó acu ar féidir iad a chomhordú go comhuaineach le haghaidh rialú comhrianaithe.

X.B.X.005 Meaisín-uirlisí ‘nach rialaítear go huimhriúil’ le haghaidh dromchlaí ardchaighdeáin optúla a ghiniúint, (féach Liosta na nÍtimí Rialaithe) agus comhpháirteanna a dheartar go speisialta ina leith:

a. Meaisíní deilte lena n-úsáidtear uirlis gearrtha aonphointe agus ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

1. Tá cruinneas aimsithe suímh sleamhnáin acu ar lú (níos fearr) é ná 0.0005 mm in aghaidh gach 300 mm den taisteal;

2. Tá in-atrialltacht suímh sleamhnáin déthreoch acu ar lú (níos fearr) é ná 0,00025 mm in aghaidh gach 300 mm den taisteal;

3. Is lú (níos fearr) ‘díláithriú gathach’ agus ‘ceamáil’ na fearsaide ná 0,0004 mm (TIR);

4. Is lú (níos fearr) diall uilleach ghluaiseacht an tsleamhnaithe (luascáil, claonadh agus rolladh) ná 2 shoicind den stua, TIR, thar thaisteal iomlán; agus

5. Ingearacht sleamhnáin ar lú (níos fearr) é ná 0,001 mm in aghaidh gach 300 mm den taisteal;

Nóta Teicniúil:

Is éard atá in in-atrialltacht suímh sleamhnáin dhéthreoch (R) d’ais uasluach in-atrialltachta an tsuí ag aon suíomh ar feadh na haise nó timpeall na haise a chinntear trí úsáid a bhaint as an nós imeachta agus faoi na coinníollacha a shonraítear i gcuid 2.11 de ISO 230/2: 1988.

b. Meaisíní eangúcháin ar fíor ina leith na saintréithe uile seo a leanas:

1. Is lú (níos fearr) ‘íláithriú gathach’ agus ‘ceamáil’ na fearsaide acu ná 0,0004 mm TIR; agus

2. Is lú (níos fearr) diall uilleach ghluaiseacht an tsleamhnaithe (luascáil, claonadh agus rolladh) ná 2 shoicind den stua, TIR, thar thaisteal iomlán.

X.B.X.006 Meaisínre déanta agus/nó bailchríche giaranna nach rialaítear le 2B003 atá in ann giaranna a tháirgeadh go leibhéal cáilíochta ar fearr é ná AGMA 11.

X.B.X.007 Córais nó trealamh iniúchta nó tomhaiste toisí nach rialaítear le 2B006 ná 2B206, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí Rialaithe):

a. Meaisíní iniúchta toisí de láimh, ar fíor ina leith an dá shaintréith seo a leanas:

1. Tá dhá cheann nó níos mó d’aiseanna acu; agus

2. Neamhchinnteacht tomhais arb ionann í agus (3 + F/300) µm nó ar lú (níos fearr) ná sin í in aon ais (is é F an fad arna thomhas ina mm).

X.B.X.008 ‘Róbait’ nach rialaítear le 2B007 nó 2B207 a bhfuil ar a gcumas faisnéis aiseolais a úsáid i bpróiseáil fíor-ama ó bhraiteoir amháin nó níos mó chun ríomhchláir a ghiniúint nó a mhodhnú nó sonraí uimhriúla ríomhchlár a ghiniúint nó a mhodhnú.

X.B.X.009 Cóimeálacha, cláir chiorcad nó ionsáiteáin atá saindeartha do mheaisín-uirlisí a rialaítear le X.B.X.004, nó do threalamh a rialaítear le X.B.X.006, X.B.X.007 nó X.B.X.008:

a. Cóimeálacha fearsaidí arb é atá iontu fearsaidí agus imthacaí mar chóimeáil íosta, agus gluaisne aise ghathach (“díláithriú gathach”) nó aiseach (“ceamáil”) acu in aon rothlú amháin den fhearsaid ar lú (níos fearr) í ná léamh táscaire iomlán (TIR) 0,0006 mm;

b. Ionsáiteáin uirlisí gearrtha diamantphointe aonair, ar fíor ina leith gach ceann de na saintréithe a leanas:

1. Faobhar uirlise saor ó shlisíní agus gan cháim fiú agus é formhéadaithe 400 uair i ngach treo;

2. Ga gearrtha ó 0,1 go 5 mm go huile; agus

3. Is lú (níos fearr) ná 0,002 mm TIR an ga gearrtha ó thaobh mhíchruinneas an gha de.

c. Cláir ciorcad priontáilte a shaindeartar agus a bhfuil comhpháirteanna feistithe iontu a bhfuil ar a gcumas aonaid ‘rialaithe uimhriúil’, meaisín-uirlisí nó feistí aisfhotha a uasghrádú, de réir shonraíochtaí an mhonaróra, chuig na leibhéil a shonraítear in X.B.X.004, X.B.X.006, X.B.X.007, X.B.X.008, nó X.B.X.009.

Nóta Teicniúil:

Ní rialaítear leis an iontráil seo córais thrasnamhéadair tomhais, gan aisfhothú iata ná aisfhothú lúb oscailte, ina bhfuil léasar chun earráidí gluaisne sleamhnáin a thomhas i meaisín-uirlisí, i meaisíní iniúchta toisí, nó i dtrealamh comhchosúil.

X.B.X.010 Trealamh próiseála sonrach, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas (féach Liosta na nEarraí Rialaithe):

a. Preasanna iseastatacha, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821;

b. Trealamh monaraithe boilg, lena n-áirítear trealamh foirmithe hiodrálaigh agus díslí foirmithe boilg;

c. Meaisíní táthúcháin léasair;

d. Táthairí MIG;

e. Táthairí leictreonléis;

f. Trealamh Monal, lena n-áirítear comhlaí, píobánra, umair agus soithí;

g. 304 agus 316 chomhla cruach dosmálta, píobánra, umair agus soithí;

Nóta: Meastar gur cuid de phíobánra iad feistis chun críocha X.B.X.010.g.

h. Trealamh mianadóireachta agus druileála, mar a leanas:

1. Trealamh tollta mór atá in ann poill ar mó iad ná 61 cm ar trastomhas a dhruileáil;

2. Trealamh mór cré-ghluaiseachta a úsáidtear sa tionscal mianadóireachta;

i. Trealamh leictreaphlátála atá deartha chun páirteanna a bhratú le nicil nó alúmanam;

j. Caidéil atá deartha le haghaidh seirbhís thionsclaíoch agus lena n-úsáid le mótar leictreach de 5 each-chumhacht nó níos mó;

k. Comhlaí folúis, píobánra, feirí, gaiscéid agus trealamh gaolmhar a shaindeartar lena n-úsáid i seirbhís ardfholúis, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821;

l. Meaisíní foirmithe guairne agus sreafa, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821;

m. Meaisíní ilphlánacha lártheifeacha cothromaithe, cé is moite díobh sin a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821; nó

n. Pláta cruach dhosmálta ástainíteach, comhlaí, píobánra, umair agus soithí.

X.B.X.011 Cochaill eastarraingthe atá feistithe ar an urlár (de chineál siúil isteach) a bhfuil leithead ainmniúil íosta 2,5 méadar acu.

X.B.X.012 Caibinéid bithsháibháilteachta agus boscaí lámhainní d'Aicme II.

X.B.X.013 Lártheifneoirí baisce ag a bhfuil toilleadh rótair 4 lítear nó níos mó, atá inúsáidte le hábhair bhitheolaíocha.

X.B.X.014 Soithigh choipthe ag a bhfuil toirt inmheánach 10–20 lítear, atá inúsáidte le hábhair bhitheolaíocha.

X.B.X.015 Soithí imoibriúcháin, imoibreoirí, teasmhalartóirí, comhdhlúthadáin, caidéil (lena n-áirítear caidéil ar a bhfuil séala amháin), comhlaí, umair stórála, coimeádáin, glacadóirí, agus colúin driogtha nó ionsúcháin a chomhlíonann paraiméadair feidhmíochta an rialaithe 2B350[32], gan beann ar a n-ábhair tógála.

Nóta: Chun críoch rialú X.B.X.015, ní áirítear comhlaí pluiméireachta ná umair stórála a bhfuil toirt inmheánach (geoiméadrach) iomlán acu ar lú í ná 1 m^3 (1000 lítear) atá deartha le haghaidh uisce tí nó córais gáis.

X.B.X.016 Seomraí aeir ghlain ina bhfuil aershreabhadh traidisiúnta nó suaite agus aonaid aerála fhéinchuimsitheacha ag a bhfuil scagaire HEPA a fhéadfar a úsáid le haghaidh saoráidí srianta P3 nó P4 (BSL 3, BSL 4, L3, L4).

X.B.X.017 Caidéil folúis a bhfuil ráta sreafa sonraithe an mhonaróra acu ar mó é ná 1 m^3/h (faoi chúinsí caighdeánacha teochta agus brú), cásálacha (coirp chaidéil), líneálacha cásála réamhfhoirmithe, rótair, agus soic de chuid caidéal scairde atá deartha do na caidéil sin, ina bhfuil na dromchlaí uile a mbíonn teagmháil dhíreach acu leis na ceimiceáin atá á bpróiseáil déanta as ábhair rialaithe.

X.B.X.018 Trealamh saotharlainne, lena n-áirítear páirteanna agus gabhálais don trealamh sin, chun substaintí ceimiceacha a anailísiú nó a bhrath, ar bhealach scriosach nó neamhscriosach.

X.B.X.019 Cealla leictrealaithe clór-alcaile iomlána – mearcair, spiara, agus scannán.

[32] Tagairt: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

X.B.X.020 Leictreoidí tíotáiniam (lena n-áirítear leictreoidí le bratuithe a tháirgtear ó ocsaídí miotail eile), atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile.

X.B.X.021 Leictreoidí nicile (lena n-áirítear leictreoidí le bratuithe a tháirgtear ó ocsaídí miotail eile), atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile.

X.B.X.022 Leictreoidí nicile tíotáiniam dépholacha (lena n-áirítear leictreoidí le bratuithe a tháirgtear ó ocsaídí miotail eile), atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile.

X.B.X.023 Spiaraí aispeiste atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile.

X.B.X.024 Spiaraí bunaithe ar fhluarapholaiméirí atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile.

X.B.X.025 Scannáin ianmhalartaithe bunaithe ar fhluarapholaiméirí atá saindeartha lena n-úsáid i gcealla clór-alcaile.

X.B.X.026 Comhbhrúiteoirí atá saindeartha chun clóirín fliuch nó tirim a chomhbhrú, gan beann ar ábhar tógála.

X.B.X.027 Imoibreoirí micreathonnacha – Innealra, gléasra nó trealamh saotharlainne, bíodh sé téite go leictreach nó ná bíodh, le haghaidh cóireáil ábhar trí phróiseas lena mbaineann athrú teochta amhail téamh.

X.D.X.001 “Bogearraí” atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun trealamh a rialaítear le X.A.X.001 “a fhorbairt”, “a tháirgeadh” nó “a úsáid”.

X.D.X.002 “Bogearraí” atá “riachtanach” chun trealamh braite réad ceilte a rialaítear le X.A.X.002 “a fhorbairt”, “a tháirgeadh” nó “a úsáid”.

X.D.X.003 “Bogearraí” atá saindeartha le haghaidh trealamh a rialaítear le X.B.X.004, X.B.X.006, nó X.B.X.007, X.B.X.008, agus X.B.X.009 “a fhorbairt”, “a tháirgeadh” nó “a úsáid’.

X.D.X.004 ‘Bogearraí’ sonracha, mar a leanas (an Liosta Ítimí a Rialaítear):

a. “Bogearraí” chun rialú oiriúnaitheach a sholáthar agus ar fíor ina leith an dá thréith seo a leanas:

1. I gcás aonaid mhonaraíochta sholúbtha (FMUanna); agus

2. Tá ar a gcumas cláir nó sonraí a ghiniúint nó a mhodhnú, i bpróiseáil fíor-ama, trí úsáid a bhaint as na comharthaí a fhaightear go comhuaineach trí bhíthin dhá theicníc braite ar a laghad, amhail:

a. Fís an mheaisín (raonáil optúil);

b. Íomháú infridhearg;

c. Íomháú fuaimiúil (raonáil fuaimiúil);

d. Tomhas tadhlach;

e. Suí támhúil;

f. Tomhas fórsa; agus

g. Tomhas casmhóiminte.

Nóta: Ní rialaítear le X.D.X.004.a 'bogearraí' nach ndéanann ach athsceidealú ar threalamh lena mbaineann feidhm chomhionann laistigh d'aonaid mhonaraíochta sholúbtha trí pháirtchláir réamhstóráilte agus straitéis réamhstóráilte a úsáid le haghaidh na páirtchláir a dháileadh.

b. Ní úsáidtear.

X.D.X.005 “Bogearraí” atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun trealamh a rialaítear le X.A.X.004 nó X.A.X.005 “a fhorbairt”, “a tháirgeadh” nó “a úsáid’.

Nóta: Féach 2E001 (‘forbairt’) maidir le ‘teicneolaíocht’ maidir le ‘bogearraí’ a rialaítear faoin iontráil seo.

X.D.X.006 “Bogearraí” atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun gineadóirí leictreacha iniompartha a rialaítear le X.A.X.006 “a fhorbairt”, “a tháirgeadh” nó “a úsáid’.

X.E.X.001 “Teicneolaíocht” atá “riachtanach” chun trealamh atá rialaithe ag X.A.X.002 “a fhorbairt”, “a tháirgeadh” nó “a úsáid’ nó atá “riachtanach” chun “bogearraí” a rialaítear le X.D.X.002 “a fhorbairt”.

Nóta: Féach X.A.X.002 agus X.D.X.002 maidir le rialuithe gaolmhara tráchtearraí agus ‘bogearraí’.

X.E.X.002 “Teicneolaíocht” chun trealamh a rialaítear le X.B.X.004, X.B.X.006, X.B.X.007, nó X.B.X.008 a “úsáid’.

X.E.X.003 “Teicneolaíocht” de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht chun trealamh a rialaítear le X.A.X.004 nó X.A.X.005 “a úsáid’.

X.E.X.004 “Teicneolaíocht” chun gineadóirí leictreacha iniompartha a rialaítear le X.A.X.006 a “úsáid’.

Cuid B

1. Gairis leathsheoltóra

Cód AC	Tuairisc
8541 10	Dé-óidí, seachas dé-óidí fótamhothálacha nó dé-óidí astaithe solais (LED)
8541 21	Trasraitheoirí, seachas trasraitheoirí fótamhothálacha ag a bhfuil ráta ídithe is lú ná 1 W
8541 29	Trasraitheoirí eile, seachas trasraitheoirí fótamhothálacha
8541 30	Tíreastóirí, DIACanna agus TRIACanna (seachas gairis leathsheoltóra fhótamhothálacha)
8541 49	Gléasanna leathsheoltóra fótamhothálacha (seachas gineadóirí agus cealla fótavoltacha)
8541 51	Gairis leathsheoltóra eile: Trasduchtóirí bunaithe ar leathsheoltóir
8541 59	Gairis leathsheoltóra eile
8541 60	Criostail phísileictreacha shuite
8541 90	Gairis leathsheoltóra: Páirteanna

2. Ciorcaid leictreonacha iomlánaithe, trealamh monaraíochta agus tástála

Cód AC	Tuairisc
3818 00	Dúile ceimiceacha dópáilte lena n-úsáid i leictreonaic, i bhfoirm dioscaí, nó sliseog nó i bhfoirmeacha comhchosúla; comhdhúile ceimiceacha dópáilte lena n-úsáid i leictreonaic
8486 10	Meaisíní agus gléasra le haghaidh peileanna nó sliseoga a dhéanamh
8486 20	Meaisíní agus gléasra le haghaidh gairis leathsheoltóirí nó ciorcaid leictreonacha chomhtháite a dhéanamh
8486 40	Meaisíní agus gléasra a shonraítear i nóta 11(C) a ghabhann leis an gCaibidil seo
8534 00	Ciorcaid phriontáilte
8537 10	Cláir, painéil, consóil, deasca, caibinéid agus boinn eile, atá feistithe le dhá ghaireas nó níos mó atá faoi cheannteideal 8535 nó 8536, le haghaidh rialú leictreach nó dáileadh leictreachais, iad siúd a bhfuil uirlisí nó gairis faoi Chaibidil 90 mar chuid díobh san áireamh, agus gairis rialaithe uimhriúil, seachas gairis lasctha faoi cheannteideal 8517 le haghaidh voltas nach mó ná 1 000 V
8542 31	Próiseálaithe agus rialaitheoirí, bídís comhcheangailte le cuimhní, tiontairí, ciorcaid loighce, aimplitheoirí, ciorcaid chloig agus tomhais ama, nó ciorcaid eile nó ná bídís
8542 32	Cuimhní
8542 33	Aimplitheoirí
8542 39	Ciorcaid Leictreonacha Iomlánaithe Eile
8542 90	Ciorcaid leictreonacha iomlánaithe: Páirteanna
8543 20	Gineadóirí comharthaí
9027 50	Uirlisí agus gléasra eile ina bhfuil radaíocht optúil (UV, infheicthe, IR) in úsáid iontu)
9030 20	Ascalascóip agus ascalagraif
9030 32	Ilmhéadair ina bhfuil gaireas taifeadta
9030 39	Ionstraimí agus gaireas chun voltas, sruth, friotaíocht nó cumhacht leictreach a thomhas nó a sheiceáil ina bhfuil gaireas taifeadta
9030 82	Ionstraimí agus gléasra chun sliseoga nó gairis leathsheoltóra a thomhas nó a sheiceáil

3. Ceamaraí fótagrafacha, braiteoirí agus comhpháirteanna optúla

Cód AC	Tuairisc
8525 89	Ceamaraí teilifíse, ceamaraí digiteacha agus fístaifeadáin cheamara eile
8529 90	Páirteanna eile atá oiriúnach le húsáid leis an ngléasra atá faoi cheannteidil 8524 go dtí 8528
9006 30	Ceamaraí atá deartha go speisialta le húsáid faoin uisce, le haghaidh aershuirbhéireachta nó le haghaidh scrúdú máinliachta nó míochaine orgán inmheánach; ceamaraí comparáideacha chun críoch fóiréinseach nó coireolaíochta
9006 91	Páirteanna agus gabhálais do cheamaraí
9013 10	Treoracha teileascóip le feistiú ar ghéaga; peireascóip; teileascóip arna ndearadh mar chuid d'innill, fearais, ionstraimí nó gaireas den Chaibidil seo nó de Roinn XVI
9013 80	Gairis, fearais agus uirlisí optúla eile
9025 19	Teirmiméadair agus piriméadair eile nach bhfuil comhcheangailte le huirlisí eile
9032 10	Teirmeastait

4. Comhpháirteanna leictreacha/maighnéadacha eile

Cód AC	Tuairisc
8501 32	Mótair SD agus gineadóirí SD ar mó a n-aschur ná 750 W ach nach mó a n-aschur ná 75 kW (gan gineadóirí fótavoltacha a áireamh)
8504 31	Claochladáin a bhfuil acmhainn láimhseála cumhachta iontu nach mó ná 1 kVA (gan claochladáin thréleictreacha leachta a áireamh)
8504 40	Tiontairí statacha
8505 11	Buanmhaighnéid agus earraí ceaptha le bheith ina mbuanmhaighnéid tar éis iad a mhaighnéadú; de mhiotal
8529 10	Aeróga agus frithchaiteoirí aeróige de gach cineál; páirteanna atá oiriúnach le húsáid leo
8532 21	Toilleoirí seasta eile tantalaim
8532 22	Toilleoirí leictreacha seasta leictrealaíocha alúmanaim (gan toilleoirí cumhachta a áireamh)
8532 24	Toilleoirí ilsraitheacha tréleictreacha ceirmeacha
8533 21	Friotóirí leictreacha seasta le haghaidh toilleadh láimhseála cumhachta nach mó ná 20 W (gan friotóirí téimh, agus friotóirí seasta carbóin a áireamh)
8533 40	Friotóirí inathraithe leictreacha, lena n-áirítear réastait agus poitéinsiméadair (gan friotóirí inathraithe sreangthochraiste agus friotóirí téimh a áireamh)
8536 41	Athsheachadáin, le haghaidh voltas nach mó ná 60 V
8536 49	Athsheachadáin le haghaidh voltas is mó ná 60 V ach nach mó ná 1000 V
8536 50	Lasca eile
8536 69	Plocóidí agus soicéid
8536 90	Gléasra eile le haghaidh ciorcaid leictreonacha a lascadh nó a chosaint, nó le haghaidh naisc a dhéanamh le ciorcaid leictreacha nó laistigh díobh (mar shampla, lasca, athsheachadáin, fiúsanna, coscaire tintrí, plocóidí, soicéid, coinneálaithe lampa agus nascóirí eile, comhchumair), le haghaidh voltas nach mó ná 1 000 V; nascóirí le haghaidh snáithíní optúla, cuacha snáithíní optúla nó cáblaí

8543 70 02	Aimplitheoirí micreathonnacha
8543 70 04	Taifeadáin sonraí eitilte dhigiteacha
8543 70 30	Aimplitheoirí aeróige
8548 00	Páirteanna leictreacha d'innealra nó de ghléasra, nach bhfuil sonraithe ná áirithe aon áit eile i gCaibidil 85

5. Meaisín-uirlisí, trealamh chun breiseáin a mhonarú, agus nithe gaolmhara

Cód AC	Tuairisc
8205 59 80	Uirlisí láimhe, lena n-áirítear diamaint na ngloineadóirí, gan uirlisí tí a áireamh, agus uirlisí saor cloch, uirlisí múnlóirí agus oibrithe stroighne, uirlisí pláistéirí agus péintéirí
8456 11	Meaisín-uirlisí chun aon ábhar a shaoirsiú trí ábhar a bhaint, a oibrítear le léasair
8457 10	Ionaid meaisínithe chun miotal a oibriú
8458 11	Deileanna cothrománacha, lena n-áirítear ionaid deileadóireachta, le miotal a bhaint, arna rialú go huimhriúil
8458 91	Deileanna cothrománacha, lena n-áirítear ionaid deileadóireachta, le miotal a bhaint, arna rialú go huimhriúil
8459 61	Meaisíní muilleála le haghaidh miotal, arna rialú go huimhriúil (gan deileanna agus ionaid deileadóireachta faoi cheannteideal 8458, meaisíní ceannaonaid den chineál a bhíonn ar shleamhnáin, meaisíní druileála, meaisíní tollta agus muilleála, meaisíní tollta, agus meaisíní muilleála de chineál na glúine, a áireamh)
8466 10	Coinneálaithe uirlise d'aon chineál uirlise le haghaidh oibriú i ngreim láimhe agus do mheaisín-uirlisí; cinn dísle féinoscailte
8466 93	Páirteanna agus gabhálais atá oiriúnach le húsáid leis na meaisíní faoi cheannteidil 8456 go 8461 amháin nó go príomha, nach bhfuil sonraithe in aon áit eile.
8485 20	Meaisíní le haghaidh monarú breiseán trí phlaistigh nó rubar a leagan síos
8485 30	Meaisíní le haghaidh monarú breiseán trí phlástar, stroighin, ceirmigh nó gloine a leagan síos
8485 90	Páirteanna meaisíní le haghaidh monarú breiseán

6. Ábhair agus réamhtheachtaithe fuinneamhachais

Cód AC	Tuairisc
2829 90	Sárchlóráití; brómáití agus sárbhrómáití; iadáití agus sáriadáití
4706 10	Laíon snáithíní a fhaightear ó pháipéar slánaithe nó páipéarchlár slánaithe (atá déanta as dramhaíl agus fuíoll) nó laíon atá déanta as ábhair eile de cheallalóis snáithíneach: Laíon atá déanta as lintir cadáis

7. Gairis, modúil agus cóimeálacha leictreonacha

Cód AC	Tuairisc
8471 50	Aonaid phróiseála eile seachas na haonaid atá faoi cheannteideal 8471 41 nó 8471 49, bíodh ceann amháin nó péire de na cineálacha aonaid seo a leanas sa chásáil chéanna nó ná bíodh: aonaid stórála, aonaid ionchuir, aonaid aschuir
8471 70 98	Aonaid stórála eile
8471 80	Aonaid le haghaidh meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha (seachas aonaid phróiseála, aonaid ionchuir nó aschuir agus aonaid stórála)
8517 62	Meaisíní le haghaidh guth, íomhánna nó sonraí eile a fháil, a thiontú agus a tharchur nó a athchruthú, lena n-áirítear gléasra lasctha agus ródaithe
8517 69	Gléasra eile le haghaidh guth, íomhánna nó sonraí eile a tharchur nó a ghlacadh, lena n-áirítear gléasra le haghaidh cumarsáide i líonra le sreang nó gan sreang
8517 79	Páirteanna eile de ghléasanna teileafóin, teileafóin le haghaidh líonraí ceallacha nó le haghaidh líonraí eile gan sreang agus de ghléasra eile le haghaidh guth, íomhánna nó sonraí eile a tharchur nó a ghlacadh, gan aeróga ná frithchaiteoirí aeróige de gach cineál agus a bpáirteanna a áireamh
8526 91	Gléasra loingseoireachta le cúnamh raidió
9014 20	Uirlisí agus fearais le haghaidh aerloingseoireachta nó loingseoireacht spáis (seachas compáis)
9014 80	Ionstraimí agus fearais loingseoireachta eile

8. Ceimiceáin, miotail, cóimhiotail, cumaisc agus ábhair shárfhorbartha eile

Cód AC	Tuairisc
8112 41	Réiniam neamhshaoirsithe agus fuíoll, dramhaíl agus púdair réiniam
8112 49	Réiniam, seachas réiniam neamhshaoirsithe, fuíoll, dramhaíl agus púdair

9. Páirteanna, cóimeálacha agus comhpháirteanna innealra

Cód AC	Tuairisc
8482 10	Imthacaí gránacha
8482 20	Imthacaí rollacha barrchaolaithe, lena n-áirítear cóimeálacha cónrollóirí agus rollóirí barrchaolaithe
8482 30	Imthacaí rollacha sféaracha
8482 50	Imthacaí sorcóireacha rollacha eile, lena n-áirítear cóimeálacha cáis agus rollóirí

10 Ilghnéitheach

Cód AC	Tuairisc
8807 30	Páirteanna eile d’eitleáin, héileacaptair agus aerárthaí gan foireann

,

(2) Cuirtear Iarscríbhinn Vba leis:

‘IARSCRÍBHINN Vba

liosta na dtíortha dá dtagraítear
in Airteagail 8g(1) agus 8g(2)

AN IORUA

AN EILVÉIS’.

STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ

AN tSEAPÁIN

AN RÍOCHT AONTAITHE

AN CHÓIRÉ THEAS

AN ASTRÁIL

CEANADA

AN NUA-SHÉALAINN

LICHTENSTEIN

AN ÍOSLAINN’;

(3) I liosta an innealra a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV, cuirtear na focail:

‘Lampaí filiméid nó lampaí díluchtaithe leictreacha, lena n-áirítear aonaid lampa léisséalaithe agus lampaí ultraivialait nó infridhearga; stua-lampaí; foinsí solais dé-óidí astaithe solais (LED); páirteanna díobh’

in ionad na bhfocal:

‘Lampaí filiméid nó lampaí díluchtaithe leictreacha, lena n-áirítear aonaid lampa léisséalaithe agus lampaí ultraivialait nó infridhearga; stua-lampaí; páirteanna díobh’;

(4) cuirtear an méid seo a leanas le hIarscríbhinn Vc:

‘C. Samhail d’fhógra díola, soláthair nó aistrithe, d’fhoirmeacha iarratais agus údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 8da(1) den Rialachán seo)

Tá an t-údarú onnmhairiúcháin seo bailí i ngach Ballstát san Aontas Eorpach go dtí a dháta éaga.

AN tAONTAS EORPACH

ÚDARÚ / FÓGRA ONNMHAIRIÚCHÁIN
(Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle)

<table>
<tr><td colspan="5">Fógra de bhun Airteagal 8da(1)</td></tr>
<tr><td rowspan="2">1</td><td rowspan="2">1.
Onnmhaireoir</td><td>2. Uimhreacha Aitheantais</td><td colspan="2">3. Dáta éaga (más infheidhme)</td></tr>
<tr><td colspan="3">4. Mionsonraí maidir leis an bpointe teagmhála</td></tr>
<tr><td rowspan="6"></td><td>5. Coinsíní</td><td colspan="3" rowspan="2">6. An t-údarás eisiúna</td></tr>
<tr><td rowspan="3">7. Gníomhaire/Ionadaí (más éagsúil leis an onnmhaireoir)</td></tr>
<tr><td>8. Tír an choinsínithe</td><td>Cód[33]</td></tr>
<tr><td rowspan="3">9. Úsáideoir deiridh (más éagsúil leis an gcoinsíní)</td><td>10. An Ballstát ina bhfuil nó ina mbeidh na hítimí</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td>11. An Ballstát ina mbeartaítear dul i mbun an nós imeachta onnmhairiúcháin custaim</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td>1</td><td>12. Tír cinn scríbe</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td></td><td>Deimhnigh gur úsáideoir neamh-mhíleata é an t-úsáideoir deiridh</td><td>Is ea/Ní hea</td></tr>
</table>

[33] Féach Rialachán (CE) Uimh. 1172/95 (IO L 118, 25.5.1995, lch. 10).

<table>
<tr><td rowspan="6"></td><td colspan="3" rowspan="3">13. Tuairisc ar na hítimí[34]</td><td colspan="2">14. An tír thionscnaimh</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td colspan="2">15. Cód an Chórais Chomhchuibhithe nó Cód na hAinmníochta Comhcheangailte (más infheidhme cód 8 ndigit; uimhir CAS, má</td><td>16. An uimhir ar an liosta rialaithe (i gcás ítimí liostaithe)</td></tr>
<tr><td colspan="2">17. Airgeadra agus Luach</td><td>18. Cainníocht na n-ítimí</td></tr>
<tr><td>19. Úsáid deiridh</td><td>Deimhnigh gur úsáid neamh-mhíleata í an úsáid deiridh</td><td>Is ea/Ní hea</td><td>20. Dáta an chonartha (más infheidhme)</td><td colspan="2">21. Nós imeachta allmhairithe custaim</td></tr>
<tr><td colspan="6">22. Faisnéis bhreise:</td></tr>
<tr><td colspan="6">Ar fáil d’fhaisnéis réamhphriontáilte
De rogha na mBallstát</td></tr>
<tr><td colspan="3"></td><td colspan="3">Le comhlánú ag an údarás eisiúna
Síniú
Údarás Eisiúna
Stampa</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td colspan="3">Dáta</td></tr>
</table>

[34] Más gá, féadfar an tuairisc seo a thabhairt i gceangaltán amháin nó níos mó leis an bhfoirm seo (1bis). Sa chás sin, cuir in iúl líon beacht na gceangaltán sa bhosca seo. Ba cheart go mbeadh an tuairisc chomh cruinn agus is féidir agus, i gcás inarb ábhartha, go ndéanfaí CAS nó tagairtí eile d’ítimí ceimiceacha a ionchorprú ann go háirithe.

AN tAONTAS EORPACH (Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle)

1 **Arís**	1. Onnmhaireoir	2. Uimhreacha Aitheantais	
	13. Tuairisc ar na hítimí	**14. An tír thionscnaimh**	**Cód**
		15. Cód an tráchtearra (más infheidhme cód 8 ndigit; uimhir CAS, má tá sí ar fáil)	16. An uimhir ar an liosta rialaithe (i gcás ítimí liostaithe)
		17. Airgeadra agus Luach	18. Cainníocht na n-ítimí
	13. Tuairisc ar na hítimí	**14. An tír thionscnaimh**	**Cód**
		15. Cód an tráchtearra (más infheidhme cód 8 ndigit; uimhir CAS, má tá sí ar fáil)	16. An uimhir ar an liosta rialaithe (i gcás ítimí liostaithe)
		17. Airgeadra agus Luach	18. Cainníocht na n-ítimí
	13. Tuairisc ar na hítimí	**14. An tír thionscnaimh**	**Cód**
		15. Cód an tráchtearra	16. An uimhir ar an liosta rialaithe
		17. Airgeadra agus luach	18. Cainníocht na n-ítimí
	13. Tuairisc ar na hítimí	**14. An tír thionscnaimh**	**Cód**
		15. Cód an tráchtearra	16. An uimhir ar an liosta
		17. Airgeadra agus luach	18. Cainníocht na n-ítimí
	13. Tuairisc ar na hítimí	**14. An tír thionscnaimh**	**Cód**
		15. Cód an tráchtearra	16. An uimhir ar an liosta
		17. Airgeadra agus luach	18. Cainníocht na n-ítimí
	13. Tuairisc ar na hítimí	**14. An tír thionscnaimh**	**Cód**
		15. Cód an tráchtearra	16. An uimhir ar an liosta
		17. Airgeadra agus luach	18. Cainníocht na n-ítimí

Nóta: I gcuid 1 de cholún 24, sonraigh an chainníocht atá fós ar fáil, agus i gcuid 2 de cholún 24, sonraigh an chainníocht a asbhaineadh an uair seo.			
23. An glanmhéid/glanluach (an ghlanmhais/aonad eile agus an t-aonad á léiriú)		26. Doiciméad custaim (Cineál agus uimhir) nó sliocht (Uimhir) agus dáta na hasbhainte	27. An Ballstát, ainm agus síniú, stampa na hasbhainte
24. In uimhreacha	25. I bhfocail le haghaidh na cainníochta /an luacha a asbhaineadh		
1.			
2.			
1.			
2.			
1.			
2.			
1.			
2.			
1.			
2.			
1.			
2.			

’.

(5) cuirtear isteach an Iarscríbhinn seo a leanas:

‘IARSCRÍBHINN XIVa

LIOSTA EARRAÍ AGUS TEICNEOLAÍOCHTA DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1S(1A) MAIDIR LEIS AN TOIRMEASC AR IDIRTHURAS TRÍD AN MBEALARÚIS

Cód AC	Tuairisc
8407 10	Innill loiní dócháin inmheánaigh, fhrithingeacha spréachadhainte nó rothlacha le haghaidh aerárthaí
8409 10	Páirteanna atá oiriúnach le húsáid le hinnill loiní dócháin inmheánaigh le haghaidh aerárthaí amháin nó leis na hinnill sin go príomha
8409 99	Páirteanna atá oiriúnach le húsáid le hinnill loiní dócháin inmheánaigh adhainte comhbhrú (inneall díosail nó leathdhíosail), nach bhfuil sonraithe in aon áit eile.
8412 21	Innill agus mótair den chumhacht hiodrálach, (sorcóirí) a oibríonn go líneach
8413 50	caidéil fhrithingeacha dearbh-dhíláithriúcháin i gcomhar leachtanna, cumhacht-thiomáinte, nach bhfuil sonraithe in aon áit eile
8421 23	Scagairí ola nó peitril i gcomhair innill dócháin inmheánaigh
8421 31	Scagairí aeir intógála i gcomhair innill dócháin inmheánaigh
8428 39	Ardaitheoirí agus iompróirí buan-aicsin eile le haghaidh earraí nó ábhar (seachas iad siúd atá lena n-úsáid faoi thalamh agus cineálacha buicéad, creasa iompair nó neomatacha)
8429 59	Sluaistí, tochaltóirí agus lódairí sluaisteacha meicniúla féinghluaiste (seachas innealra ag a bhfuil forstruchtúr rothlach 360 ° agus lódairí sluaisteacha tosaigh)
8431 39	Páirteanna atá oiriúnach le húsáid leis an innealra faoi cheannteideal 8428 amháin nó go príomha, (seachas páirteanna d’ardaitheoirí, de chrocha scipe ná de staighrí creasa) nach bhfuil sonraithe in aon áit eile
8471 30	Meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha iniompartha, a bhfuil meáchan nach mó ná 10 kg iontu, ina bhfuil ar a laghad láraonad próiseála, méarchlár agus ball taispeána
8471 70	Aonaid stórála le haghaidh meaisíní próiseála sonraí uathoibríocha
8481 20	Comhlaí le haghaidh tarchuir ola-hiodrálacha nó neomatacha
8502 20	Foirne ginte ina bhfuil innill loine dócháin inmheánaigh lena mbaineann spréach-adhaint
8507 10	Taisc-cheallraí luaidhe-aigéadacha de chineál a úsáidtear chun innill loiní a thosú

’

(6) cuirtear na hIarscríbhinní seo a leanas leis:

‘IARSCRÍBHINN XVIII

Liosta na nEarraí agus na teicneolaíochta a d’fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú acmhainneachtaí tionsclaíocha na Bealarúise dá dtagraítear in Airteagal 1bb

Cód AC	Tuairisc
0601	Bleibíní, tiúbair, meacain, cormáin, corónacha agus riosóim shuanacha nó iad ag fás nó faoi bhláth; plandaí siocaire agus fréamhacha seachas fréamhacha faoi cheannteideal 1212:
0602 30	Ródaideandróin agus asáilianna, bídís beangaithe nó ná bídís
0602 40	Rósanna, bídís beangaithe nó ná bídís
0602 90	Plandaí beo eile (lena n-áirítear a bhfréamhacha), beangáin agus slapair; pór beacán - Eile
0604 20	Duilliúir, craobhacha agus codanna eile de phlandaí, gan bhláthanna nó bachlóga bláthanna, agus féara, caonaigh agus léicin atá ina n-earraí de shaghas atá oiriúnach do chrobhaingí nó chun críoch ornáideacha, iad úr, triomaithe, daite, tuartha, tuilte nó ar shlí eile ullmhaithe – Úr
2508	Créanna, andalúisít, ciainít agus silliminít, bídís cailcínithe nó ná bídís; muilít; chamotte nó créanna dinas (seachas cré chamotte agus créanna cailinneacha, agus cré leathnaithe)
2509	Cailc
2512	Min shiliciúil iontaise (mar shampla, kieselguhr, tripilít agus diatóimít) agus ithreacha siliciúla comhchosúla, bídís cailcínithe nó ná bídís, ar 1 nó níos lú a sainmheáchan dealraitheach
2515	Marmar, trabhairtín, ecaussine agus cloch chailcreach eile i gcomhair leacht cuimhne nó tógála ar ≥ 2.5, a sainmheáchan dealraitheach, agus albastar, bídís bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína ngearradh ar bhealach eile, ina mbloic nó ina leaca i bhfoirm cearnógach nó dronuilleogach
2518 20	Dolaimít chailcínithe nó shintéaraithe
2519 10	Carbónáit mhaignéisiam nádúrtha (maignéisít)
2520 10	Gipseam; ainhidrít

Cód AC	Tuairisc
2521	Flosc aolchloiche; aolchloch agus cloch chailcreach eile, de chineál a úsáidtear chun aol nó stroighin a mhonarú
2522	Aol beo, aol teilgthe agus aol hiodrálach, seachas ocsaíd chailciam agus hiodrocsaíd faoi cheannteideal 2825
2525	Míoca, bíodh sé scoilte ina leatháin nó ina scealpaí nó ná bíodh; dramhaíl mhíoca
2526	Stéitít nádúrtha, bíodh sí bearrtha go garbh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína gearradh ar bhealach eile, ina bloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach); talc
2530 20	Cíosairít, eapsaimít (sulfáití maignéisiam nádúrtha)
2602	Mianta mangainéise
2701	Gual; brícíní, ubhchruthóidigh agus breoslaí soladacha comhchosúla a mhonaraítear as gual
2702	Lignít, bíodh sí ceirtleánaithe nó ná bíodh, cé is moite de ghaing
2703	Móin (lena n-áirítear easair mhóna) bíodh sí ceirtleánaithe nó ná bíodh
2704	Cóc agus leathchóc guail, ligníte nó móna, bídís ceirtleánaithe nó ná bídís; carbón freangáin
2707 30	Xileol (xiléiní)
2708	Pic agus cóc pice, a fhaightear ó tharra guail nó ó tharraí mianracha eile
2710	Olaí peitriliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha (seachas cinn amha); ullmhóidí ina bhfuil ≥ 70 % de réir meáchain olaí peitriliam nó olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha, agus inarb iad na holaí sin bun-chomhábhair na n-ullmhóidí, nach bhfuil sonraithe in áit eile; olaí dramhaíola ina gcuimsítear peitriliam nó mianraí biotúmanacha go príomha
2712	Glóthach pheitriliam, céir phairifín, céir pheitriliam mhicricriostalta, céir ola, ózaiceirít, céir ligníte, céir mhóna, céaracha mianraí eile, agus táirgí comhchosúla a fhaightear trí shintéis nó trí phróisis eile, bídís daite nó ná bídís
2715	Maisteoga biotúmanacha, ciorruithe agus meascáin bhiotúmanacha eile atá bunaithe ar asfalt nádúrtha, ar bhiotúman nádúrtha, ar bhiotúman peitriliam, ar tharra mianrach nó ar phic tarra mhianrach - Eile
Ex 2804	Hidrigin agus neamh-mhiotail eile (seachas tearcgháis)
2806	Clóiríd hidrigine ‘aigéad hidreaclórach’; aigéad clórasulfarach

Cód AC	Tuairisc
2811	Aigéid neamhorgánacha eile agus comhdhúile ocsaigine neamhorgánacha de neamh-mhiotail
2813	Suilfídí de neamh-mhiotail; tríshuilfíd fosfair thráchtála
2814	Amóinia, í ainhidriúil nó i dtuaslagán uiscí
2815	Hiodrocsaíd sóidiam ‘sóid loiscneach’; hiodrocsaíd photaisiam ‘potais loiscneach’; sárocsaídí sóidiam nó potaisiam
2818 30	Hiodrocsaíd Alúmanaim
2819	Ocsaídí agus hiodrocsaídí cróimiam
2820	Ocsaídí mangainéise
2825	Hiodraisín agus hiodrocsalaimín agus a gcuid salann neamhorgánach; bunanna neamhorgánacha, ocsaídí, hiodrocsaídí agus sárocsaídí de mhiotal nach bhfuil sonraithe in aon áit eile
2827	Clóráití agus sárchlóráití; brómáití agus sárbhrómáití; iadáití agus sáriadáití
2828	Hipeachlóirítí; hipeachlóirít chalciam tráchtála; clóirítí; hipeabhróimítí
2829	Clóráití agus sárchlóráití; brómáití agus sárbhrómáití; iadáití agus sáriadáití
2832 20	Suilfítí (seachas sóidiam)
2833	Sulfáití; alúim; sárocsasulfáití ‘sárshulfáití’
2834 10	Nítrítí
2836	Carbónáití; sárocsacarbónáití ‘sárcharbónáití’; carbónáit amóiniam tráchtála ina bhfuil carbamáit amóiniam
2839	Sileacáití; sileacáití miotail alcaile tráchtála
2840 30	Sárocsabóráití (sárbhóráití)
2841	Salainn as aigéad ocsaimiotalach nó sárocsaimiotalach
2843	Miotail chollóideacha lómhara; comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha as miotail lómhara, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bídís; malgaim as miotail lómhara
2846	Comhdhúile neamhorgánacha nó orgánacha as miotail tearc-chré, as itriam nó as scaindiam nó as meascáin de na miotail sin

Cód AC	Tuairisc
2847	Sárocsaíd hidrigine, bíodh sí soladaithe le húiré nó ná bíodh
2901	Hidreacarbóin neamhchioglacha
2902	Hidreacarbóin chioglacha
2903	Díorthaigh halaiginithe hidreacarbón
2904	Díorthaigh shulfónaithe, níotráitithe nó níotrasaithe de hidreacarbóin, bídís halaiginithe nó ná bídís
2905	Alcóil neamhchioglacha agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2906	Alcóil chioglacha agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2907	Feanóil; feanól-alcóil
2909	Éitir, éitearalcóil, éitear-fheanóil, éitearalcól-fheanóil, sárocsaídí alcóil, sárocsaíd éitir, sárocsaídí céatóin (bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bídís), agus a gcuid díorthach halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2910	Eapocsaídí, eapocsa-alcóil, eapocsaifeanóil agus eapocsai-éitir, ag a bhfuil fáinne tríbhallach, agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2911	Aicéatail agus leathaicéatail, bíodh feidhm ocsaigine eile acu nó ná bíodh, agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2912	Aildéid, bíodh feidhm ocsaigine acu nó ná bíodh; polaiméirí cioglacha d'aildéid; paraformaildéad
2914	Céatóin agus cuineoin, bíodh feidhm ocsaigine eile acu nó ná bíodh, agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2915	Aigéid mhonacarbocsaileacha neamhchioglacha sháithithe agus a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2916	Aigéid mhonacarbocsaileacha neamhchioglacha neamhsháithithe, aigéid mhonacarbocsaileacha chioglacha, a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2917	Aigéid pholacarbocsaileacha, a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe

Cód AC	Tuairisc
